
# An Stiúrthóireacht Náisiúnta um Dóiteáin agus Bainistíocht Éigeandála

# Peobail A Choinneáil Sábháilte –

## Creat Don tSábháil Teacht Ó Dhóiteán in éirinn








# CONTENTS


| | | |
|---|---|---|
| Réamhrá | | 3 |
| Achoimre Fheidhmeach agus Faisnéis Achoimre faoi Sheirbhísí Dóiteáin in Éirinn | | 5 |
| 1. | Réamhrá | 9 |
| 2. | An Cur Chuige i leith Rioscaí a Bhainistiú | 14 |
| 3. | Struchtúir chun Seirbhísí Éifeachtacha a Sheachadadh | 20 |
| 4. | Róil do Sheirbhísí Dóiteáin | 31 |
| 5. | Tosaíochtaí agus Targaidí | 41 |
| 6. | An tSábháilteacht ó Dhóiteán | 45 |
| 7. | Freagairt na Seirbhíse Dóiteáin | 51 |
| 8. | Eachtraí ar Scála Mór, Obair idir Gníomhaireachtaí agus Éigeandálaí Móra a Bhainistiú | 66 |
| 9. | Cáilíocht a Dhearbhú agus Feidhmíocht a Thuairisciú | 73 |
| 10. | An t-Athrú a Sheachadadh – an Próiseas lena Chur i nGníomh | 82 |

**Aguisíní** **87**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Aguisín A | – | Cineálacha Eachtraí agus Freastail Réamhchinnte Ghaolmhara | 91 |
| Aguisín B | – | Caighdeáin Náisiúnta agus Treoircháipéisí | 100 |
| Aguisín C | – | Treoir maidir le Rioscaí Limistéir a Chatagóiriú | 104 |
| Aguisín D | – | Cáipéisí Cúlra / Tagartha | 110 |
| Aguisín E | – | Sainmhínithe, Téarmeolaíocht agus Giorrúcháin | 113 |

# Réamhrá

Léirítear le teideal na cáipéise seo, "Pobail a Choinneáil Sábháilte", cuspóir ríthábhachtach na seirbhísí dóiteáin in Éirinn agus iad i mbun a gcuid oibre lenár saoránaigh, ár mbonneagar agus ár maoin a chosaint ar chontúirt an dóiteáin. Cosúil le gach seirbhís phoiblí, ní mór do sheirbhísí dóiteáin a chinntiú agus a bheith in ann a léiriú go mbíonn seirbhísí cost-éifeachtacha comhsheasmhacha ardchaighdeáin á seachadadh acu, lena laghdaítear méid an damáiste agus líon na ndaoine a chailltear agus a ghortaítear de bharr dóiteáin agus lena gcosnaítear daoine agus iad i mbun ghnó laethúil a mbeatha.


Is í seo an chéad cháipéis mhór mhionsonraithe a rinneadh le blianta fada maidir le beartais don réimse ríthábhachtach seo. Leis an tionscnamh fadréimseach seo, déantar léirmheas ar an méid a chuireann gníomhaíochtaí na seirbhísí dóiteáin leis an mbunphrionsabal iontach bunúsach sin ó thaobh pobail a choinneáil sábháilte - céard iad na róil ar chóir do sheirbhísí dóiteáin a sholáthar don tsochaí as seo amach? An bhfuil na struchtúir chearta againn le seirbhísí éifeachtacha a sheachadadh go héifeachtúil, agus an bhfuil an chothromaíocht cheart á haimsiú againn idir dóiteáin a chosc, an chosaint ar dhóiteán agus an fhreagairt dó? Aithnítear leis an gcáipéis an áit atá ag seirbhísí dóiteáin mar chuid den Rialtas Áitiúil, agus tugtar éifeacht leis an gcáipéis chomh maith don phrionsabal ó thaobh cuntasacht lucht na polaitíochta áitiúla i leith na feidhme seo a choinneáil ar bun.

I gcás seirbhísí dóiteáin, gach gné díobh, is iad daoine a bhíonn á seachadadh. Thar ceann an Rialtais, is mian liom aitheantas a thabhairt don rannchuidiú a thugann an fhoireann ar fad sna seirbhísí dóiteáin lenár bpobail a chosaint. I gcaitheamh na mblianta, tá dul chun cinn déanta ag seirbhísí dóiteáin, ag fágáil na seirbhísí ardchaighdeáin atá againn inniu lena leantar ar aghaidh le líon na gcaillteanas in aghaidh na bliana a laghdú. Tá dea-bhonneagar de stáisiúin dóiteáin againn freisin, sárfhlít sainfheithiclí, sárthrealamh agus córas cumarsáide nua-aimseartha agus móibliúcháin. Cuireann sé sin ar chumas an 3,200 oifigeach agus comhraiceoir dea-oilte dóiteáin atá againn a bheith éifeachtach, agus an rud is tábhachtaí, oibriú go sábháilte. Is éard atá i gceist leis an gcur chuige sa cháipéis seo i leith rioscaí a bhainistiú ná go gcinnteofar, in ainneoin na ngnéithe contúirteacha a bhaineann le cuid den obair, go bhfilleann gach duine de phearsanra na seirbhísí dóiteáin ar a dteaghlach ag deireadh an lae go sábháilte.

Táthar ag caint faoin riachtanas le caighdeáin náisiúnta le haghaidh seirbhísí dóiteáin in Éirinn le fada an lá. Sa cháipéis "Pobail a Choinneáil Sábháilte", tá cur chuige inoibrithe á leagan síos againn a thagann leis na cleachtais idirnáisiúnta is fearr. Beidh ar gach seirbhís dóiteáin athbhreithniú a dhéanamh ar a seirbhís reatha agus úsáid á baint as an gcóras le 'rioscaí limistéir a chatagóiriú', agus a seirbhís a thagarmharcáil de réir thargaidí gaolmhara na seirbhíse freagartha, a dhéanfar a ghrádú de réir rátáil na rioscaí. Is cuí an bealach é seo le caighdeáin maidir le seirbhísí dóiteáin d'Éirinn a leagan síos lena bhféadfar cáilíocht, feidhmíocht agus éifeachtacht a thomhas dá réir amach anseo.

Ar deireadh, is mian liom aitheantas a thabhairt don chomhoibriú idir údaráis áitiúla agus Stiúrthóireacht Náisiúnta um Dóiteáin agus Bainistíocht Éigeandála mo Roinne, a sheachaid an tionscnamh 'Pobail a Choinneáil Sábháilte' chomh fada leis an gcéim seo. Is mian liom buíochas a ghabháil le gach duine a bhí páirteach sa phróiseas lena n-áirítear na Príomhoifigigh Dóiteáin agus pearsanra na seirbhísí dóiteáin a d'oibrigh ar an bpróiseas forbartha agus le *Strathclyde Fire and Rescue Service* freisin a thacaigh linn agus a sholáthair maoirseacht idirnáisiúnta don chur chuige.

Molaim go gcuirfidh gach dream, ar mór leo sochaí níos sábháilte a thógáil in Éirinn, a bhfuil i gcáipéis an bheartais seo a chur i ngníomh.



An tUas. Phil Hogan TD
Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

6 Feabhra 2013

# Achoimre Fheidhmeach

An t-aschur ó athbhreithniú in 2012 ar sheirbhísí dóiteáin agus ar an tsábháilteacht ó dhóiteán in Éirinn atá sa cháipéis 'Pobail a Choinneáil Sábháilte'. Féachtar leis an gcáipéis le straitéis chuimsitheach, chothrom a sholáthar le sábháilteacht an phobail a chinntiú ina dtithe agus in áiteanna eile chomh maith le sábháilteacht na n-oibrithe agus iad ag soláthar seirbhísí éigeandála. Treoirphlean lánpháirtithe atá ann go bhforbrófar tuilleadh na róil chriticiúla don tsábháilteacht phoiblí a fheidhmíonn seirbhísí dóiteáin na n-údarás áitiúil, agus atá le cur i ngníomh sa tréimhse 2013 – 2015. Baineann 'Pobail a Choinneáil Sábháilte' le rioscaí a bhainistiú, aghaidh a thabhairt ar shábháilteacht an phobail a fheabhsú agus líon na n-eachtraí dóiteáin a laghdú. Baineann an cháipéis le caighdeáin na bhfreagairtí d'eachtraí dóiteáin freisin agus na struchtúir le seirbhísí a sheachadadh i gcomhair na ndeich mbliana amach romhainn. Plean is ea 'Pobail a Choinneáil Sábháilte' a treoraíodh de réir fianaise, atá bunaithe ar na cleachtais idirnáisiúnta is fearr agus a ndearna saineolaithe idirnáisiúnta é a bhailíochtú.

### 'Pobail a Choinneáil Sábháilte'

- Pléann le saincheisteanna buntábhachtacha lena n-áirítear athchóiriú ar struchtúir sheachadta seirbhísí, róil na seirbhísí dóiteáin don tsochaí, sonraítear straitéisí agus leagtar caighdeáin síos don éifeachtacht agus do phróisis le cáilíocht a dhearbhú;
- Leagann síos an cur chuige, na caighdeáin agus an méid lena mbítear ag súil ó na seirbhísí dóiteáin a sheachadann údaráis áitiúla in Éirinn;
- Leagann síos targaidí dúshlánacha maidir le torthaí atá le baint amach faoi dheireadh na tréimhse a mbeidh a bhfuil sa cháipéis le cur i ngníomh lena linn, mar atá, Nollaig 2015.

### Céard iad na rudaí nua in 'Pobail a Choinneáil Sábháilte'

- Tá athchruthú le déanamh ar an mbealach a sheachadtar seirbhísí, ón 30 seirbhís dóiteáin atá ann faoi láthair, go 21, bunaithe ar chur chuige "lena roinnfear seirbhísí" a fhorbairt agus a leathnú, cur chuige lena soláthraítear seirbhísí do ghrúpaí daonra idir 120 agus 200 míle duine;
- Diminsean láidir réigiúnach chun soláthar éifeachtúil seirbhíse a chomhordú chomh maith le "cúnamh frithpháirteach" agus tacaíocht;
- Leagtar síos cur chuige bainistíochta rioscaí i leith seirbhísí a sholáthar agus déantar idirdhealú idir freagairtí d'éigeandálaí ar bhonn na rioscaí/na bagairte don bheatha, le catagóiriú príomhúil, tánaisteach agus treasach d'eachtraí;
- Targaidí dúshlánacha chun an tsábháilteacht ó dhóiteán a fheabhsú trí leibhéil na n eachtraí a laghdú;

- Cuireann chun suntais ról an leibhéil náisiúnta ó thaobh tacaíocht a thabhairt do agus maoirseacht a dhéanamh ar an bpróiseas lena seachadtar seirbhísí dóiteáin éifeachtacha, a mbainfidh luach ar airgead leo, agus tá an cháipéis mar bhonn agus mar thaca le caidreamh nuálach, comhoibritheach idir an rialtas lárnach agus áitiúil, lena soláthraítear socruithe go seachadófar agus go mbainisteofar seirbhísí go háititúil, agus go mbeidh cuntasacht an lucht polaitíochta áitiúla i gceist freisin i leith na seirbhíse criticiúla sábháilteachta poiblí seo, agus á chinntiú ag an am céanna go bhfeicfear go mbeifear ag comhlíonadh cuspóirí náisiúnta maidir le seirbhísí éifeachtacha, cur chuige comhsheasmhach agus luach ar airgead freisin.

## Faisnéise Achoimre ar Sheirbhísí Dóiteáin agus ar an tSábháilteacht ó Dhóiteán in Éirinn

Soláthraítear leis na pointí thíos faisnéis achoimre ar sheirbhísí dóiteáin agus ar an tsábháilteacht ó dhóiteán in Éirinn. Is féidir tuilleadh faisnéise mionsonraithe ar threochtaí dóiteáin in Éirinn a aimsiú i dTuarascáil Taighde dar teideal 'an tSábháilteacht ó Dhóiteán – Treochtaí agus Faisnéis Staitistiúla', nó sna Bullaitíní Staitistiúla Bliantúla arna bhfoilsiú ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

- Tá 37 údarás dóiteáin ann atá ainmnithe le reacht in Éirinn, bunaithe ar na príomhúdaráis áitiúla. Soláthraíonn na húdaráis dóiteáin raon seirbhísí dóiteáin trí shé aonad seachadta seirbhíse is tríocha, le bonneagar de 220 stáisiún dóiteáin agus thart faoi 500 fearas dóiteáin.

- Seachadann 3,400 fostaí de chuid na n-údarás áitiúil seirbhísí dóiteáin – 1,170 comhraiceoir dóiteáin lánaimseartha sna príomhchathracha agus 2,063 comhraiceoir dóiteáin a bhíonn ar coinneáil. Seachadann 200 Oifigeach Dóiteáin Sinsearach raon seirbhísí sábháilteachta agus bainistíochta éigeandála chomh maith le seachadadh na seirbhíse oibriúcháin a bhainistiú.

- Caitheann na húdaráis áitiúla thart faoi €260m go bliantúil ar sheirbhísí dóiteáin agus soláthraíonn siad seirbhísí tacaíochta freisin (Acmhainní Daonna, Teicneolaíocht Faisnéise, Cothabháil, Párolla srl.) chun na seirbhísí dóiteáin a fheidhmiú.

- Cuireann an pobal thart faoi 100,000 glao ar 999/112 gach bliain ag iarraidh cúnaimh agus próiseáiltear na glaonna sin i dtrí chinn d'Ionaid Chumarsáide Réigiúnacha i gCaisleán an Bharra, Luimneach agus i mBaile Átha Cliath.

- Seoltar na seirbhísí doiteáin amach chuig 56,000 eachtra gach bliain de ghnáth, ar dóiteáin 35,000 díobh. Áirítear 5,000 freagairt ar thionóiscí tráchta ar bhóithre i measc an 21,000 eachtra eile, chomh maith le heachtraí a bhaineann le hábhair ghuaiseacha, tarrthálacha, seirbhísí speisialta agus bréagrabhaidh.

- Tarlaíonn thart faoi 4,500 dóiteán in áitribh chónaithe gach bliain, agus tuairiscítear daoine a bheith sna háitribh in 450 (10%) de na cásanna sin.

- Tuairiscíodh 38 duine mar dhaoine a chaill a mbeatha mar gheall ar dhóiteán in 2010 agus in 2011 araon.

- Is dóiteáin i simléir is cúis le breis is 5000 eachtra dóiteáin gach bliain, dóiteáin charr is cúis le breis is 6,000, dóiteáin bhruscair (boscaí agus scipeanna bruscair) is cúis le breis is 8,000. Is iad na catagóirí dóiteáin seo is cúis le breis is 50% de dhóiteáin a bhfreastalaítear orthu gach bliain, agus tagraítear dóibh mar 'dhóiteáin threasacha'.

- Is dóiteáin i bhfoirgnimh thráchtála, thionscail / stórála, institiúideacha agus in áiteanna tionóil phoiblí is cúis le beagán os cionn 1,000 dóiteán in aghaidh na bliana.

- Soláthraíonn Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath Seirbhísí Otharcharranna Éigeandála a phléann le 78,000 eachtra in aghaidh na bliana.

# Caibidil 1 – Réamhrá

## Réamhrá maidir le "Pobail a Choinneáil Sábháilte"

Léirítear le teideal na cáipéise seo – "Pobail a Choinneáil Sábháilte" cuspóir an bheartais maidir le daoine a choinneáil sábháilte ó dhóiteán agus ó chontúirtí eile in Éirinn. D'ullmhaigh an Stiúrthóireacht Náisiúnta um Dóiteáin agus Bainistíocht Éigeandála (SNDBÉ) na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil an cháipéis mar chuid de chur chuige i leith a sainordú a chomhlíonadh, chun seirbhísí ardchaighdeáin, comhsheasmhacha a fhorbairt lena mbainfidh luach ar airgead. Leis an gcáipéis seo, comhlíontar roinnt de na gníomhartha buntábhacha a leagadh amach sa cháipéis dar teideal "*Seirbhísí Dóiteáin na hÉireann – Creat Forbartha Náisiúnta – 2010 – 2015*"[1].

Leis an gcáipéis seo, comhlánaítear agus cuirtear chun feidhme cuspóirí sa Chlár don Rialtas, i dTuairisc Ghrúpa an Rialtais Áitiúil don Athbhreithniú ar an Éifeachtúlacht agus forálacha an chláir oibre um athchóiriú an Rialtais Áitiúil, a foilsíodh le gairid, "Putting People First" i ndáil le húsáid a bhaint as seirbhísí roinnte chun seirbhísí dóiteáin ardchaighdeáin, comhsheasmhacha lena mbainfeadh luach breisithe ar airgead, a sheachadadh chun pobail a chosaint ar dhóiteán.

Cuspóir tábhachtach a bhíonn i gceist le beartais don tsochaí is ea an pobal a chosaint ar dhóiteán. Seachadann údaráis dóiteáin (údaráis áitiúla) faoi mar a ainmníodh sna hAchtanna Seirbhísí Dóiteáin, 1981 agus 2003, seirbhísí dóiteáin ar na línte tosaigh. Ar leibhéal náisiúnta, cruthaíodh an Stiúthóireacht Náisiúnta um Dóiteáin agus Bainistíocht Éigeandála laistigh den Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil i mí Mheitheamh 2009 chun treoir agus ceannaireacht lárnach a sholáthar do na seirbhísí dóiteáin agus bainistíochta éigeandála. Leis na socruithe a cuireadh i bhfeidhm in 2009, cuireadh struchtúr bainistíochta i bhfeidhm ar leibhéal an rialtais lárnaigh a bheidh infheicthe agus ag a mbeidh sainordú soiléir le beartais náisiúnta a fhorbairt agus próiseas a ghríosadh lena bhfágfar go mbeidh seirbhísí, a mbainfidh luach ar airgead leo, á mbaint amach ag údaráis áitiúla go seasta, ach gan a bheith ag cur isteach lena linn sin ar an gcuntasacht atá ann cheana féin i measc an lucht polaitíochta áitiúla i leith seirbhísí a sheachadadh ar 'na línte tosaigh'. Faoin gcóras, fanann an fhreagracht as seirbhísí dóiteáin a fheidhmiú go laethúil leis na húdaráis áitiúla. Áirítear le sainordú na Stiúrthóireachta áfach beartais náisiúnta agus caighdeáin náisiúnta a fhorbairt, agus tacaíocht a thabhairt don obair le hiad a chur i ngníomh ar leibhéal áitiúil agus maoirseacht a dhéanamh ar an bpróiseas sin.

Leis an gcáipéis seo, leagtar amach an cur chuige foriomlán, na modhanna agus na teicnící chun an cuspóir a bhaint amach ó thaobh pobail a choinneáil sábháilte ar dhóiteán. Forbraíodh an cháipéis seo trí chur chuige comhoibritheach le húdaráis áitiúla. Cuimsítear leis an téacs seo aiseolas ó cháipéis chomhairliúcháin[2] a scaipeadh ar na páirtithe leasmhara i mí Aibreáin 2012.

[1] SNDBÉ (2011) ***"Seirbhísí Dóiteáin na hÉireann – Creat Forbartha Náisiúnta – 2010 – 2015".***
[2] SNDBÉ (2012) ***Pobail a Choinneáil Sábháilte – Dréacht Comhairliúcháin – 9 Márta 2012***

Áirítear caighdeáin agus treoir lárnach d'údaráis dóiteáin leis an gcáipéis bheartais seo "Pobail a Choinneáil Sábháilte", a chuirfidh na húdaráis i ngníomh agus a gcuid feidhmeanna reachtúla á seachadadh acu. Tacaíonn sraith de cháipéisí, lena bpléitear le hábhair go sonrach, leis an gcáipéis, agus pléann an tsraith sin le hoiliúint seirbhíse dóiteáin, córais bhainistíochta sábháilteachta do sheirbhísí dóiteáin, Pleananna reachtúla faoi 'Alt 26' a ullmhú agus treoir maidir le modh le rioscaí a innéacsú d'fhoirgnimh aonair lena leagtar amach próisis agus caighdeáin lárnacha d'obair na seirbhíse dóiteáin freisin. Soláthraíonn siad seo mionsonraí breise maidir le seirbhísí comhsheasmhacha, éifeachtacha, a mbainfidh luach ar airgead leo, a sheachadadh as seo amach. Le sraith eile de cháipéisí dar teideal 'Nótaí maidir le Dea-Chleachtas', déantar cur síos ar an gcur chuige, a dtacaítear leis ar leibhéal náisiúnta, agus a ghlacann údaráis áitiúla aonair i leith saincheisteanna sonracha. Féachann an tsraith sin le dea-chleachtais a bhaint amach chomh maith le foghlaim trasna na n-údarás, ar bhonn comhsheasmhach. In éineacht leis an bpríomhcháipéis seo maidir le beartais, déanann sraith iomlán na gcáipéisí Creat cuimsitheach don tSábháilteacht Dóiteáin in Éirinn.

Samhlaítear leis an bhfís, atá mar bhonn agus mar thaca leis an mbeartas seo, seirbhísí dóiteáin a bheidh éifeachtach ó thaobh daoine a choinneáil sábháilte ina bpobal agus a bheidh ina seirbhís phoiblí atá sábháilte í féin freisin, a bhainistítear go maith, agus a bheidh éifeachtach agus éifeachtúil. Oibríonn an cháipéis seo ar mhaithe leis an gClár Gníomhaíochta don Rialtas Áitiúil Éifeachtach  a fheidhmiú i leith seirbhísí dóiteáin. Oibríonn lucht na seirbhísí dóiteáin chun tarlú dóiteán agus éigeandálaí eile a chosc; cinntíonn siad go mbíonn gnéithe sábháilteachta tógtha mar chuid d'fhoirgnimh chun daoine a bhíonn iontu a chosaint ar dhóiteáin, agus freagraíonn siad chun cabhrú leis an bpobal d'fhonn beatha daoine, bonneagar & maoin a chosaint nuair a tharlaíonn dóiteáin. Chomh maith le bheith ina páirt lárnach d'obair le bonneagar atá ann cheana féin a chosaint, bíonn seirbhís dóiteáin éifeachtach de chuid rialtais áitiúil riachtanach chun tacú le tuilleadh forbartha eacnamaíochta agus infheistíochta i bpobail agus an céanna a mhealladh.

## Luach Ar Airgead

Soláthraíonn údaráis áitiúla thart faoi €260m de chaiteachas ioncaim in aghaidh na bliana le seirbhísí dóiteáin a sheachadadh faoi láthair. Forchúitíonn an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil caiteachas caipitil thart faoi €10m in aghaidh na bliana d'údaráis dóiteáin ar stáisiúin dóiteáin, ar fhlít na bhfearas agus ar theicneolaíocht cumarsáide do sheirbhísí dóiteáin.

Baineann na srianta airgeadais céanna leis na seirbhísí dóiteáin chomh maith leis an ngrinnscrúdú céanna ar chaiteachas dá bharr, faoi mar a bhaineann le gach seirbhís phoiblí. Beidh sé dúshlánach tuilleadh infheistíochta a dhéanamh i seirbhísí dóiteáin thar a bhfuil socraithe cheana féin, mar gheall ar a laige is atá cistí airgeadais phoiblí agus rialtais áitiúil. Is é an dúshlán – faoi mar a léirítear i dteideal na cáipéise – "Pobail a Choinneáil Sábháilte" – na hacmhainní atá ar fáil a bhainistiú sa chaoi go mbainfear an toradh is fearr amach don phobal ó thaobh sábháilteachta daoine aonair, agus go laghdófar, oiread agus is féidir, caillteanais don tsochaí, chomh maith leis an méid a chuirtear as don tsochaí chéanna.

[3] R/CPRÁ  (2012) A Guide to Putting People First – Action Programme for Effective Local Government

Soláthraíonn thart faoi 3,400 duine ar fhoireann na n-údarás áitiúil seirbhísí dóiteáin, agus baineann breis is 80% de chostas na seirbhísí dóiteáin le costais foirne. De réir an Chláir Oibre um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí, bainfear úsáid as athstruchtúrú ar shocruithe um sholáthar seirbhísí, as comhphróisis soláthair agus chothabhála le haghaidh bonneagair agus trealaimh agus as leathnú a dhéanamh ar shocruithe reatha maidir le seirbhísí a roinnt i gcás go dtacaíonn an cás ó thaobh cúrsaí gnó leis seo chun tuilleadh luach ar airgead a fháil.

Caithfear fócas buntábhachtach a dhíriú ar an toradh is fearr is féidir a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil. Ní mór cuimhneamh ar thosaíochtaí na seirbhíse agus ar úsáid a bhaint as acmhainní atá ar fáil i ngach réimse mar sin. Rud buntábhachtach eile nach mór cuimhneamh air is ea sábháilteacht na foirne a oibríonn sna seirbhísí dóiteáin a chinntiú agus go mbeidh údaráis dóiteáin ábalta a léiriú go leanann siad ar aghaidh le bheith ag comhlíonadh ceanglas reachtaíochta le sábháilteacht an phearsanra a oibríonn sna seirbhísí dóiteáin a chinntiú oiread agus a bheidh indéanta le réasún.

Is éard atá i gceist leis an gcáipéis seo treoirphlean cuimsitheach a sholáthar chun seirbhísí dóiteáin a sholáthar amach anseo le linn na saolta dúshlánacha seo – agus é de chuspóir foriomlán againn fós pobail a choinneáil sábháilte.

## Conas a rachaidh "Pobail a Choinneáil Sábháilte" i bhFeidhm ar an tSábháilteacht o Dhóiteán

Baineann stádas beartais náisiúnta de réir bhrí Alt 69 (1) (e) den Acht Rialtais Áitiúil 2001 le forálacha na cáipéise seo. Bronnfar an stádas céanna ar na cáipéisí tacaíochta agus ar na Nótaí maidir le Dea-Chleachtas dá dtagraítear thuas de réir mar a chuirtear iad i gcrích. Is é an beartas seo an phríomhtheimpléad tagartha d'údaráis dóiteáin maidir le seirbhísí a sholáthar amach anseo.

Ceanglaítear ar gach údarás dóiteáin a choinníonn briogáid dóiteáin ar bun rud ar a dtugtar sa reachtaíocht 'Plean Oibríochtaí Dóiteáin agus Éigeandála' lena leagtar amach conas a chomhlíonann sé a dhualgais reachtúla. Tabharfaidh gach seirbhís dóiteáin faoi athbhreithniú ar a chuid seirbhísí reatha i bhfianaise chur chuigeanna agus thargaidí 'Pobail a Choinneáil Sábháilte' agus ullmhóidh siad Plean reachtúil faoi Alt 26 in 2013 a bheidh uasdátaithe / athbhreithnithe. Feidhm fhorchoimeádta is ea Plean faoi Alt 26 a ghlacadh agus is é an targaid go gcríochnófar an chéim seo roimh an chéad bhabhta eile de Phleananna Corparáideacha na nÚdarás Áitiúil atá le teacht i mí na Nollag 2014. Sa Phlean nua faoi Alt 26, leagfar amach cur chuige foriomlán na seirbhíse indibhidiúla i leith chur chuigeanna agus thargaidí an bheartais seo a sheachadadh. Comhlánófar é le Pleananna Bliantúla Forbartha Seirbhíse lena leagfar síos tosaíochtaí agus targaidí le haghaidh athruithe ar bhonn bliain – i ndiaidh – bliana. Tuairisceoidh údaráis aonair ar an dul chun cinn ó thaobh na dtargaidí agus na gcuspóirí agus baileoidh an Stiúrthóireacht Náisiúnta iad le tuarascálacha bliantúla a dhéanamh.

Léirítear próiseas fadaimseartha an athchóirithe, ó thráth ceaptha an choincheapa go tráth a churtha i gcrích, i bhfigiúr 1.1. thíos.

**FIGIÚR**

| |
|---|
| **Creat Forbartha Náisiúnta Sheirbhísí Dóiteáin na hÉireann 2010 – 2015** |
| |
| **“Pobail a Choinneáil Sábháilte" (2012)** |
| |
| **Athbhreithniú & Forbairt ar Phleananna Uasdátaithe faoi Alt 26 ag gach seirbhís dóiteán in 2013** |
| |
| **Pleananna um Forbairt na Seirbhíse Áitiúla do gach seirbhís dóiteáin in 2013, 2014, 2015** |
| |
| **Tuairisc an Athbhreithnithe agus faoi Chur i gCrích na hOibre (Noll. 2015)** |

Is ar bhainistíocht na seirbhíse dóiteáin a thiteann an fhreagracht as forálacha na cáipéise seo, maidir le beartais, a chur i ngníomh. Pléifear trí na bealaí cuí um athbhreithniú inmheánach le haon tionchair nó athruithe a d’fhéadfadh teacht de bharr a forálacha ar théarmaí agus ar choinníollacha ball foirne a oibríonn sa tseirbhís dóiteáin.

### Prionsabail lena dTreoraítear “Pobail a Choinneáil Sábháilte”

Is iad seo a leanas na prionsabail lena dtreoraítear forbairt agus próiseas na hoibre le pobail a choinneáil sábháilte ó dhóiteán:

- Is é an prionsabal is tábhachtaí go mbreathnaítear ar shábháilteacht an phobail ó dhóiteán mar an rud is tábhachtaí ar fad ar fad. Go bunúsach, baineann an cháipéis seo le measúnú a dhéanamh ar rioscaí ó thaobh na sábháilteachta ó dhóiteán, léargas a thabhairt ar na hacmhainní atá ar fáil agus plean a bheartú chun na rioscaí, na riachtanais agus na hacmhainní i sochaí na hÉireann a mheaitseáil lena chinntiú go mbeidh an pobal sábháilte ó dhóiteán.

- An dóigh is fearr leis an toradh is fearr is féidir a bhaint amach don tsochaí as na hacmhainní a chuirtear chun feidhme i seirbhísí poiblí is ea trí chur chuigeanna ábhartha straitéiseacha, teaicticeacha agus oibriúcháin a shonrú i leith an tsábháilteacht ó dhóiteán a bhainistiú – agus go háirithe tríd an gcothromaíocht is fearr is féidir a aimsiú idir dóiteán a chosc, daoine / maoin srl. a chosaint ar dhóiteán agus an fhreagairt ó na seirbhísí dóiteáin.

- Rialaítear soláthar na seirbhísí dóiteáin le reachtaíocht a rith an tOireachtas. Ullmhaítear an cháipéis seo agus na forálacha ábhartha reachtaíochta á gcur san áireamh ina n-iomláine lena n-áirítear iad siúd san Acht Seirbhísí Dóiteáin, 1981 agus 2003; an tAcht um Rialú Foirgníochta, 1990 agus an tAcht um Shubstaintí Contúirteachta 1979 agus Rialacháin arna ndéanamh faoi gach ceann den trí Acht phríomhúla seo.

- Bíonn údaráis dóiteáin faoi réir ag reachtaíocht eile mar fhostóirí ina róil reachtúla ó thaobh seirbhísí dóiteáin a sholáthar, agus tá an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, ar na cinn is suntasaí. Bíonn sé ina dhúshlán leanúnach ag údaráis dóiteáin a bheith ag cinntiú go gcomhlíontar ceanglais na reachtaíochta sin go comhsheasmhach. Leagtar amach leis an gcáipéis seo beartas náisiúnta soiléir do sheirbhísí dóiteáin in Éirinn lena n-éascaítear, agus lena mbítear ag súil le hidirghabháil éifeachtach ó sheirbhísí dóiteáin de réir an dá fhreagracht reachtúil a bhíonn ar údaráis dóiteáin: daoine agus maoin a chosaint ar dhóiteán agus a bhfostaithe féin a chosaint freisin. Bíonn cáipeis “Córas Bainistíochta Sábháilteachta” dá dtagraíodh níos luaithe agus lena bpléitear le hábhair éagsúla go sonrach, mar bhonn agus mar thaca leis an gcuspóir seo.

- Cuireann an Stiúrthóireacht Náisiúnta taighde idirnáisiúnta san áireamh chun a chuid oibre a threorú. Ní féidir leis an taighde idirnáisiúnta múnla don tsábháilteacht ó dhóiteán a thabhairt d’Éirinn – is gá an fhaisnéis – agus a comhthéacs ar aigne againn – a thógáil agus a úsáid leis an múnla is fearr a oireann do shaincheisteanna, do chúinsí, do chuspóirí agus d’fhéidearthachtaí na hÉireann, a ullmhú. Baintear úsáid as an litríocht idirnáisiúnta chun an cur chuige foriomlán a threorú freisin chomh maith le mionsonraí go leor codanna den cháipéis seo.

## Sainmhínithe, Téarmeolaíochta agus Giorrúcháin

Tá téarmeolaíocht a bhaineann go sonrach le saincheisteanna ó thaobh na seirbhísí dóiteáin in Éirinn sa cháipéis seo. I gcoitinne, mínítear an téarmeolaíocht sa téacs ag na pointí mar a n úsáidtear é. Soláthraítear achoimre ar théarmeolaíocht, ar shainmhínithe agus ar na téarmaí sonracha chomh maith le Tábla Giorrúchán in Aguisín E.



Cleachtadh Oiliúna do Chomhraiceoirí Dóiteáin


# *Caibidil 2 – An Cur Chuige i leith Rioscaí a Bhainistiú*

**An Cur Chuige i leith Rioscaí a Bhainistiú**

Leis an gcáipéis seo, leagtar amach, ar bhealach iomlánaíoch, cur chuige i leith córas i dtreo is go mbainfear amach an cuspóir ó thaobh pobail a choinneáil sábháilte ó dhóiteán. Tá sé bunaithe ar chur chuige i leith an riosca a bhaineann le dóiteán a bhainistiú, chun beatha daoine agus maoin a chosaint ar bhagairt agus ar tharlú an dóiteáin. Tá cur chuige an chórais i leith na bainistíochta sábháilteachta mar bhonn agus mar thaca le gníomhaíocht na Stiúrthóireachta Náisiúnta agus baineadh úsáid as san obair leis na socruithe le hÉigeandálaí Móra a Bhainistiú a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm go céimneach in Éirinn. Feictear go mbaineann cúig chéim, faoi mar a léirítear i bhFigiúr 2.1 thíos, leis an mBainistíocht Rioscaí i gcoitinne:

- guaiseacha a aithint agus na rioscaí a bhaineann leis na guaiseacha sin a mheas,
- na rioscaí sin a mhaolú trí iarracht a dhéanamh laghdú a dhéanamh ar a dhóichí go dtarlóidh an eachtra agus / nó trí laghdú a dhéanamh ar na hiarmhairtí má tharlaíonn eachtra,
- pleanáil agus ullmhú chun déileáil leis an riosca,
- ag freagairt don eachtra, agus
- athbhreithniú a dhéanamh ar eachtraí d’fhonn foghlaim uathu don todhchaí.

**FIGIÚR 2.1**
**CUR CHUIGE NA gCÓRAS I LEITH RIOSCAÍ A BHAINISTIÚ**




Ní raibh sochaithe riamh saor ón riosca a bhaineann le dóiteán agus ní bheidh go brách. Rud atá ina chuid lárnach den cháipéis seo is ea cur chuige lena nglactar dearcadh ar an obair le cineál na rioscaí difriúla dóiteáin a bhíonn roimh phobail a shonrú agus a ghrádú. Tugtar cur síos ar an gcóras seo ó thaobh 'rioscaí limistéir a chatagóiriú' i gCaibidil 7 agus tá cúig leibhéal i gceist leis, ó rioscaí an-ard go rioscaí an-íseal. Déanfar obair ghnéithe uile na seirbhísí dóiteáin – cosc, cosaint agus freagairt – a dhíriú amach anseo i dtreo go ndéanfar bainistiú gníomhach ar na rioscaí dóiteáin dá dtugtar tús áite laistigh de phobail, agus ag an am ceanna, go gcoinneofar leibhéal cuí de chumas freagartha idirghabhála ar bun.

Tá gá ann úsáid a bhaint as urlabhra choiteann i ndáil le rioscaí a bhainistiú agus leagtar sainmhínithe ábhartha amach in Aguisín E. Go háirithe an téarma "Bainistíocht Rioscaí" faoi mar a úsáidtear sa cháipéis seo, is ionann é sin agus céim amháin sa phróiseas bainistíochta rioscaí. Faoi Alt 19 den reachtaíocht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, baineann ciall ar leith leis an bhfrása seo, agus ceanglaíonn sé ar fhostóirí measúnachtaí ar rioscaí a dhéanamh ar a gcuid gníomhaíochtaí oibre. Soláthraítear treoir maidir le gnéithe ábhartha den mheasúnacht rioscaí do sheirbhísí dóiteáin, agus maidir le ceanglas seo na reachtaíochta a chomhlíonadh, i Ráiteas Sábháilteachta Coimhdeach na Seirbhísí Dóiteáin (measúnachtaí aicmeacha ar rioscaí), i gCóras Ceannasaíochta Náisiúnta Teagmhas na Seirbhíse Dóiteáin (measúnachtaí dinimiciúla ar rioscaí) agus i dTreoir Oibriúcháin Chaighdeánach na Seirbhíse Dóiteáin (measúnachtaí do rioscaí cásanna sonracha).

Is é cuspóir na seirbhíse dóiteáin an riosca a laghdú – agus úsáid á bhaint as meascán cuí de raon iomlán na gcur chuigeanna atá ar fáil – ó thaobh dóiteán a chosc, daoine agus maoin srl. a chosaint ar dhóiteán agus na freagartha do dhóiteán. Is é treoirphrionsabal na seirbhísí poiblí ar fad "an rud is fearr a dhéanamh do chuid is mó daoine" faoi chuimsiú srianta ar acmhainní.

Ach amháin sa chás go dtarraingítear aird duine ar dhóiteán le linn na chéadchéimeanna a bhíonn i gceist le dóiteán in áitreabh cónaithe, cibé nuair a bhraitheann an duine sin nó duine eile é (boladh nó fuaimeanna), nó trí aláram dóiteáin, d'fhéadfadh an deatach agus an carbón aon-ocsaíde (CO) duine a chloí. I gcoitinne, meastar gur idir 13 agus 17 nóiméad a bhíonn i gceist leis na teorainneacha ama go n-éireodh le hiarrachtaí duine a athbheochan tar éis dóibh tiúcháin CO a bhaineann le dóiteáin de ghnáth a ionanalú, ag brath ar na coinníollacha a bhí i gceist agus an duine nochtaithe dó. Le fírinne, d'fhéadfadh cás roinnt daoine a bheith dulta ró-fhada go mbeifí in ann cabhrú leo fiú sula ndéanfar glao ar 999/112 ar na seirbhísí dóiteáin riamh, agus is beag seans a bheidh ann go n éireoidh le hobair idirghabhála ó bhriogáid dóiteáin.

## FIGIÚR 2.2
## RIOSCA SA tSOCHAÍ Á CHUR I LÁTHAIR AR MHAITRÍS 5 x 5




Ní féidir ráthaíocht a thabhairt maidir leis an tsábháilteacht i ndáil le torthaí ghníomhaíocht seirbhíse dóiteáin. Cur chuige anailíse is ea ‘crann na dtubaistí’ a úsáidtear le tuiscint a fháil ar eachtraí suntasacha a mbíonn caillteanas de bharr dóiteáin i gceist leo, agus is é an tuiscint choiteann go bhféadfaidh eachtra dóiteáin dul suas trí leibhéil éagsúla ón uair a dtionscnaítear é agus go bhféadfadh caillteanas, damáiste agus / nó bás (lena n-áirítear an iliomad bás) a bheith i gceist. Is é cuspóir na gníomhaíochta sábháilteachta ó dhóiteán go gcoiscfear tosú na heachtra, nó má thagann tús le dóiteán, cosc a chur air dul suas trí leibhéil éagsúla chrann na dtubaistí go dtiocfaidh bás nó caillteanas ar scála mór dá bharr. Laghdaítear an dóchúlacht go mbeidh torthaí tubaisteacha ann go suntasach de bharr gníomhaíochtaí seirbhíse dóiteáin.

Dóiteáin in áitribh chónaithe a dhéanann an chatagóir is mó ó thaobh rioscaí dóiteáin sa tsochaí agus tarlaíonn breis is 90% de líon bliantúil na mbásanna de bharr dóiteán i suíomhanna teaghlaigh. Tarlaíonn thart faoi 4,500 dóiteán in áitribh chónaithe in Éirinn go bliantúil. Baineann acmhainneacht ard le haghaidh ardchaillteanas nó fiú caillteanas ollmhór sa tsochaí i gcás eachtra dóiteáin le catagóirí eile maoine amhail foirgnimh institiúideacha (m.sh. ospidéil agus tithe altrannais), áiteanna tionóil phoiblí, siopaí móra, coimpléacsanna oifige agus tionsclaíocha / monarchana. Cé go mbíonn cuid den fhócas sa cháipéis seo ar shuíomhanna ina dtarlaíonn dóiteáin in áitribh chónaithe, ní mór catagóirí eile maoine a chur san áireamh i straitéis le rioscaí a laghdú. I roinnt cásanna, tá oibreacha suntasacha um chosaint ar dhóiteán curtha isteach ina gcuid de chatagóirí na bhfoirgneamh seo, ón gcéim

le hiad a dhearadh / a thógáil agus / nó de thoradh ceanglas / próiseas sonrach reachtúil. Beartaítear bearta sábháilteachta ó dhóiteán go príomha le sábháilteacht daoine a chinntiú sna foirgnimh atá i gceist agus timpeall orthu, ach rannchuidíonn na bearta seo le maoine a chosaint freisin. Bíonn gnéithe le cabhrú leis na seirbhísí dóiteáin freagairt d'eachtraí dóiteáin ar theacht ar an láthair dóibh ag go leor de na catagóirí níos casta d'fhoirgnimh.

Mar chuid den Chlár Forbartha um Éigeandálaí Móra 2006 – 2008, rinne na húdaráis áitiúla ar fad cleachtadh dhá chéime le rioscaí a mheasúnú. Tugadh faoin obair seo de réir fhorálacha Treoircháipéise[4] agus cuireadh oiliúint ar oifigigh ábhartha leis na teicnící a fheidhmiú. Cuireadh na haschuir i láthair ar mhaitrís rioscaí den chineál atá le feiceáil i bhFigiúr 2.2. thuas, agus baineadh úsáid as na cásanna a sonraíodh le hoiliúint agus cleachtaí a phleanáil i leith éigeandálaí móra. Comhlánaíonn an obair seo próiseas bainistíochta rioscaí na seirbhísí dóiteáin.



Is é cás ina scriostar traein fócas an chleachtaidh oiliúna seo

## Cur chuige lánpháirtithe i leith na sábháilteachta ó dhóiteán

Tá éabhlóid nach beag tarlaithe i leith na seirbhísí dóiteáin in imeacht na mblianta. Ní raibh i gceist i mblianta roimhe, den chuid is mó, ach seirbhís a bhí bunaithe ar a bheith ag freagairt d'eachtraí amháin, ach tá seirbhísí dóiteáin in Éirinn tagtha chun cinn go mór go háirithe ó na 1960aidí go mbaineann sainorduithe suntasacha anois leo ó thaobh dóiteáin a chosc agus an tsábháilteacht ó dhóiteán a fhorfheidhmiú.

Treocht a gcuirtear fáilte nach beag roimpi is ea forbairt rud a tharla le deich mbliana anuas agus ar a dtugtar "Sábháilteacht an Phobail ó Dhóiteán". Feictear gur cur chuige éifeachtach go maith atá ann páirt a thabhairt do dhaoine san obair le gníomhú ar mhaithe lena sábháilteacht féin. Aithníonn seirbhísí dóiteáin freisin gur féidir na bealaí is fearr agus is éifeachtaí, le teacht ar go leor díobh siúd a fheictear mar dhaoine a bheadh i mbaol bhagairt an dóiteáin, a fhíorú trí chomhpháirtíochtaí leis na líonraí pobail atá ann cheana féin chomh maith le heagraíochtaí eile a oibríonn le grúpaí atá 'i mbaol'.

4 Grúpa Stiúrtha Náisiúnta um Éigeandálaí Móra a Bhainistiú (2007) *Treoir maidir le Rioscaí a Mheasúnú*

Rud atá buntábhachtach ó thaobh torthaí éifeachtacha a bhaint amach is ea gach gné den obair i leith na sábháilteachta ó dhóiteán – dóiteán a chosc, cosaint ar dhóiteán agus freagairt na seirbhísí dóiteáin – a lánpháirtiú agus is é cuspóir buntábhachtach na cáipéise seo socruithe atá ann faoi láthair a fhorbairt agus a bhreisiú tuilleadh leis seo a dhéanamh.

## Tionscadal an Chur Chuige atá Bunaithe ar Rioscaí

Tá an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil tar éis a bheith ag obair le hÚdaráis Chonarthachta na dtrí Ionad Cumarsáide Réigiúnacha ar thionscadal chun múnla náisiúnta a fheidhmiú i leith Chur Chuige Riosca-Bhunaithe don Chlúdach Dóiteáin i ngach údarás dóiteáin. Tagann an tionscadal seo leis an treocht idirnáisiúnta i dtreo úsáid a bhaint as cur chuige riosca-bhunaithe i leith soláthar na seirbhíse éigeandála a bhainistiú agus tá sé i gceist leis go dtabharfar comhsheasmhachas ar leibhéal náisiúnta don phróiseas seo in Éirinn. Soláthraíodh tuairiscí tosaigh na n-aschur agus léarscáileanna do gach údarás dóiteáin i mí Iúil 2012.

Táirgeadh tuairiscí tosaigh an Chur Chuige Riosca-bhunaithe tar éis d'fhóntas bog-earraí na gCóras Faisnéise Geografaí a bheith faighte. Comhcheanglaíonn na bogearraí seo sonraí maidir le heachtraí seirbhíse dóiteáin agus sonraí daonáirimh le chéile le haon sraith sonraí amháin a dhéanamh lena gcumasaítear anailís ar fhaisnéis a bhaineann le rioscaí dóiteáin. Cuireadh staidéir phíolótacha i gcrích i gContaetha an Chláir, Laoise agus na Gaillimhe le haschuir an chórais a fhíorú. Tá an tuairisc bunaithe ar shonraí trí bliana de ghníomhaíocht seirbhíse dóiteáin ón 1ú Eanáir 2008 go dtí an 31ú Nollaig 2010.

Roghnaíodh limistéar an stáisiúin dóiteáin mar bhunaonad na hanailíse don tionscadal seo. Tugann anailís ar ghníomhaíocht stáisiúin dóiteáin rioscaí reatha dóiteáin le fios agus taispeánann conas a bhaineann siad seo le céatadán an daonra a chlúdaítear agus freisin leis an am taistil ón stáisiún chuig eachtraí. D'fhág sé seo go rabhthas in ann bunachar sonaí, a bhí leagtha amach ina dtáblaí agus de réir téamaí, a fhorbairt maidir le limistéir na stáisiún, rud a d'fhág go rabhthas in ann léargas a fháil ar an mbealach a chuirtear acmhainní na seirbhísí dóiteáin chun feidhme i ndáil leis an bpróifíl riosca trasna údarás dóiteáin aonair agus trasna na tíre ar fad.

Rinneadh an múnla maidir le teorainnacha an ama taistil a bhailíochtú i rith chéim fhorbartha an tionscadail. Tugann na teorainneacha seo le fios cén leibhéal clúdaigh ó thaobh dóiteáin atá á bhaint amach agus déantar gaol idir an clúdach ó thaobh dóiteáin agus am taistil, rud lena dtugtar méadracht freagartha le haghaidh limistéar gach stáisiúin.

Déanfar na sonraí a sholáthraítear le próiseas anailíse ar rioscaí an Chur Chuige Riosca-Bhunaithe (CCR) a lánpháirtiú mar chuid den obair laistigh de gach seirbhís dóiteáin le seirbhísí a phleanáil. Tacóidh tuairisc an CCR, in éineacht leis na moltaí sa cháipéis seo, le lucht bainistíochta seirbhísí dóiteáin áitiúla ina gcuid anailíse ar sheirbhísí agus ina gcuid próiseas déanta cinntí agus beidh an tuairisc sin mar bhonn agus mar thaca le hathbhreithnithe a dhéanfar amach anseo ar phleannna an Údaráis Dóiteáin faoi Alt 26. Cé go dtaispeántar sonraí i ndáil le limistéir údarás dóiteáin aonair, is é beartas na Stiúrthóireachta Náisiúnta gur cheart an acmhainn is cóngaraí dá bhfuil ar fáil (ó thaobh a ghasta is a shroichfear an láthair) a chur chun feidhme i dtreo eachtraí éigeandála beag bean ar theorainneacha riaracháin. Tá coigeartú á dhéanamh ar theorainneacha stáisiún agus ar fhreastail réamhchinnte chun an scéal seo a léiriú, murab amhlaidh atá cheana féin.

Is féidir úsáid a bhaint as ábhar thuairisc an CCR chun na limistéir sin mar a mbíonn rátaí na n eachtraí dóiteáin os cionn an ghnáthráta náisiúnta a shonrú, agus chun targaidí a shocrú, ina stáisiún agus a stáisiún, le haghaidh athruithe agus feabhsuithe. Is féidir leas a bhaint as bearta cuí maolúcháin agus, go háirithe, as bearta pobail um shábháilteacht ó dhóiteán amhail scéim na n-aláram dóiteáin, chun sábháilteacht an phobail ina n-áitribh a mhéadú. Is féidir le húdaráis dóiteáin na riachtanais ar chóir tús áite a thabhairt dóibh ina limistéir féin a chinneadh agus na hacmhainní atá ar fáil a fheidhmiú ar an mbealach is éifeachtaí is féidir, rud a chinnteoidh go mbeidh cothromaíocht chuí éifeachtach idir bearta um chosc dóiteáin, bearta um chosaint ó dhóiteán agus bearta chun freagairt do dhóiteáin. Is féidir le húdaráis dóiteáin leibhéil ghníomhaíochta a stáisiúin aonair féin a chur i gcomparáid anois agus freisin gníomhaíochtaí údarás maidir le heachtraí a chur i gcomparáid le noirm agus gnáth-thargaidí náisiúnta a shocraítear sa cháipéis seo dar teideal 'Pobail a Choinneáil Sábháilte'.

Tá sé i gceist go mbeadh na tuairiscí CCR a eisíodh chuig gach údarás dóiteáin i mí Iúil 2012 ar an gcéad cheann de shraith tuairiscí lena gcruthófar léargas cuimsitheach fadaimseartha ar ghníomhaíocht seirbhíse dóiteáin agus ar na bearta ar baineadh leas astu chun líon na rioscaí a bhrú síos. Tá sé i gceist, faoi seach, go gcabhróidh sé seo le timthriall leanúnach d'fheabhsú ar sheirbhísí trí bheith ag díriú ar rioscaí a mhaolú.

# Caibidil 3 – Struchtúir le Seirbhísí Éifeachtacha Dóiteáin a Sheachadadh

## Struchtúir Reatha

Soláthraíonn an 37 údarás dóiteáin a ainmníodh go reachtúil seirbhísí dóiteáin, agus tá siadsan struchtúrtha timpeall na bpríomhúdarás áitiúil dá réir. Tagann na cúinsí seo chun cinn toisc go bhfuil seirbhísí dóiteáin á soláthar ag córas an rialtais áitiúil in Éirinn le blianta fada. De réir an tsocraithe reatha, tá 30 aonad seachadta seirbhíse ann don 37 údarás dóiteáin. Bíonn éagsúlacht nach beag ann maidir le scálaí an daonra ar a bhfreastalaíonn seirbhísí dóiteáin difriúla.

Cé go bhfuil siad struchtúrtha timpeall na bpríomhúdarás áitiúil faoi láthair, tá socruithe maidir le 'seirbhísí roinnte' i bhfeidhm i measc roinnt údarás dóiteáin, lena n-áirítear Baile Átha Cliath, Gaillimh, Lú agus an Iarmhí. Bhí na seirbhísí dóiteáin ar thús cadhnaíochta ó thaobh úsáid a bhaint as coincheap na "seirbhísí roinnte" laistigh den rialtas áitiúil, agus tá áiseanna oiliúna, móibliúcháin agus cumarsáide soláthraithe acu ar bhonn réigiúnach le roinnt blianta anois. Cuireadh clár um chomhsholáthar fearas dóiteáin i bhfeidhm in 2011 agus tá coigilteas ó thaobh cúrsaí buiséid agus riaracháin soláthraithe dá bharr.

Ar leibhéal náisiúnta, oibríonn an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil chun cabhrú le húdaráis áitiúla san obair maidir le seirbhísí comhraic dóiteáin ardchaighdeáin a fhorbairt agus a choinneáil trí mhaoiniúchán a sholáthar faoi chlár caipitil seirbhíse dóiteáin na Roinne, trí chlár oiliúna náisiúnta a rith, trí threoir a fhoilsiú maidir le hábhair ghaolmhara agus trí bheartais ghinearálta a shocrú. Chomhlíon an Stiúrthóireacht Náisiúnta um Dóiteáin agus Bainistíocht Éigeandála laistigh den Roinn an ról tacaíochta agus forbartha seo ó Mheitheamh 2009. Leis an Stiúrthóireacht, tugadh feidhmeanna na hiar-Chomhairle Seirbhísí Dóiteáin agus na Comhairle Sábháilteachta ó Dhóiteáin, chomh maith le baill na foirne riaracháin agus teicniúla sa Roinn, le chéile le haon aonad amháin a dhéanamh.

## Struchtúir le Seirbhísí a Sheachadadh Amach Anseo

Agus muid ag cuimhneamh ar an ngné seo, cuimhníodh ar cheithre rogha le seirbhísí a sheachadadh:

- Seirbhís dóiteáin náisiúnta aonair
- Seirbhís a sheachadadh ar bhonn réigiúnach
- Meascáin ina mbeadh 'Seirbhísí Roinnte' / níos mó ná údarás amháin, rud a d'fhágfadh líon níos lú d'aonaid seachadta seirbhíse ann
- Leanúint ar aghaidh le socruithe atá ann cheana fein, bunaithe ar na príomhúdaráis áitiúla

## Struchtúir Sheachadta 'Seirbhísí Roinnte'

Rinneadh grinnmhachnamh ar an gceithre rogha agus thángthas ar an gconclúid gurbh iad na húdaráis áitiúla is oiriúnaí fós leis na feidhmeanna a fheidhmiú ó thaobh shábháilteacht an phobail ó dhóiteán, cosaint ó dhóiteán, freagairt seirbhísí dóiteáin do dhóiteán agus éigeandálaí a bhainistiú, faoi réir athruithe agus caighdeánaithe ar scála na n-aonad seachadta seirbhíse. Feictear go bhfuil raon éabhlóidithe na ról a sholáthraíonn seirbhísí dóiteáin in Éirinn iontach oiriúnach do shuíomh laistigh den chóras rialtais áitiúil, i gcomparáid le dlínsí eile mar ab é seirbhís 'an tsolais ghoirm', a bhíonn fócasaithe ar aon rud amháin, an sainchúram is mó a bhíonn i gceist ag na seibhísí dóiteáin.

Rinneadh fíor-ghrinnmhachnamh ar an rogha ó thaobh a bheith ag gluaiseacht chuig seirbhís dóiteáin náisiúnta ach measadh go dtagann na róil a sholáthraíonn seirbhísí dóiteáin na n-údarás áitiúil faoi láthair, lena n-áirítear éigeandálaí móra a bhainistú, go han-mhaith le córas an rialtais áitiúil. Leis an gcáipéis seo, tá socruithe ann go mbeidh na húdaráis áitiúla fós ina n-údaráis dóiteáin ach **go bhfuil athchruthú le déanamh ar an mbealach a sheachadtar seirbhísí ón 30 seirbhís dóiteáin atá ann faoi láthair chuig 21** chun an comhsheasmhachas a bhreisiú agus chun éifeachtúlachtaí a bhaint amach. Leis na struchtúir nua, forbraítear agus leathnaítear cur chuige na "seirbhísí roinnte" agus déantar socruithe go mbeidh aonaid seachadta seirbhíse ann bunaithe timpeall ar ghrúpaí daonra idir 120 agus 200 míle duine go príomha.

Dá ainneoin sin, leis an ngrinnmhachnamh a rinneadh, tugadh chun suntais go bhfuil gá soiléir ann le gnéithe criticiúla den struchtúr a láidriú ar leibhéil náisiúnta agus réigiúnacha araon, rud a fhágfaidh éifeachtúlachtaí, cáilíocht agus comhsheasmhachas sna seirbhísí a sheachadfar. De bharr an chur chuige agus na struchtúir agus socruithe oibre éabhlóidithe a forbraíodh i réimse na seirbhísí dóiteáin agus bainistíochta éigeandálaí le deich mbliana anuas, tá na seirbhísí dóiteáin i riocht an cuspóir casta seo a bhaint amach, is é sin, an chothromaíocht is fearr is féidir a bhaint amach idir diminsin náisiúnta / réigiúnacha / áitiúla an phróisis seachadta seirbhíse.

Le sábháilteacht leanúnach pobal a chinntiú, agus na srianta reatha á n-aithint ag an am céanna, chomh maith leis an riachtanas le luach ar airgead sa soláthar seirbhíse as seo amach, meastar gurb ionann cur chuige 'seirbhísí roinnte', arna leathnú go suntasach, i leith na mbealaí a sheachadann údaráis áitiúla seirbhísí dóiteáin, agus an struchtúr is fearr chun seirbhísí a sheachadadh amach anseo, in éineacht le láidriú ar eilimintí cuí den tacaíocht do sheirbhísí ar an leibhéal réigiúnach agus náisiúnta araon.

## 'Seirbhísí Roinnte', Seirbhísí Dóiteáin Il-Údaráis

Faoin socrú seo, fanann gach údarás dóiteáin reatha faoi mar a ainmníodh iad sa reachtaíocht reatha, ach laghdaítear líon na seirbhísí dóiteáin ón 30 atá ann faoi láthair go dtí 21. Tá sé seo bunaithe ar cheithre údarás dóiteáin indibhidiúla déag, lena ngabhann daonraí idir 120,000 go dtí 200,000 agus trí sheacht 'seirbhís roinnte' a dhéanamh, lena ngabhann daonraí atá mórán mar a chéile leis na figiúir úd. Fágann sé sin go mbeidh seirbhís dóiteáin ag freastal ar dhaonra meánmhéide 153,000 (2,915,381/ 19) duine, nuair

a fhágtar an dá sheirbhís, lena ngabhann daonraí an-mhór, Baile Átha Cliath agus Contae Chorcaí, amach.

### 14 hÚdarás Dóiteáin Aonair

Is iad seo a leanas na ceithre húdarás dóiteáin aonair déag: An Clár; Cathair Chorcaí; Contae Chorcaí; Dún na nGall; Ciarraí; Cill Dara; Lú (Údaráis Dóiteáin Dhún Dealgan agus Dhroichead Átha san áireamh); Maigh Eo, An Mhí; Loch Garman; Cill Mhantáin; Tiobraid Árainn; Luimneach; agus Port Láirge (tá próiseas an athraithe chuig aon údarás amháin ar siúl i gcás na dtrí chinn deiridh).

### 7 'Seirbhísí Roinnte'

Is iad seo a leanas an seacht 'seirbhís roinnte': Ceatharlach/Cill Chainnigh; An Cabhán/Muineachán; Comhairle Cathair Bhaile Átha Cliath/Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas/Fine Gall/Dún Laoghaire-Ráth an Dúin; Cathair agus Contae na Gaillimhe; Laois/Uíbh Fhailí; An Longfort/ An Iarmhí (lena n-áirítear údarás dóiteáin Bhaile Átha Luain); agus Ros Comáin/Sligeach/Liatroim.

### 'Seirbhísí Roinnte' a Sheachadadh


Tá taithí nach beag ann i measc na n-údarás áitiúil ar a bheith ag seachadadh gnéithe dá seirbhísí ar bhonn seirbhíse roinnte. Tá sé i gceist go soláthróidh an taithí seo, in éineacht leis an obair atá ar siúl cheana féin chun seirbhísí dóiteáin a lánpháirtiú i dTiobraid Árainn, Luimneach agus Port Láirge, bonn daingean chun múnla cuí i leith seirbhísí roinnte a fhorbairt d'údaráis áitiúla. Forbrófar socruithe cuí ó thaobh rialachais, bainistíochta seirbhíse, maoiniúcháin agus cuntasachta mar chuid de chlár na n-athruithe seo.

## Tábla 3.1
## Aonaid Seachadta Seirbhísí Dóiteáin Amach Anseo

| Údarás Áitiúil | Daonra | Líon na Stáisiún Dóiteáin | Líon na gComhraiceoirí Dóiteáin (Márta 2012) | |
|---|---|---|---|---|
| **14 Limistéar ina bhfuil daonra mór** | **CSO 2011 (Daonáireamh)** | | **Lán-aimseartha[5]** | **Ar Coinneáil** |
| Maigh Eo | 130,638 | 14 | 3 | 119 |
| Cill Mhantáin | 136,640 | 10 | 0 | 95 |
| Cill Dara | 210,312 | 6 | 0 | 75 |
| Loch Garman | 145,320 | 5 | 1 | 63 |
| Contae Chorcaí | 399,802 | 21 | 1 | 219 |
| Cathair Chorcaí | 119,230 | 2 | 134 | 0 |
| Ciarraí | 145,502 | 10 | 3 | 105 |
| An Clár | 117,196 | 7 | 1 | 76 |
| Lú (lena n-áirítear Dún Dealgan & Droichead Átha)) | 122,897 | 5 | 35 | 58 |
| An Mhí | 184,135 | 7 | 0 | 71 |
| Dún na nGall | 161,137 | 16 | 0 | 155 |
| Tiobraid Árann | 158,754 | 12 | 0 | 133 |
| Luimneach | 191,809 | 7 | 60 | 70 |
| Port Láirge | 113,795 | 10 | 31 | 94 |
| | | | | |
| **7 ar bhonn "seirbhíse roinnte"** | | | | |
| An Cabhán/Muineachán | 133,666 | 17 | 0 | 132 |
| An Longphort/An Iarmhí (lena n-áirítear Údarás Dóiteáin Bhaile Átha Luain .) | 125,164 | 9 | 0 | 92 |
| Ceatharlach/Cill Chainnigh | 150,031 | 11 | 2 | 113 |
| Laois/Uíbh Fhailí | 157,246 | 13 | 1 | 121 |
| Ros Comáin/Sligeach/Liatroim | 161,256 | 15 | 4 | 140 |
| Cathair & Contae na Gaillimhe | 250,653 | 10 | 36 | 106 |
| Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath | 527,612 | 14 | 858 | 26 |
| Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas | 265,205 | | | |
| Fine Gall | 273,991 | | | |
| Dún Laoghaire-Ráth an Dúin | 206,261 | | | |
| | 1,273,069 | | | |
| **Iomláin** | **4,588,252** | **221** | **1,170** | **2,063** |

[5] Gan na hOifigigh Shinsearacha san áireamh

## Figiúr 3.1
## Léarscáil ar Aonaid Sheachadta Seirbhísí Dóiteáin Amach Anseo




Fourteen Single Fire Authorities
Tipperary Authority
Limerick Authority
Waterford Authority
Clare County Authority
Cork City Authority
Cork County Authority
Kerry County Authority
Wexford County Authority
Wicklow County Authority
Kildare County Authority
Meath County Authority
Mayo County Authority
Donegal County Authority
Louth County Authority

Seven "Shared Service" Delivery Units
Cavan and Monaghan Authorities
Longford Westmeath Authorities
Carlow Kilkenny Authorities
Laois Offaly Authorities
Roscommon Sligo and Leitrim Authorities
Galway City and County Authorities
Dublin City, South Dublin, Fingal and Dunlaoghaire Rathdown Authorities


## An Diminsean Réigiúnach agus Náisiúnta a Láidriú

Mar chuid de mhúnla na 'Seirbhísí Roinnte', láidreofar idir na heilimintí Réigiúnacha agus na heilimintí Náisiúnta a bhaineann le struchtúir sheachadta seirbhísí dóiteáin. Déanfar seo sa chaoi go mbeidh socruithe i bhfeidhm le haghaidh na sochar ó thaobh na héifeachtúlachta agus an chomhsheasmhachais, ar cuspóirí iad beirt dá dtugtar tús áite, in éineacht le seirbhísí a sheachadadh go háitiúil, lena soláthraítear bainistíocht agus cuntasacht chuí mar atá leagtha amach thuas. Ar an mbealach seo, glactar le múnla '*agus / araon*' lena soláthraítear socruithe le haghaidh na sochar a bhaineann le soláthar náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil seirbhíse, seachas múnla '*náisiúnta / nó áitiúil*'.

## Socruithe Réigiúnacha Níos Láidre

D'oibrigh seirbhísí dóiteáin le socruithe atá bunaithe ar réigiúin chun gnéithe dá gcuid seirbhísí a sheachadadh, agus leathnófar seo anois, bunaithe ar dhá leasú ar an ocht réigiún bainistíochta éigeandálaí móra. Feictear go bhfuil na réigiúin ó thaobh éigeandalaí móra iontach oiriúnach ó thaobh comhoibriú idir seirbhísí dóiteáin toisc go bhfuil bunús maith fúthu agus go bhfuil siad i mbun feidhme don chomhoibriú idir gníomhaireachtaí, agus oiriúnach freisin go gcomhoibreoidh seirbhísí cosanta sibhialta na n-údarás áitiúil leo. Fágaidh na leasuithe seo go mbeidh Tiobraid Árann Theas ina chuid de Réigiún an Mheán-Iarthair agus go mbeidh Ros Comáin ina chuid de Réigiún an Iarthuaiscirt.

## Figiúr 3.2
## Léarscáil ar Ocht Réigiún Bainistíochta Éigeandálaí Móra na hÉireann




Seven "Shared Service" Authorities
Cavan and Monaghan Authorities
Longford Westmeath Authorities
Carlow Kilkenny Authorities
Laois Offaly Authorities
Roscommon Sligo and Leitrim Authorities
Galway City and County Authorities
Dublin City, South Dublin, Fingal and Dunlaoghaire Rathdown Authorities

Authorities Merged into single Authorities inder separate Local Government reform process
Tipperary Authority - Tipperary South and Tipperary North Authorities
Limerick Authority - Limerick City and Limerick County Authorities
Waterford Authority - Waterford City and Waterford County

Tábla 3.2

Réigiúin Seirbhísí Dóiteáin

| Údarás Áitiúil | Réigiún | Daonra ó Dhaon-áireamh an CSO 2011 | Líon na Stáisiún Dóiteáin | Líon na gComhraiceoirí Dóiteáin (Márta 2012) Lán-aimseartha | Ar Coinneáil |
|---|---|---|---|---|---|
| Cill Mhantáin | An tOirthear | 136,640 | 10 | 0 | 95 |
| Cill Dara | An tOirthear | 210,312 | 6 | 0 | 75 |
| Baile Átha Cliath | An tOirthear | 1,273,069 | 14 | 858 | 26 |
| | | **1,620,021** | **30** | **858** | **196** |
| An Clár | An Meániarthar | 117,196 | 7 | 1 | 76 |
| Tiobraid Árann | An Meániarthar | 158,754 | 12 | 0 | 133 |
| Luimneach | An Meániarthar | 191,809 | 7 | 60 | 70 |
| | | **467,759** | **26** | **61** | **279** |
| An Longfort /An Iarmhí | Lár-Tíre | 125,164 | 9 | 0 | 92 |
| Laois/ Uíbh Fhailí | Lár-Tíre | 157,246 | 13 | 1 | 121 |
| | | **282,410** | **22** | **1** | **231** |
| Lú | An tOirthuaisceart | 122,897 | 5 | 35 | 58 |
| An Cabhán/ Muineachán | An tOirthuaisceart | 133,666 | 17 | 0 | 132 |
| An Mhí | An tOirthuaisceart | 184,135 | 7 | 0 | 71 |
| | | **440,698** | **29** | **35** | **261** |
| Dún na nGall | An tIarthuaisceart | 161,137 | 16 | 0 | 155 |
| Ros Comáin/ Sligeach/ Lia-troim | An tIarthuaisceart | 161,256 | 15 | 4 | 140 |
| | | **322,393** | **31** | **4** | **295** |
| Cathair Chorcaí | An Deisceart | 119,230 | 2 | 134 | 0 |
| Ciarraí | An Deisceart | 145,502 | 10 | 3 | 105 |
| Contae Chorcaí | An Deisceart | 399,802 | 21 | 1 | 219 |
| | | **664,534** | **33** | **138** | **324** |
| Port Láirge | An tOirdheisceart | 113,795 | 10 | 31 | 94 |
| Loch Garman | An tOirdheisceart | 145,320 | 5 | 1 | 63 |
| Ceatharlach/Cill Chainnigh | An tOirdheisceart | 150,031 | 11 | 2 | 113 |
| | | **409,146** | **26** | **34** | **270** |
| Maigh Eo | An tIarthar | 130,638 | 14 | 3 | 119 |
| Gaillimh | An tIarthar | 250,653 | 10 | 36 | 106 |
| | | **381,291** | **24** | **39** | **225** |

Fobrófar na socruithe oibre don chomhoibriú réigiúnach ó sheirbhísí dóiteáin trí thaithí an chomhoibrithe réigiúnaigh go n-uige seo agus de réir múnlaí reatha an oibrithe il-údaráis. Áirítear raon réimsí, mar a dtiocfaidh seachadadh seirbhíse níos comhsheasmhaí agus níos éifeachtaí de thoradh an chomhordúcháin, i measc na saincheisteanna a bhfuil machnamh le déanamh orthu ar leibhéal reigiúnach:

- Ag pleanáil le haghaidh eachtraí ar scála mór nó eachtraí forleithne agus eachtraí dá leithéid a rith ar bhonn "cúnaimh fhrithpháirtigh" sa reigiún;
- An t-athbhreithniú ar fhreastail réamhchinnte a bheith bunaithe ar an acmhainn is cóngaraí dá bhfuil ar fáil ó thaobh a fhaide is a thógfaidh sé fearas a sheoladh amach, seachas a bheith bunaithe ar theorainneacha riaracháin an údaráis dóiteáin;
- Ba chóir chuimhneamh ar 'mheasúnacht ar riachtanais' a dhéanamh ar bhonn réigiúnach ar shainseirbhísí leis an bhféidearthacht go n-ainmneofar stáisiúin bhuntábhachtacha go mbeidh trealamh/saineolas thar mar is gnách acu chun déileáil le catagóirí eachtraí sonracha / neamhghnácha. Tríd sin, bainfear an úsáid is mó is féidir as bonneagar agus baill foirne atá ann faoi láthair agus seachadófar seirbhísí speisialta ar bhealach níos éifeachtúlaí;
- Ba chóir cuimhneamh ar gach fearas (lena n-áirítear fearais speisialta) agus trealamh a chur chun feidhme agus a chomhordú ar bhonn réigiúnach.
- Ba chóir cuimhneamh ar eilimintí cuí den phróiseas soláthair agus cothabhála ar bhonn réigiúnach agus a chomhordú amhlaidh.
- Ba chóir eilimintí den oiliúint seirbhíse dóiteáin a chomhordú ar leibhéal réigiúnach.
- Ba chóir rannpháirtíocht na n-údarás áitiúil i socruithe maidir le hÉigeandálaí Móra a Bhainistiú, a chomhordú ar leibhéal réigiúnach.
- Ba chóir gnéithe cuí den obair shábháilteachta ó dhóiteán agus choisc dhóiteáin a chomhordú ar leibhéal réigiúnach.

B'fhéidir go gcuimhneofar ar shaincheisteanna eile de réir mar is cuí ar leibhéal réigiúnach, agus forbrófar socruithe oibre trasréigiúnacha de réir mar is cuí.

### Struchtúir Náisiúnta don Chomhordú agus Fhorbairt

Tagann na socruithe leis an diminsean náisiúnta a láidriú ó struchtúr na Stiúrthóireachta Náisiúnta a cuireadh i bhfeidhm i mí Mheitheamh 2009. Meastar go raibh an taithí a fuarthas le déanaí ar an gcomhoibriú idir an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus údaráis áitiúla i réimse na seirbhísí bainistíochta éigeandála agus dóiteáin ina thaithí nuálach, cuí agus éifeachtach.

Ceann de na príomhfheidhmeanna ar leibhéal náisiúnta is ea seirbhísí a chomhordú. Baineann taithí na Stiúrthóireachta ar a bheith ag comhordú fhreagairt na hÉireann ar éigeandálaí a tháinig leis an aimsir chrua in 2009/2010 go mór le hábhar. Bhí obair le gníomhaíochtaí raon rann rialtais agus sainghníomhaireachtraí a chomhordú i gceist leis seo chomh maith le seirbhísí freagartha ar leibhéal áitiúil agus réigiúnach.

I ndáil le seirbhísí dóiteáin a sholáthar, déanfaidh an Stiúrthóireacht Náisiúnta an méid seo a leanas:

- Freagairt agus tacaíocht ar leibhéal náisiúnta a chomhordú d'eachtraí ar scála mór nó d'eachtraí éigeandála móire a mbíonn lámh ag na seirbhísí dóiteáin ann (ar leibhéal chomh hard le cúnamh idirnáisiúnta agus sin san áireamh);
- Idirchaidreamh na seirbhísí dóiteáin le gníomhaireachtaí eile ar leibhéal náisiúnta a chomhordú de réir mar is cuí;
- Oiliúint a chomhordú agus clár oiliúna náisiúnta bliantúil a sheachadadh;
- Infheistíocht chaipitil i mbonneagar agus áiseanna seirbhísí dóiteáin a chomhordú agus tacú leis an infheistíocht sin;
- An próiseas lena rachfar chuig córas cumarsáide TETRA a thagann de bharr Thuairisc Athbhreithniú faoin TMRC a chomhordú agus a stiúradh, chomh maith leis an ngluaiseacht ó struchtúr reatha na dtrí réigiún chuig aon seirbhís náisiúnta amháin le nóid dháilte;
- Tiosncnaimh shábháilteachta ó dhóiteán a chomhordú lena n-áirítear an tSeachtain Náisiúnta Sábháilteachta ó Dhóiteán;
- Diminsin idirnáisiúnta a chomhordú maidir le soláthar na seirbhíse dóiteáin;
- Leanúint ar aghaidh le caighdeáin / sonraíochtaí agus treoir náisiúnta a leagan síos de réir mar is cuí lena gclúdófar raon leathan ábhar.

Rud atá ina chuid de shainordú na Stiúrthóireachta Náisiúnta um Dóiteáin agus Bainistíocht Éigeandála is ea leibhéal cuí comhsheasmhachais a bhaint amach trasna gach gné den soláthar seirbhíse ó sheirbhísí dóiteáin indibhidiúla. Tá obair le caighdeáin náisiúnta a leagan síos ar cheann de na meicníochtaí buntábhachtacha leis an gcuspóir seo a bhaint amach.

Tugann an Stiúrthóireacht Náisiúnta faoin tasc ó thaobh caighdeáin, sonraíochtaí agus treoir chuí náisiúnta a cheapadh trí údaráis dóiteáin nó oifigigh aonair a thabhairt isteach le taighde a dhéanamh ar ábhar, dréachtcháipéisí a ullmhú, oibriú le coiste saineolaithe cuí le dréacht a thabhairt chun críche sula nglacfar cáipéisí mar chaighdeáin, mar shonraíochtaí nó mar threoir náisiúnta go foirmiúil.

Leanfaidh an Stiúrthóireacht Náisiúnta um Dóiteáin agus Bainistíocht Éigeandála ar aghaidh lena ról a fhorbairt ó thaobh a bheith ag táirgeadh Caighdeán/Sonraíochtaí agus Treorach cuí agus athbhreithniú/uasdátú a dhéanamh orthu seo de réir mar is cuí i gcomhar le seirbhísí dóiteáin. I gcás nach mbeidh aon chaighdeán / sonraíocht / treoir ar fáil arna eisiúint ag an Stiúrthóireacht Naisiúnta, féadfaidh an Stiúrthóireacht treoir a eisiúint ina dtagrófar do threoir idirnáisiúnta chuí.

Bainfidh gach údarás dóiteáin úsáid as na caighdeáin/sonraíochtaí agus treoir náisiúnta arna n eisiúint ag an Stiúrthóireacht Náisiúnta ó am go chéile mar an bonn le haghaidh gníomhaíochta / oibre ábhartha agus, i gcás nach mbeidh údaráis dóiteáin á dhéanamh cheana féin, rachaidh siad ar aghaidh le hamhlaidh a dhéanamh, i gcás na n-údarás atá liostaithe in Aguisín B, roimh dheireadh 2013.

Le cois a cuid ról i ndáil leis na seirbhísí dóiteáin, tugann an Stiúrthóireacht Náisiúnta um Dóiteáin agus Bainistíocht Éigeandála faoi raon feidhmeanna ó thaobh na bainistíochta éigeandála freisin ar roinnt leibhéal de réir a cuid sainorduithe reatha. Áirítear iad seo a leanas ina measc siúd:

- Ullmhacht idir gníomhaireachtaí i measc na bpríomh-ghníomhaireachtraí freagartha (An Garda Síochána, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus na húdaráis áitiúla) a stiúradh trí bheith ina cathaoirleach ar an 'gCoiste Stiúrtha Náisiúnta um Bainistíocht Éigeandálaí Móra' agus trí thacú leis. Is é seo an Grúpa a d'ullmhaigh an Creat bunaigh chun Éigeandálaí Móra a Bhainistiú, a thug faoin gClár Forbartha um Éigeandálaí Móra 2006 - 2008 agus a dhéanann maoirseacht ar an obair fhadréimseach leanúnach san ocht réigiún Bainistíochta Éigeandálaí Móra;
- Tabhairt faoin ról comhordúcháin náisiúnta ina bhfuil an Roinn Comhshaoil ina 'Roinn Cheannais Rialtais' maidir le freagairtí ar leibhéal náisiúnta a chomhordú do raon cásanna géarchéime éigeandála;
- Rannpháirt a ghlacadh i struchtúir náisiúnta bhainistíochta éigeandálaí agus rannchuidiú leo;
- Ionadaíocht na hÉireann i gcúrsaí Cosanta Sibhialta an AE a chomhordú agus chomhlíonadh.

# Caibidil 4 – Róil na Seirbhíse Dóiteáin – Raon na Seirbhísí

**Réamhrá**

Tá sé tábhachtach cuimhneamh go stuama ar na róil a fheidhmíonn seirbhísí dóiteáin don tsochaí mar an chéad chéim sa phróiseas le soláthar seirbhísí dóiteáin in Éirinn amach anseo a phleanáil. Cé go mbaineann an reachtaíocht atá mar bhonn agus mar thaca leis na seirbhísí go príomha leis an tsábháilteacht ó dhóiteán agus leis an bhfreagairt do dhóiteáin, cumasaíonn an reachtaíocht do sheirbhísí dóiteáin dul i mbun raon leathan gníomhaíochtaí, agus tá athrú substaintiúil tagtha ar chineál na seirbhísí a sholáthraítear in imeacht na mblianta de réir mar a tháinig an tsochaí chun cinn.

Mar gheall ar a thábhachtaí is atá sé tosaíochtaí a aithint agus na hacmhainní atá ar fáil a fheidhmiú i leith na dtosaíochtaí sin, is cuí athbhreithniú a dhéanamh ar a dtugtar faoi faoi láthair d'fhonn an soláthar seirbhísí amach anseo a phleanáil. Is iad seo a leanas na saincheisteanna a threoraíonn an machnamh seo:

- Freagrachtaí reachtúla údarás dóiteáin agus an reachtaíocht atá mar bhonn agus mar thaca leo agus a chumasaíonn raon leathan gníomhaíochtaí;

- Raon reatha na seirbhísí a sholáthraítear agus a mhéid infheistíochta atá déanta leis na seirbhísí sin a sheachadadh;

- An gaol iarbhír agus an gaol a d'fhéadfadh a bheith ann idir raon reatha na seirbhísí a sholáthraítear agus freagrachtaí reachtúla gníomhaireachtaí eile. Is gá athbhreithniú agus soiléiriú a dhéanamh ar éifeachtacht na socruithe oibre ina dtugann seirbhísí dóiteáin faoi róil do, nó i gcomhar le, soláthraithe seirbhíse eile, i roinnt cásanna;

- Áit na n-earnálacha deonacha agus pobail agus socruithe oibre leo;

- Ceanglais reachtúla na reachtaíochta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, lena gcaithfidh córas sábháilte oibre a bheith i bhfeidhm agus duine ag tabhairt faoi ról ar bith. Is é an dúshlán atá ann a chinntiú go mbaineann lucht an phearsanra an inniúlacht riachtanach amach agus go gcoinníonn siad an inniúlacht sin a bhíonn riachtanach do raon na ról/na ngníomhaíochtaí a bhféadfar a ainmniú dóibh tabhairt fúthu. Baineann deacracht ar leith leis seo maidir leis na héilimh a bhíonn i gceist do lucht seirbhísí a bhíonn ar coinneáil;

- An mheaitseáil idir infhaighteacht acmhainní agus seachadadh seirbhísí. Cé gur cuí leas a bhaint as bonneagar sóisialta cosúil le seirbhísí dóiteáin lánaimseartha oiread agus is féidir, bíonn sraith shuntasach dúshlán roimh lucht na seirbhísí dóiteáin a bhíonn ar coinneáil ó thaobh a bheith ag leathnú amach thar róil lárnacha na seirbhíse dóiteáin.

## Na Ceanglais Reachtúla a bhíonn ar Údaráis Dóiteáin

Is iad seo a leanas na reimsí mar a bhfuil ceanglais shonracha reachtúla ar údaráis dóiteáin i ndáil le gníomhaíocht seirbhíse dóiteáin. Is iad na hAchtanna Seirbhísí Dóiteáin 1981 agus 2003 an reachtaíocht phríomhúil.

- Leagtar amach le hAlt 10 den Acht seo an fhreagracht bhuntábhachtach atá ar údaráis dóiteáin freagairt do dhóiteáin chun beatha daoine agus maoin a chosaint.
- Deirtear in Alt 10 (2)

*"Ní mór d'údarás dóiteáin –*

*(a) soláthar a dhéanamh chun dóiteáin i bhfoirgnimh agus in áiteanna eile de gach cineál ina limistéar feidhme a mhúchadh go tapaidh agus go héifeachtach agus chun daoine agus maoin a chosaint ar dhíobháil ó dhóiteán agus a tharrtháil ón díobháil sin, agus*

*(b) briogáid dóiteáin a bhunú agus a chothabháil, áitreabh a sholáthar agus cibé socrú eile a dhéanamh a mheasann sé is gá nó is inmhianaithe chun na críche sin, agus*

*(c) socrú leordhóthanach a dhéanamh chun glacadh le glaonna ag lorg cúnamh ón mbriogáid dóiteáin agus chun freagairt do na glaonna sin."*

Éascaítear tuilleadh le róil seirbhísí dóiteáin leis na Rialacháin um Údaráis Dóiteáin (Oibríochtaí Éigeandála) 1987 agus cinntíonn seirbhísí dóiteáin go gcomhlíontar na Rialacháin um Éascaíocht Éalaithe arna ndéanamh faoi Alt 37 den Acht Seirbhísí Dóiteáin.

Maidir leis na húdaráis áitiúla a ainmnítear ina n-údaráis dóiteáin leis an Acht Seirbhísí Dóiteáin, ainmnítear iad ina n-údaráis rialaithe foirgníochta faoin Acht um Rialú Foirgníochta, 1990 agus 2007. Foráiltear leis na Rialacháin um Rialú Foirgníochta 1997 go 2009, i measc forálacha eile, le haghaidh córais Deimhnithe Sábháilteachta ó Dhóiteán le taispeáint go gcomhlíonann dearthaí foirgneamh ceanglais um shábháilteacht ó dhóiteáin atá sna Rialacháin um Rialú Foirgníochta.

Faoi na hAchtanna um Shubstaintí Contúirteacha 1972 agus 1979, bíonn lámh ag údaráis áitiúla i gcúrsaí ceadúnúcháin faoi na Rialacháin um Shubstaintí Contúirteacha (Stórais Pheitriliam Mhiondíola agus Phríobháideacha) 1979 go 2008 agus na Rialacháin um Shubstaintí Contúirteacha (Bulcstórais Pheitriliam), 1979.



Cleachtadh oiliúna maidir le heachtra Hazmat

Ainmnítear údaráis áitiúla mar údaráis inniúla áitiúla faoi I.R. Uimh. 74/2006 – Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rialú Guaiseacha Mórthionóiscí ina bhfuil Substaintí Contúirteacha i gCeist) 2006, ar a dtugtar rialacháin SEVESO i gcoitinne, agus lena bpléitear le háitribh ar scála an-mhór, a dtugtar iad faoi chuimsiú raon feidhme rialachán COMAH mar gheall ar a mbíonn i gceist le próisis nó líon na n-ábhar a bhíonn ar an láthair.

Faoi na *Explosive Acts* 1875 agus 2006 agus I.R. Uimh. 804/2007 – An tOrdú um Stórais d'Ábhair Phléascacha 2007, bíonn lámh ag údaráis áitiúla in obair le comhairle a thabhairt faoi shábháilteacht i ndáil le hábhair phléascacha a stóráil.

Le cois freagrachtaí reachtúla a leagtar amach thuas, cumasaítear d'údaráis dóiteáin trí reachtaíocht le tabhairt faoi raon gníomhaíochtaí le hAlt 25 den Acht Seirbhísí Dóiteáin, lena dtugtar cumhacht "chumasúcháin" leathan:

– *"Féadfaidh údarás dóiteáin aon oibríochtaí de chineál éigeandála a dhéanamh nó cúnamh a thabhairt á ndéanamh, bíodh fiontar dóiteáin i gceist nó ná bíodh, agus féadfaidh údarás dóiteáin, dá réir sin, cibé socrú a dhéanamh chun daoine a tharrtháil nó a chaomhnú agus chun maoin a chosaint amhail mar a mheasann sé is gá chun críocha na feidhme sin."*

Cumasaíonn an fhoráil seo do sheirbhísí dóiteáin freagairt do raon cineálacha eachtraí seachas dóiteáin, agus áirítear leo freagairtí do thionóiscí tráchta ar bhóithre agus eachtraí maidir le hábhair ghuaiseacha chomh maith le tarrthálacha de gach cineál lena n-áirítear tarrthálacha ó uisce, áiteanna arda agus spáis chúnga.

Foráiltear le hAlt 19 agus le hailt den Acht Seirbhísí Dóiteáin ina dhiaidh go mbeidh ról ag údaráis dóiteáin in obair maidir le hIniúchóireacht ar Shábháilteacht ó Dhóiteán agus

Forfheidhmiú na Sábháilteachta sin & ionchur aca i gCeadúnú catagóirí áirithe áitreabh ag na Cúirteanna Dúiche (Alt 24 Acht Seirbhísí Dóiteáin).

Chomh maith leis na róil reachtúla a dtugtar cur síos orthu thuas, tá roinnt ról eile tagtha chun cinn d'údaráis dóiteáin. Áirítear leo:

- Bainstíocht Éigeandálaí (Creat chun Éigeandálaí Móra a Bhainistiú faoi mar a chuirtear i ngníomh tríd an gClár Forbartha um Éigeandálaí Móra 2006 – 2008);
- Sábháilteacht an Phobail ó Dhóiteán (Clár um Athrú Seirbhísí Dóiteáin 2005 – 2007);
- Róil eile maidir leis an tsábháilteacht phoiblí, lena n-áirítear Sábháilteacht Sluaite ag Imeachtaí (roinnt imeachtaí rialálaithe/ceadúnaithe)

### Róil Sábháilteachta a Mholtar

Is iad seo a leanas na réimsí mar a moltar gur chóir do sheirbhísí dóiteáin a gcuid ról sábháilteachta ó dhóiteán a chomhchruinniú. Tugtar tuilleadh eolais faoi na róil seo i gCaibidil 6.

Ba chóir gurbh iad seo a leanas na príomhróil a bheadh ag seirbhísí dóiteáin i ndáil leis an tsábháilteacht ó dhóiteán:

- laghdú a dhéanamh ar líon na n-eachtraí dóiteáin a tharlaíonn ina limistéar feidhme,
- teorannú a dhéanamh ar dhamáiste i gcás go dtarlaíonn dóiteáin, trí chinntiú go mbeidh áiseanna cosanta cuí ar dhóiteán (amhail córais chun iad a bhrath agus rabhadh a thabhairt go luath) i bhfeidhm, agus
- méadú na heachtra a chosc sa chaoi nach sroichfear leibhéal mar ar dócha go dtarlóidh bás nó an iliomad bás
- dóiteáin a mhúchadh

### Sábháilteacht an Phobail ó Dhóiteán

Ba chóir na tionscnaimh éabhlóidithe maidir le Sábháilteacht an Phobail ó Dhóiteán a láidriú:

- Clár na nAláram Deataigh – iarrachtaí a dhíriú ar dhaoine leochaileacha sonraithe, trí bheith ag obair leis an earnáil Phobail agus Dheonach
- Seiceálacha a chur i ngníomh le cinntiú go bhfuil aláraim dheataigh, a oibríonn, i gcomharsanachtaí tar éis do sheirbhísí dóiteáin freastal ar dhóiteáin
- Clár na mBunscoileanna – le sochaí a chruthú ina mbeifear feasach ar dhóiteán
- Idirghníomhaíocht leis an bpobal maidir le teachtaireachtaí spriocdhírithe faoin tsábháilteacht ó dhóiteán – Seachtain na Sábháilteachta ó Dhóitean / fiosrúcháin / faisnéis faoin tsábháilteacht ó dhóiteán
- Comhpháirtíochtaí le hearnálacha agus grúpaí pobail gaolmhara

### An Chosaint ó Dhóiteán

- An tAcht Seirbhísí Dóitean
  - Oideachas a chur orthu siúd ar a bhfuil freagrachtaí faoi Alt 18 (2) in earnálacha sonraithe

- Cumhachtaí Forfheidhmiúcháin faoi Alt 19
  - Úsáid a bhaint as treoir maidir le Beartas agus Nósanna Imeachta, lena n-áirítear scéim le rioscaí a chur in ord tosaíochta, chomh maith le córas le rioscaí áitribh aonair a ghrádú
- Alt 24 Ceadúnú
  - Leanúint ar aghaidh le monatóireacht a dhéanamh ar an tsábháilteacht in Áiteanna Tionóil Phoiblí trí Cheadúnú ón gCúirt Dúiche agus gníomhaíocht fhorfheidhmiúcháin a láidriú trí 'Chigireacht i rith Fheidhmiú na Feidhme' le sábháilteacht an phobail a chinntiú

### Substaintí Contúirteacha

- Leanfaidh údaráis dóiteáin ar aghaidh le bheith ag ceadúnú áitreabh faoi fhorálacha na Rialachán maidir le Substaintí Contúirteacha.

### Rialú Foirgníochta

- Deimhnithe um Shábháilteacht ó Dhóiteán – Leanfaidh seirbhísí dóiteáin ar aghaidh le bheith ag próiseáil iarratas ar Dheimhnithe um Shábháilteacht ar Dhóiteáin chomh maith le hobair ghaolmhar.

- Soláthraíonn / bainistíonn thart faoin leathchuid de sheirbhísí dóiteáin feidhm rialú na foirgníochta thar ceann a n-údaráis áitiúil. Táthar ag cuimhneamh ar shocruithe le haghaidh córais láidrithe um rialú foirgníochta in áiteanna eile agus is cinneadh áitiúil fós atá ann maidir le leibhéal rannpháirtíochta na seirbhíse dóiteáin i ngnéithe eile de ghníomhaíocht um rialú foirgníochta.

**Ba chóir do gach Seirbhís Dóiteáin athbhreithniú a dhéanamh ar a cuid gníomhaíochtaí um chosc dóiteáin i bhfianaise a bhfuil thuas agus iad a mhionathrú dá réir sa chaoi go mbeidh siad ag teacht leis an treoir seo i gcaitheamh na tréimhse 2013 – 2015.**

### Róil na Seirbhísí Freagartha

Faoi mar a tugadh le fios sa réamhrá, reachtaíocht chumasúcháin fhadréimseach atá sa reachtaíocht seirbhísí dóiteáin, agus tá clásal cumasúcháin in Alt 25 lena gcumasaítear do sheirbhísí dóiteáin lámh a bheith acu i gcuid mhaith ról eile seachas a bheith ag déileáil le dóiteáin.

Moltar gur chóir na freagairtí a bheidh le déanamh ag seirbhísí dóiteáin a roinnt ina dtrí chatagóir:

- Seirbhísí Lárnacha, ar cineálacha eachtraí atá iontu dá bhfreagróidh gach briogáid dóiteáin;

- Seirbhísí Lánroghnacha, mar a mbíonn lánrogha áitiúil laistigh de sheirbhísí dóiteáin indibhidiúla, ag brath ar mheastóireacht ar riachtanais laistigh den phobal agus ar shocruithe áitiúla le seirbhís a sholáthar, agus

- Cásanna Eile, i gcás nach dtagann an cineál eachtra agus na guaiseacha, in ainneoin iad a bheith cumasaithe, faoi chuimsiú fhreagrachtaí reachtúla an Achta Seirbhísí Dóiteáin, agus go meastar nach cuí acmhainní seirbhíse dóiteáin a sheoladh amach i dtreo eachtraí a chuimsítear leis na heachtraí a ainmnítear anseo.

Sa chatagóir maidir le 'cásanna eile' féadfaidh an tIonad Cumarsáide Réigiúnach ábhartha, a thógfaidh an iarraidh ar chúnamh, dul i dteagmháil leis an Oifigeach Dóiteáin Sinsearach a bheidh ar dualgas agus a bhfuil sé sainordaithe dó nó di cinneadh a dhéanamh cibé acu an seolfar acmhainní seirbhíse dóiteáin amach i bhfianaise faisnéise / cúinsí. Féadfar seirbhísí dóiteáin a sheoladh amach i gcásanna mar nach seolfaí amach de ghnáth iad má fhaightear iarraidh ar chúnamh sonrach ón nGarda Síochána.

Liostaítear na cásanna éagsúla, arna gcur i gcatagóirí faoi thrí theideal, thíos.

Tá freagracht an-suntasach ar an mbainistíocht in údaráis dóiteáin cinntiú go mbeidh córais shábháilte chuí oibre i bhfeidhm. Baintear sin amach trí chur chuige i leith rioscaí a bhainistiú lena ngabhann oiliúint / inniúlacht comhraiceoirí dóiteáin dá bharr a bhíonn nasctha le breithmheas ar riachtanais áitiúla de réir gach stáisiúin. Is léir dá mhéad ról a shanntar chuig briogáid dóiteáin le feidhmiú, gur mó an t-ualach a bhaineann leis ó thaobh sábháilteacht na foirne rannphairtí a chinntiú, oiread agus a bheidh indéanta le réasún, agus iomaí ról á seachadadh acu.

**Ba chóir do gach Seirbhís Dóiteáin athbhreithniú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí a n oibriúchán freagartha i bhfianaise an bheartais a leagtar amach anseo agus a gcuid freastal réamhchinnte (féach ar Chaibidil 7 agus ar Aguisín A) a mhionathrú sa chaoi go mbeidh siad ar aon dul leis an treoir seo roimh dheireadh 2013.**

### Seirbhísí Oibriúcháin Lárnacha (do gach briogáid dóiteáin)

Is iad seo a leanas liosta na bpríomhról freagartha do gach seirbhís dóiteáin:

- Aerárthaigh (Ar Aire mar Chúltaca i gcás Éigeandála/Eachtra)
- Aláram Dóiteáin Uathoibríoch
- Dóiteán ar bord Báid - agus í feistithe ag calafort srl.
- Dóiteán ar bord Loinge - agus í feistithe ag calafort srl.
- Dóiteán ar bord Loinge ar Muir - Iarrataí ón nGarda Cósta chuig lucht Freagartha d'Éigeandáil Mara Bhriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath
- Dóiteán Feithicle (Gluaisrothar / Carr / Trucail / Bus / Cóiste / Feithicil lena n-iompraítear Earraí Contúirteacha)
- Dóiteán i dTeach / Árasán Cónaithe (lena n-áirítear tuairiscí faoi dheatach a bheith ag teacht as foirgnimh agus ballaí a bheith te)
- Dóiteán i gCarabhán
- Dóiteán Portaigh / Aitinn / Foraoiseachta
- Dóiteán i Scioból Feir & ar Fheirm
- Dóiteán i Simléar

- Dóiteán Lasmuigh (Tine Chnámh / Claí / Fál / Féar / Crann /Bruscar / Scipe Bruscair / Clais Bruscair / Ola / Peitril) Dóiteán Tionsclaíoch / Institiúideach / Cois Cuain / i dTollán & Struchtúr faoi Thalamh / i Stóras Ábhar Pléascaigh / Príosún & Cóiríocht Dhaingnithe / i bhFoirgneamh Il-Chónaithe / i bhFoirgneamh Ardstórach / i gCarrchlós faoi Thalamh / i gCarrchlós Ilstórach / i bhFoirgneamh Tionóil Phoiblí / i bhFoirgneamh Neamhshealbhaithe / i bhFoirgneamh Paineál Srathaithe / in Íoslaigh (lena n-áirítear tuairiscí faoi dheatach a bheith ag teacht as foirgnimh agus ballaí a bheith te)
- Eachtra a bhaineann le Leictreachas (Sreangaí Tite / Leictreamharú)
- Eachtra ar bord Báid agus Daoine Tuairiscithe – agus í feistithe ag calafort srl.
- Eachtra ar Iarnród
- Eachtra maidir le hÁbhar Guaiseach, lena n-áirítear Aicéitiléin
- Faoi Ghlas laistigh d'Fhoirgneamh - Beatha i mBaol
- Faoi Ghlas lasmuigh d'Fhoirgneamh - Beatha i mBaol
- Foirgneamh tite go talamh - Daoine Tuairiscithe
- Gás (Boladh / Sceitheadh Gáis)
- Guais maidir le Radaíocht
- Iarraidh ón nGarda Síochána ar an tSeirbhís Dóiteáin Freastal ar Eachtra
- Oighear & Tarrtháil ar Thalamh Neamhsheasmhach
- Pléascadh
- Séarach / Trinse Imthite - Duine Sáinnithe
- Tarrtháil Ghinearálta - Daoine Tuairiscithe
- Tionóisc Tráchta ar Bhóthar - daoine tuairiscithe (seachas Glanadh Bóthair)
- Tuilte - Beatha i mBaol - tarrtháil agus róil rabhaidh

### Seirbhís Oibriúcháin - Róil Lánroghnacha

Moltar do gach seirbhís dóiteáin cuimhneamh ar na liostaí seo a leanas i gcás go mbeidh cinneadh maidir le beartas le déanamh mar fhreagairt d'eachtraí sna catagóirí seo. Agus cinneadh á dhéanamh tabhairt faoi ról, ba chóir go mbeadh seirbhísí ar an eolas faoin ngá go mbeidh córais shábháilte oibre i bhfeidhm do gach ról a bhfuil sé beartaithe tabhairt fúthu. San áireamh leis sin, ní mór trealamh, nósanna imeachta, oiliúint agus treoracha cuí a bheith ann. I gcásanna ina bhfuil freagracht reachtúil ar chomhlacht eile as feidhm, níor chóir go mbeadh lámh ag seirbhísí dóiteáin sa scéal ach amháin ar an mbonn gur acmhainn fhógartha atá iontu a bheidh le seoladh amach ag an tseirbhís atá freagrach.

- Ardaitheoir - Duine / Daoine sáinnithe
- Corp a Aisghabháil (seachas ón Uisce)
- Duine a tharrtháil ó áit ard
- Eachtraí a bhaineann le Truailliú agus leis an gComhshaol
- Foirgneamh Tite go Talamh - Gan Duine ar bith Tuairiscithe
- Guais ar bhóithre (Glanadh suas tar éis tionóisc tráchta ar bhóithre, Crainn a bheith Tite, Ola nó Substaint eile, Tuilte ar bhóthar, Foirgneamh Contúirteach ar thaobh an bhóthair srl.)
- Iarraidh ar uisce a sholáthar d'fhoirgnimh

- Ola Doirte
- Tarrtháil ó Abhainn (i gcomhar le Garda Cósta na hÉireann)
- Tarrtháil ó Mhianach agus ó Phluais (iarrataí ar chúnamh)
- Tarrtháil ó Spás Cúng (Séaraigh / Sadhlanna)
- Tuilte – Gan Beatha Duine ar bith i mBaol (m.sh. ag pumpáil uisce amach)

Cé go bhfuil mian ann a chinntiú go mbeidh teacht ag pobail ar raon leathan de sheirbhísí poiblí nuair a bhíonn gá acu leo, tá cásanna áirithe ann nach meastar é a bheith cuí acmhainní seirbhísí dóiteáin a chur chun feidhme. Áirítear leo siúd cásanna ina mbíonn seirbhísí níos oiriúnaí ann ar chóir aon ghlaonna san catagóirí seo a threorú ina leith. Thairis sin, dá gcuirfí seirbhísí dóiteáin chun feidhme chun freastal ar ghlaonna dá leithéid, d'fhágfaí go mb'fhéidir nach mbeadh seirbhísí dóiteáin ar fáil, nó go mbeadh dáil orthu agus iad ag freagairt dá róil lárnacha maidir le sábháilteacht an phobail. Meastar go bhfuil na cásanna a liostaítear thíos míchuí mar sin go bhfreagródh seirbhísí dóiteáin dóibh, faoi réir ag iarrataí ón nGarda Síochána cúnamh a thabhairt ar bhealaí sonracha. Leis an liosta seo, tá eagraíochtaí, ar dócha go mbeidh ról acu sna cineálacha eachtraí seo, curtha san áireamh (faoi mar a thaispeántar i lúibíní mar seo a leanas: SNO – an tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna, GCÉ – Garda Cósta na hÉireann; AGS – An Garda Síochána; ROP – An Rannán Ordanáis Phléascaigh; TSP Tarrtháil Sléibhe & Pluaise; *RSPCA – Royal Society for Prevention of Cruelty to Animals)*

- Ainmhithe a Tharrtháil (RSPCA)
- Aláram Buirgléireachta (AGS)
- Bád – Gan a bheith Feistithe ag Calafort srl. (GCÉ)
- Corp a Tharrtháil ón Uisce (GCÉ)/ AGS)
- Corraíl Shibhialta (AGS)
- Cúnamh do Lucht Otharcharranna (FSS SNO) (Tá comhráite ar siúl le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte d'fhonn cásanna agus socruithe a shoiléiriú i gcás go bhféadfaí seirbhísí dóiteáin a sheoladh amach i ról cúnta do lucht otharcharranna)
- Duine ar Iarraidh, ach amháin sa chás go n-iarrann an Garda Síochána ar sheirbhís freastal i ról sonach (AGS / Cosaint Shibhialta)
- Eachtraí a bhaineann le hÁbhair Phléascaigh / Goiris nó Sorcóirí Amhrasacha – ach amháin sa chás go n-iarrann an Garda Síochána ar sheirbhís freastal air le bheith ar aire i gcás go dtarlódh dóiteáin (AGS / ROP)
- Éigeandálaí Leighis (seachas Seirbhís Dóiteáin Bhaile Átha Cliath a sholáthraíonn seirbhís otharchairr éigeandála (FSS / SNO) (Tá comhráite ar siúl leis an FSS maidir le tacaíocht a d'fhéadfadh an tseirbhís dóiteáin a thabhairt dá bhfeidhmeanna reachtúla)
- Faoi Ghlas laistigh d'Fhoirgneamh – Gan Beatha a bheith i mBaol
- Faoi Ghlas lasmuigh d'Fhoirgneamh – Gan Beatha a bheith i mBaol
- Foláireamh faoi Bhuama (AGS)
- Long – Gan a bheith Feistithe ag Calafort srl. (GCÉ)
- Tarrtháil ó Phluais (AGS)

- Tarrtháil Sléibhe, ach amháin sa chás go n-iarrann an Garda Síochána ar sheirbhís freastal air chun tacaíocht a thabhairt (AGS / Earnáil Dheonach / TSP)

**Róil maidir le Bainistíocht Éigeandála do Sheirbhísí Dóiteáin**

Tá dul chun cinn suntasach déanta i leith na Bainistíochta Éigeandála in Éirinn le cúig bliana anuas. Tá aitheantas tugtha do na seirbhísí dóiteáin mar dhream a rannchuidigh go fíormhór leis an bhforbairt seo, agus sholáthair oifigigh na seirbhíse go leor saineolais as ar forbraíodh an Creat chun Éigeandálaí Móra a Bhainistiú (2006) agus an Clár Forbartha um Éigeandálaí Móra 2006 – 2008 ina dhiaidh.

Rud a bhí ar cheann de na cuspóirí a bhain leis an gclár deiridh sin ab ea leibhéal cumais sa bhainistíocht éigeandála a neadú laistigh de na 'Príomh-Ghníomhaireachtraí Freagartha' (na húdaráis áitiúla, An Garda Síochána agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte) ar bhonn níos leithne, chomh maith le bheith ag cinntiú go gcuirfí struchtúir agus socruithe oibre i bhfeidhm le hoibriú éifeachtach idir gníomhaireachtaí a chumasú. Baineadh leas as na socruithe sin le linn roinnt géarchéimeanna, lena n-áirítear le heachtraí a bhainistiú a bhain le haimsir chrua (Samhain 2009, Eanáir 2010, Nollaig 2010) chomh maith leis an gcás inar thuirt eitleán go talamh ag Aerphort Chorcaí (Feabhra 2011) ó thráth an chláir fhorbartha.

**Ba chóir do gach seirbhís dóiteáin leanúint ar aghaidh le bheith ag tabhairt faoi na róil seo a leanas ó thaobh na bainistíochta éigeandála:**

- An tseirbhís dóiteáin í féin a ullmhú le haghaidh oibríochtaí ar scála mór agus oibríochtaí idir gníomhaireachtaí, toisc gur dócha gurb í siúd an chéad seirbhís de chuid an údaráis áitiuil a fhreastalóidh ar éigeandálaí a tharlaíonn go tobann.

- Leanúint ar aghaidh le bheith ag stiúradh / ag tacú leis an gCoiste Bainistíochta Éigeandálaí Móra laistigh den údarás áitiúil

- Leanúint ar aghaidh le bheith ag tacú / ag rannchuidiú le Grúpaí Réigiúnacha Idir-Ghníomhaireachta BÉM (MEM)

- Seirbhís na Cosanta Sibhialta de chuid an údaráis áitiúil a lánpháirtiú le róil dóiteáin BÉM / údaráis áitiúil

- Cumas an phobail áitiúil agus oibrithe deonacha a lánpháirtiú mar chuid de struchtúir bhainistíochta éigeandála i gcomhar leis an earnáil Phobail agus Dheonach

- Ról comhordúcháin, áiseanna agus tacaíocht a sholáthar agus a rith ar an láthair agus ar bhonn áitiúil de réir mar is cuí.

Leis na róil atá leagtha amach thuas, tugtar le fios raon suntasach na seirbhísí a sholáthraíonn seirbhísí dóiteáin don phobal lena n-áirítear sábháilteacht an phobail ó

dhóiteán, cosaint theicniúil ar dhóiteán, rialú foirgníochta, foirgnimh chontúirteacha, freagairt oibriúcháin lena gcuimsítear níos mó ná díreach dóiteáin a mhúchadh, agus lena gcuimsítear freagairtí do raon cásanna tarrthála, eachtraí maidir le hábhair ghuaiseacha agus tionóisc tráchta ar bhóithre, chomh maith le bainistíocht éigeandála agus cosaint shibhialta. Tá raon teideal á n-úsáid faoi láthair ag údaráis dóiteáin chun cur síos a dhéanamh ar a seirbhísí dóiteáin. Chun an raon sin a chaighdeánú agus a chuimsiú, ba chóir do gach seirbhís dóiteáin an teideal ‘Seirbhís Dóiteáin agus Cosanta Sibhialta’ a ghlacadh.



# Caibidil 5 – Tosaíochtaí agus Targaidí

## Réamhrá

Tugtar meánrátaí náisiúnta le haghaidh catagóirí difriúla dóiteáin i dTábla 7.1. Léirítear treochtaí ginearálta fadaimseartha i ndáil leis na catagóirí eachtraí seo i dTuairisc Taighde a bhaineann le 'Pobail a Choinneáil Sábháilte'.

Sa chaibidil seo, leagtar targaidí dúshlánacha ach réalaíocha síos le catagóirí ábhartha d'eachtraí dóiteáin in Éirinn a laghdú. An éifeacht a bheidh ag na targaidí seo is ea go gcinnfear tosaíochtaí sheirbhísí dóiteáin na hÉireann don tréimhse amach romhainn. De na targaidí ar leibhéal náisiúnta, déanfar targaidí áitiúla do sheirbhísí dóiteáin áitiúla, agus chomh fada síos do chás an stáisiúin dóiteáin aonair. Beartaítear é seo mar láidriú eile ar dhiminsean náisiúnta / áitiúil na sábháilteachta dóiteáin agus mar láidriú ar sheachadadh na seirbhísí, leis an gcuspóir go gcosnófar an pobal.

## Eachtraí a Chur i gCatagóirí

Leis an gcáipéis seo, táthar ag glacadh dearcadh ar an mbainistíocht sábháilteachta ó dhóiteán atá bunaithe ar chur chuige i leith rioscaí a bhainistiú agus ar chuspóirí seirbhíse a chur in ord tosaíochta. Déantar rioscaí a chur i gcatagóirí de réir ordlathas lena ngabhann trí leibhéal – príomhúil, tánaisteach agus treasach – a úsáidtear mar bhonn le seirbhís a phleanáil agus gníomhaíochtaí a bhainistiú.

Tagann catagóiriú na dtrí leibhéal leis an maitrís a thaispeántar i bhFigiúr 2.2. Aithnítear ann go dtarlaíonn go leor eachtraí dóiteáin an-bheag gach bliain a phléann daoine atá fiorchóngarach dóibh ag an am leo agus a mhúchann na dóiteáin iad féin, agus nach bhfágann ach líon teoranta iarmhairtí nó iarmhairtí ar bith dá mbarr. Ní thuairiscítear eachtraí dá leithéid do sheirbhísí dóiteáin agus cuirtear iad i láthair sa cholún ar chlé sa mhaitrís. Cuirtear síos ar dhóiteáin sa chéad cholún eile mar dhóiteáin lena bhféadfadh tionchar teoranta a bheith acu, agus cuirtear dóiteáin lena ngabhann iarmhairtí tromchúiseacha, an-tromchúiseacha agus tubaisteacha leo sna trí cholún ar dheis.

> Eachtraí Príomhúla is ea dóiteáin nó eachtraí eile ina dtuairiscítear daoine a bheith gortaithe lena linn nó atá ina gcásanna a fhágann nach mór daoine a tharrtháil; gach dóiteán i bhfoirgnimh lena n-áirítear áitribh chónaithe (seachas dóiteáin i simléir), dóiteáin i bhfeithiclí lena n-iompraítear earraí contúirteacha; Eachtraí Tráchta ar Bhóithre agus eachtraí *Hazmat* a dtuairiscítear daoine a bheith i gceist leo; gach eachtra a bhaineann le haerárthaigh agus iompar iarnróid.
>
> Eachtraí Tánaisteacha is ea dóiteáin a bhaineann le feithiclí (seachas carranna), le leantóirí nó modhanna eile iompair; catagóirí eile eachtraí lena n-áirítear Tionóiscí Tráchta ar Bhóithre, eachtraí *hazmat* srl. nach dtuairiscítear daoine a bheith i gceist;

dóiteáin i ngléasra stórála agus innealra lasmuigh, i scioból féir agus ar fheirm / ar phortach / in aiteann / i bhforaois nó dóiteáin ghaolmhara ag baint le maoin.

Eachtraí Treasacha is ea na heachtraí sin lena mbaineann bagairt bheag nó bagairt ar bith do bheatha an duine agus gur dócha go mbeidh an damáiste a dhéanfar ar mhaoin an-teoranta. Áirítear dóiteáin den chineál seo a leanas leo: dóiteáin i simléir, dóiteáin i mboscaí / scipe bruscair / dóiteáin bhruscair / dramhaíola, dóiteáin a bhaineann le carranna agus gluaisrothair, dóiteáin lasmuigh lena n-áirítear tinte cnámh, dóiteáin a bhaineann le claíocha / fálta, féar, crainn nó dóiteáin eile lasmuigh.

Feidhmítear grádú trí leibhéal seo na n-eachtraí i leith na gcatagóirí ar fad a liostaítear in Aguisín A.

## Cuspóirí agus Targaidí Náisiúnta

Sa chuid seo, leagtar amach na cuspóirí agus targaidí náisiúnta le haghaidh catagóirí éagsúla d'eachtraí dóiteáin don tréimhse chomh fada le deireadh 2015, ach amháin sa chás go sonraítear amscála eile sa targaid féin. I gcás go sonraítear laghduithe ar chéatadán, ba chóir figúir an bhonnlíne a bhunú ar mheánfhigiúir na dtrí bliana roimhe chun tionchar na ngnáth-athruithe bliantúla a tharlaíonn i gcás staitisticí seirbhísí dóiteáin a laghdú oiread agus is féidir. Soláthraítear meánfhigiúir ó shonraí bonnlíne ar feadh trí bliana i dtuairiscí an Chur Chuige Riosca-Bhunaithe dá dtagraítear i gCaibidil 2 chun na críche seo. Tuigtear freisin go mbíonn éagsúlacht shuntasach sna réigiúin i gcatagóirí áirithe eachtraí a rachaidh i bhfeidhm ar na targaidí a leagann seirbhísí dóiteáin aonair síos.

## Brathadóirí Deataigh i dTithe

Cuspóir buntábhachtach maidir leis an targaid thuas a chomhlíonadh i leith básanna de bharr dóiteáin is ea obair i dtreo is go mbeidh aláraim dheataigh, a oibríonn, feistithe istigh i 100% d'áitribh chónaithe, agus go mbeidh 90% de theaghlaigh ag cloí le teachtaireachtaí sábháilteachta ó dhóiteán maidir le haláraim dheataigh, a oibríonn, faoi dheireadh 2017.

## Dóiteáin in Áitribh Chónaithe

Ag leanúint ar aghaidh leis an treocht, atá ag dul síos le fada, maidir le ráta na ndóiteán in áitribh chónaithe (4500 pa) a laghdú ó 100 dóiteán in áitreabh cónaithe / gach 100,000 duine dóiteán in áitreabh cónaithe go dtí 80 dóiteán in áitreabh cónaithe / gach 100,000 duine faoi dheireadh 2017.



Brathadóir Deataigh"

### Dóiteáin in Áitribh Chónaithe

Ag leanúint ar aghaidh leis an treocht, atá ag dul síos le fada, maidir le r**áta na ndóiteán in áitribh chónaithe** (4500 pa) a laghdú ó 100 dóiteán in áitreabh cónaithe / gach 100,000 duine  dóiteán in áitreabh cónaithe go dtí 80 dóiteán in áitreabh cónaithe / gach 100,000 duine faoi dheireadh 2017.

### Dóiteáin i Simléir

Tá ráta na ndóiteán i simléir (5000 pa) iontach ard in Éirinn, ar ráta 110 dóiteán/ gach 100,000 duine.  Tá sé i gceist laghdú 30% a dhéanamh ar an bhfigiúr sin go 3500 dóiteán in aghaidh na bliana, nó 75 / gach 100,000 duine faoi dheireadh 2015.

### Ráta Foriomlán Dóiteáin

Bhí an **ráta dóiteáin foriomlán** (35,000) nó 800 / gach 100,000 duine réasúnta seasmhach, agus tá sé i gceist leanúint leis an treocht anuas go mbainfear amach targaid 27,000 dóiteán in aghaidh na bliana nó 600 / gach 100,000 duine in imeacht cúig bliana, trí fhócas ar a bheith ag laghdú dóiteán treasach faoi dheireadh 2015.

### Ráta Foriomlán na nEachtraí

Bhí r**áta foriomlán na n-eachtraí** (55,000) ag 1280 / gach 100,000 duine réasúnta seasmhach, agus tá sé i gceist go leanfar ar aghaidh le treocht na bhfigiúr a bheith ag dul in ísle go mbainfear amach targaid 45,000 eachtra nó 1000 eachtra / gach 100,000 duine faoi dheireadh 2017.

### Targaidí Náisiúnta le Laghdú a Dhéanamh ar an Éileamh

Cé go n-aithnítear go mbíonn roinnt fachtóirí ann ar féidir leo dul i bhfeidhm ar rátaí dóiteán (m.sh. tréimhse thirim níos faide - go háirithe san Earrach / go luath sa Samhradh) a d'fhéadfadh líon na ndóiteán ar thalamh féaraigh / ar phortaigh / i bhforaoisí) a mhéadú go suntasach, ceann de na príomhchuspóirí atá ann ó thaobh targaidí a leagan síos is ea an t-éileamh a bhainistiú, go háirithe maidir le dóiteáin threasacha, agus an t-éileamh sin a laghdú síos i dtreo leibhéil na dtargaidí.

### Laghdú ar Líon na nDóiteán Treasach

Is é 22% in imeacht 5 bliana, le laghdú sonrach 30% ar líon na ndóiteán i simléir in imeacht 3 bliana, an targaid atá ann maidir le líon na ndóiteán treasach a laghdú.

Leagfar amach na meicníochtaí a d'fhéadfaí a úsaid chun na targaidí sin a bhaint amach, sna Nótaí ábhartha maidir le Dea-Chleachtais. Baineann an chéad chéim le grinnstaidéar ar gach stáisiún, ceann i ndiaidh a chéile, agus le comparáid a dhéanamh le rátaí náisiúnta, as a bhféadfar aimhrialtachtaí suntasachta a shonrú chomh maith le tosaíochtaí áitiúla a roghnú. Áirítear iad seo a leanas leis na meicníochtaí:

- Úsáid mhéadaithe á baint as córas na bhfógraí maidir le "Dó faoi Riail" ag feirmeoirí sa chaoi nach mbeidh tríú páirtithe ag cur fios ar na seirbhísí dóiteáin i gcásanna dóiteán talún féaraigh;

- Tionscnaimh Spriocdhírithe maidir le Sábháilteacht an Phobail ó Dhóiteán, lena n-áirítear aird daoine a tharraingt ar an tionchar a d'fhéadfaí a imirt ar shábháilteacht an phobail trí chásanna ina seoltar seirbhísí dóiteáin amach gan ghá chuig eachtraí treasacha;

- Gníomhaíochtaí lárnacha a chaighdeánú mar a pléadh i gCaibidil 4.

Áirítear straitéisí éagsúla leis na tionscnaimh maidir le sábháilteacht an phobail ó dhóiteán lena n-áirítear sábháilteacht an phobail amhail oideachas a chur ar dhaoine maidir leis an bhfíorthionchar a bhaineann le fios a chur ar bhriogáidí dóiteáin i gcásanna dóiteán treasach agus i gcásanna coirloiscthe, agus maidir le cláir chun dóiteáin a chosc, a reáchtálann roinnt gníomhaireachtaí agus iad ag obair as láimh a chéile maidir le rudaí amhail carranna a bheith á ndó go mailíseach, srl.

### Targaidí Áitiúla na Seirbhísí Dóiteáin

Scrúdóidh gach seirbhís dóiteáin na treochtaí dá limistéar feidhme féin i ndáil leis na cuspóirí náisiúnta a leagtar amach thuas agus leagfaidh siad targaidí áitiúla ábhartha síos le haghaidh na dtréimhsí agus tuairisceoidh siad chuig an Stiúrthóireacht Náisiúnta ar eatraimh rialta faoi mar a comhlíonadh na targaidí sin.

Is féidir a bheith ag súil leis go mbeidh éagsúlachtaí ann (éagsúlachtaí suntasacha uaireanta) trasna limistéar stáisiún i ndáil le méanrátaí eachtraí náisiúnta agus seirbhísí dóiteáin le haghaidh catagóirí na n-eachtraí coitianta. Is é an cuspóir atá ann laghdú a dhéanamh ar a mhéad is a théitear amach go mór ó na gnáthrátaí i gcásanna stáisiún dóiteáin aonair. Ó thaobh targaidí maidir lena mhéad is a bheidh rátaí eachtraí os cionn mheánfhigiúr na seirbhíse dóiteán, ba chóir gur uasteorainn 1.5 x meánfhigiúir sin na seirbhíse a bheidh i gceist leis na targaidí úd, ach ba chóir gur idir 0.75 agus 1.25 x meánrátaí na seirbhíse na meánrátaí a bheidh i gceist do limistéir stáisiún laistigh de sheirbhísí dóiteáin.

# Caibidil 6 – An tSábháilteacht ó Dhóiteán

## Réamhrá

Meastar an tsábháilteacht ó dhóiteán sa Chaibidil seo. Soláthraíonn seirbhísí dóiteáin raon seirbhísí lena mbreisítear an tsábháilteacht agus ar a dtugtar róil maidir le “sábháilteacht an phobail ó dhóiteán” agus róil reachtúla “innealtóireachta, oideachais agus forfheidhmiúchán sábháilteachta”. Leis na seirbhísí a sholáthraíonn údaráis dóiteáin chun pobail a chosaint, áirítear raon cur chuigeanna sábháilteachta ó dhóiteán lena n-áirítear comhairle, bolscaireacht, iniúchóireacht / ceadúnúchán, cigireacht agus forfheidhmiúchán. Lena chois sin, soláthraíonn an tseirbhís dóiteáin seirbhísí iniúchóireachta ar an tsábháilteacht ó dhóiteán – lena n-áirítear athbhreithnithe ar dhearadh agus ar fhorfheidhmiú na sábháilteachta ó dhóiteán faoi reachtaíocht um rialú foirgníochta chomh maith le stóráil Substaintí Peitriliam a cheadúnú agus imeachtaí poiblí áirithe a cheadúnú.

Meastar saincheist na sábháilteachta ó dhóiteán sa bhaile sa chaibidil seo freisin. Cé nach dtagann sé faoi chuimsiú reachtaíochta, is réimse an-suntasach é seo toisc go dtarlaíonn formhór na mbásanna de bharr dóiteáin in Éirinn sa bhaile.

Príomhsprioc agus ról ghníomhaíochtaí na seirbhísí dóiteáin is ea beatha daoine a chosaint agus gortuithe / caillteanais de bharr dóiteáin a chosc i gcás gur féidir sin. Chuige sin, spriocdhírítear na hacmhainní a bhíonn ar fáil i dtreo is go gcoiscfear dóiteáin i gcás gur féidir, agus go gcinnteofar go bhfeisteofar foirgnimh le córais luathrabhaidh chuí agus áiseanna eile le foláireamh a thabhairt do chónaitheoirí agus iad a chosaint. Cé go ndéanann seirbhísí dóiteáin a ndícheall riosca an dóiteáin a laghdú – idir an dóchúlacht go dtarlóidh dóiteán chomh maith leis na hiarmhairtí i gcásanna go mbeidh dóiteáin adhainte – bíonn dóiteáin fós ag tarlú i bpobail. Maidir leis an tseirbhís freagartha a phléitear sa chéad Chaibidil eile, is é sin an tríú cur chuige agus an ceann deiridh i leith gortuithe, caillteanas beatha daoine, agus damáiste ar mhaoin de bharr dóiteán agus éigeandálaí eile a laghdú oiread agus is féidir.

## Reachtaíocht

Rialaítear an tsábháilteacht ó dhóiteán in Éirinn le reachtaíocht a ritheann an tOireachtas, agus is iad seo a leanas na príomhfhorálacha reachtaíochta i ndáil le dóiteán.

### An tAcht Seirbhísí Dóiteáin

- I bhFoirgnimh seachas áitribh chónaithe leagtar freagracht le hAlt 18(2) an Achta Seirbhísí Dóiteáin as an tsábháilteacht ó dhóiteán ar an *“duine a bhfuil an foirgneamh faoina riail”*. Tá roinnt Treoircháipéisí foilsithe ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil chun cabhrú le daoine dá leithéid an oibleagáid reachtúil seo a chomhlíonadh (Féach ar Aguisín B).

- Tugtar sraith cumhachtaí cumasúcháin / forfheidhmiúcháin d'Údaráis Dóiteáin sna hailt den Acht Seirbhísí Dóiteáin ina dhiaidh sin, lena gcuimsítear raon leathan nithe idir rabhaidh ó bhéal a thabhairt agus fógraí dúnta a eisiúint, a fhéadfaidh siad a úsáid i gcás nach mbeidh siad sásta go bhfuil na *"daoine a bhfuil an foirgneamh faoina riail*" ag comhlíonadh a ndualgais reachtúil.
- á go leor catagóirí d'Áiteanna Tionóil Phoiblí (Pubanna, Hallaí Damhsa, srl) faoi réir ag ceanglais cheadúnúcháin bhreise sa Chúirt Dúiche, agus foráiltear le hAlt 24 den Acht Seirbhísí Dóiteáin go bhfreastalóidh údaráis dóiteáin ar sheisiúin cheadúnúcháin i gcúirteanna agus go dtabharfaidh siad fianaise ann lena linn i ndáil leis an tsábháilteacht ó dhóiteán.

## An tAcht um Rialú Foirgníochta & Rialacháin Foirgníochta

- Leis an Acht um Rialú Foirgníochta 1990 agus Rialacháin ghaolmhara, tugadh caighdeáin isteach maidir le foirgnimh a dhearadh agus a thógáil, lena n-áirítear caighdeáin don tsábháilteacht ó dhóiteán i bhfoirgnimh. Leis na Rialacháin, tugadh córas 'an Deimhnithe Sábháilteachta ó Dhóiteán' isteach freisin, lena ndéanann údaráis dóiteáin athbhreithniú ar ghnéithe dearthaí le haghaidh foirgneamh ó thaobh na sábháilteachta ó dhóiteán de le féachaint an gcomhlíonann siad na rialacháin foirgníochta.
- Tríd an gcóras seo, seiceálann baill ghairmiúla de na seirbhísí dóiteáin dearthaí le haghaidh foirgneamh le féachaint an gcomhlíontar caighdeáin sábháilteachta ó dhóiteán. Leagtar na caighdeáin sábháilteachta ó dhóiteán amach i gCáipéis ar a dtugtar "Treoircháipéis Theicniúil B – DÓITEÁN".
- Tá an córas seo i bhfeidhm ó 1992, agus mar gheall ar scála an bhorrtha faoi chúrsaí tógála sna blianta idir an dá linn, rinneadh go leor le bagairt an dóiteáin in Éirinn a mhaolú trí bheith ag cinntiú go mbíonn gnéithe cuí ó thaobh na sábháilteachta ó dhóiteán ina gcuid de dhearthaí, i ndáil le bealaí éalaithe, foirgníocht agus cúnamh do bhriogáidí dóiteáin.
- Tá réimeas breisithe cigireachta agus deimhniúcháin á fhorbairt faoi láthair lena chinntiú gurb ionann dearadh maith agus foirgnimh a bheidh tógtha go maith.

## Reachtaíocht maidir le Substaintí Contúirteacha

- Leis an Acht um Shubstaintí Contúirteacha 1979 agus na Rialacháin ghaolmhara, déantar foráil le haghaidh stóras peitriliam miondíola agus príobháideach a cheadúnú, chomh maith le bulcstórais agus lamairní lena bpléitear le haicmí áirithe de shubstaintí peitriliam a stóráil / a dhíol / a dháileadh. Déanann údaráis dóiteáin na stórais mhiondíola agus phríobháideacha a cheadúnú.
- Tá an córas seo faoi athbhreithniú faoi láthair ag an Roinn Post, Fiontair agus Nuálaíochta atá ina n-urraitheoirí ar an reachtaíocht um Shubstaintí Contúirteacha.

## Nósanna Imeachta maidir le Gníomhaíocht Sábháilteachta ó Dhóiteán

Táthar ag forbairt dréachtsraith de nósanna imeachta náisiúnta / sreabhchairteanna maidir le raon iomlán na gníomhaíochta a bhaineann leis an tsábháilteacht ó dhóiteán. Eiseoidh an

Stiúrthóireacht Náisiúnta iad seo mar Nótaí maidir le Dea-Chleachtas agus glacfaidh agus úsáidfidh gach údarás dóiteáin iad mar an bonn le haghaidh gníomhaíochta comhsheasmhaí agus éifeachtaí i leith na sábháilteachta ó dhóiteán sna blianta amach romhainn.

## Caighdeáin Thagartha

Leagtar amach an Treoir agus na Cáipéisí Tagartha / Caighdeáin atá le cur chun feidhme i ngach réimse den obair shábháilteachta ó dhóiteán in Aguisín B. Cuirtear stádas shraith iomlán "na gCaighdeán Náisiúnta" agus na "dTreoircháipéisí Náisiúnta" a úsáideann seirbhísí dóiteáin na hÉireann in iúl go sainráite sa cháipéis seo. Leis na cáipéisí seo, soláthraítear an bonn go bhfeidhmeofar forálacha maidir leis an tsábháilteacht ó dhóiteán ar bhealach comhsheasmhach sna blianta amach romhainn, agus táthar ag súil leis, roimh dheireadh 2013, go mbeidh siad á gcur i ngníomh / á n-úsáid ina n-iomláine ag gach údarás nach bhfuil á dhéanamh faoi láthair.

## Rioscaí Dóiteáin a Bhainistiú i bhFoirgnimh Aonair

Tá na mílte foirgneamh aonair a thagann faoi chuimsiú fhorálacha Alt 18 (2) den Acht Seirbhísí Dóiteáin 1981 lena bpléitear le freagrachtaí an "duine a bhfuil an foirgneamh faoina riail". Tá roinnt treoircháipéisí foilsithe ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil atá dírithe ar earnálacha sonracha (m.sh. Tithe Altranais, Cóiríocht d'Aoínna, Brúnna Óige srl.) chun cabhrú leis "an duine a bhfuil an foirgneamh faoina riail" a c(h)uid dualgas reachtúil a chomhlíonadh.

I gcoitinne, is trí chlár um chosc dóiteán / chosaint ar dhóiteán a chomhlíontar cur chuige an údaráis dóiteáin le rioscaí a bhainistiú. De ghnáth, bíonn cigireacht agus iniúchóireacht ar an tsábháilteacht ó dhóiteán in áitribh, agus feachtais maidir leis an tsábháilteacht ó dhóiteán, i gceist leis seo. Cuirtear áitribh in ord tosaíochta ar bhonn bainistíochta rioscaí, agus dírítear clár cigireachta, a bhfuil tús áite tugtha dó, ar na háitribh lena mbaineann na rioscaí is mó. Tá modheolaíocht á forbairt le háitribh aonair a innéacsú ó thaobh rioscaí, agus tá sé i gceist go mbeidh sé sin mar bhonn is mar thaca leis an ngné seo d'obair na seirbhísí dóiteáin. Is é cuspóir an chórais seo a chinntiú go spriocdhíreofar obair agus cláir ar na limistéir chearta agus go mbíonn siad i gcomhréir le méid na rioscaí. Tá sé i gceist freisin go leagfar modheolaíocht chomhsheasmhach amach ar féidir leis an bpobal a bheith ar an eolas faoi agus a thuiscint, agus go gcuirfear iad ar an eolas faoi shaincheisteanna infhéideartha a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar a gcuid sábháilteachta. Cabhraíonn cur chuige comhsheasmhach leis an "duine a bhfuil an foirgneamh faoina riail" freisin na próisis sábháilteachta ó dhóiteán, a bhaineann leo féin nó lena n earnáil, a thuiscint.

Tá an mhodheolaíocht le rioscaí a mheasúnú bunaithe go príomha ar fhachtóirí rioscaí a aithint, cosúil le tréithe na n-áitritheoirí, fachtóirí a bhaineann leis an bhfoirgneamh, na córais bhainistíochta sábháilteachta agus cóid na ndearthaí a feidhmíodh maidir leis an bhfoirgneamh. Ag brath ar an riosca a measúnaíodh, tá raon gníomhartha comhréireacha beartaithe idir: gan údar a bheith le gníomh ar bith a dhéanamh, ar aghaidh chuig comhairle, rabhaidh agus nósanna imeachta forfheidhmiúcháin chomh fada le fógraí dúnta agus iad sin san áireamh.

Go comhthreomhar leis an gclár cigireachta / iniúchóireachta, cuireann údaráis dóiteáin feasacht / oideachas chun cinn don "duine a bhfuil an foirgneamh faoina riail" agus a bhfuil earnálacha dá dtugtar tús áite faoina riail freisin, chun a gcuid freagrachtaí a chur in iúl dóibh chomh maith le bealaí leis na freagrachtaí seo a chomhlíonadh, chomh maith le ról agus cumhachtaí forfheidhmiúcháin an údaráis dóiteáin a leagan amach.

Tugann údaráis dóiteáin faoi chláir Chigireachta i rith Fheidhmiú na Feidhme d'Áiteanna Tionóil Phoiblí, agus ullmhófar "Nóta maidir le Dea-Chleachtas" i leith na feidhme sin.

Tá sé i gceist go mbeadh teacht ag na pobail, a bhfuil sé i gceist le gníomhaíocht dá leithéid um shábháilteacht ó dhóiteán iad a chosaint, ar leibhéal cuí faisnéise faoi áitribh aonair. Go hidéalach, bheadh 'comhad poiblí' ar fáil faoi áitribh go bhféadfadh daoine den phobal a mbeadh suim acu ann, é a leamh. Bheadh an fhaisnéis seo a leanas san áireamh leis an gcineál faisnéise a bheadh i 'gcomhad poiblí':

- taifid ar dheimhnithe sábháilteachta ó dhóiteán a deonaíodh i leith an áitribh
- taifid ar iniúchóireachtaí / ar chigireacht ar shábháilteacht ó dhóiteán
- taifid ar iarratais ar cheadúnúchán agus ar choinníollacha a ghabhann le ceadúnais
- taifid ar ghearáin a fuarthas
- taifid ar ghníomhartha comhairleacha, rabhaidh nó forfheidhmiúcháin
- taifid ar ionchúisimh le haghaidh cionta maidir leis an tsábháilteacht ó dhóiteán

## Sábháilteacht Sluaite ag Imeachtaí

- Tá raon leathan imeachtaí ann lena n-áirítear ceol, spórt agus go leor imeachtaí eile a reáchtáiltear go bliantúil i gcuid mhaith pobal. Ceadúnaítear roinnt de na himeachtaí seo faoi fhorálacha na nAchtanna um Pleanáil, 2000.
- Cuimhníonn lucht seirbhísí dóiteáin ar shaincheisteanna maidir le sábháilteacht sluaite agus iarratais ar Dheimhniú Sábháilteachta ó Dhóiteán á mbreithniú acu i gcásanna iarratas a bhaineann, mar shampla, le staid nua a bheidh á dearadh.
- Cé gur ar lucht tionscanta imeachtaí a bhíonn an phríomhfhreagracht as sábháilteacht an phobail a chinntiú, rannchuidíonn údaráis dóiteáin le bainistíocht na sábháilteachta ag imeachtaí trí ionchur ag imeachtaí ceadúnaithe agus neamhcheadúnaithe. De bharr fhorálacha an Chreata ar BÉM (*MEM*) agus obair a rinneadh ina dhiaidh ag Grúpa Stiúrtha Náisiúnta BÉM, tá socruithe comhoibre idir gníomhaireachtaí curtha i bhfeidhm chun déileáil le hionchur gníomhaireachtaí reachtúla maidir leis an tsábháilteacht phoiblí ag imeachtaí ar a bhfreastalaíonn na sluaite daoine.

## Sábháilteacht ó Dhóiteán in Áitribh Chónaithe

Tarlaíonn breis is 90% de na básanna de bharr dóiteáin in Éirinn i suíomhanna in áitribh chónaithe. Ní thagann áitribh chónaithe aonair faoi chuimsiú raon an Achta Seirbhísí Dóiteáin áfach toisc go mbreathnófaí ar fhorfheidhmiú reachtaíochta i ndáil leis an tsábháilteacht ó dhóiteán in áitribh aonair mar an stát a bheith ag cur isteach ar bheatha daoine ina dtithe féin gan údar. Is é an impleacht a bhaineann leis sin go mbíonn an

fhreagracht ar dhaoine aonair iad féin agus a dteaghlaigh a chosaint ar dhóiteán i suíomh an áitribh chónaithe.

Sa réimse seo, is iad téamaí agus cleachtais an rud ar a thángthas chun bheith ag tabhairt 'Sábháilteacht an Phobail ó Dhóiteán' agus 'an tsábháilteacht ó dhóiteán a chur chun cinn', na modhanna suntasacha lena gcabhraítear le daoine a dteaghlaigh a chosaint ar dhóiteán ina dtithe féin.

Bíonn na gnéithe maidir le dearadh agus tógáil áitreabh cónaithe faoi rialáil na reachtaíochta um Rialú Foirgníochta, agus tá ceanglais ann i ndáil le goiris bhraite deataigh agus córais aláraim a shuiteáil in áitribh chonaithe. Tá caighdeáin maidir le dearadh i dTreoircháipéis Theicniúil B, maidir le ceanglais a bhaineann le haláraim deataigh, ar aon dul le tagarmharcanna idirnáisiúnta agus bhí tionchar nach beag acu ar chúrsaí.

An príomhchur chuige i leith an pobal a chosaint ina dtithe féin is ea líon na ndóiteán a tharlaíonn in áitribh chónaithe a laghdú. Cuirtear fios ar sheirbhísí dóiteáin freastal ar thart faoi 4,500 dóiteán in áitribh chónaithe gach bliain, agus ceann de na príomhthargaidí a leagadh amach sa chaibidil roimhe is ea a bheith ag leanúint ar aghaidh le líon agus ráta na ndóiteán i dtithe cónaithe, bliain i ndiaidh bliana, a bhrú síos.

I litríocht idirnáisiúnta, sonraíodh roinnt fachtóirí buntábhachtacha a théann i bhfeidhm ar thoradh dóiteán in áitribh chónaithe. Go háirithe nuair a bhíonn daoine faoi thionchar substaintí amhail alcól nó drugaí, a chuireann bac ar a mbraistint ar an gcontúirt, nó i gcás go mbíonn siad gar don áit mar ar tosaíodh an dóiteán, laghdaítear an dóchúlacht go n-éireoidh leo éalú go sábháilte, go mór.

### Sábháilteacht an Phobail ó Dhóiteán

Cé go raibh iarrachtaí ann in imeacht go leor blianta leis an tsábháilteacht ó dhóiteán sa bhaile a fheabhsú trí bheith ag cur teachtaireachtaí sonracha maidir leis an tsábháilteacht ó dhóiteán chun cinn, go háirithe teachtaireachtaí maidir le braiteoirí agus aláraim deataigh, bhí gluaiseacht ann i dtreo rud ar a dtugtar 'Sábháilteacht an Phobail ó Dhóiteán' le blianta beaga anuas. Bíonn an méid seo a leanas i gceist le gníomhaíochtaí maidir le Sábháilteacht an Phobail ó Dhóiteán:

- Clár na mBunscoileanna, lena n-idirghníomhaíonn comhraiceoirí dóiteáin, a cuireadh faoi oiliúint shonrach, le daltaí sa tríú rang i mbunscoileanna maidir le clár feasachta ar an tsábháilteacht ó dhóiteán;
- Scéim na nAláram Deataigh don Phobal, lena soláthraítear aláraim deataigh do ghrúpaí pobail a oibríonn le daoine leochaileacha m.sh. daoine scothaosta a chónaíonn leo féin, go suiteálfaidh na grúpaí sin ina dtithe siúd iad. Forbraítear sábháilteacht daoine scothaosta tuilleadh leis an Scéim Foláirimh Sábháilteachta lena gcumasaítear an tslándáil ina dtithe féin;
- Seachtain na Sábháilteachta ó Dhóiteán lena dtugtar faoi obair le hoideachas/ teachtaireachtaí sábháilteachta poiblí a chur chun cinn, go príomha tríd an tSeachtain Náisiúnta Sábháilteachta ó Dhóiteán, le promóisean teilifíse agus ar na meáin i

gcomhar leis. Comhghníomhaíocht is ea an obair seo leis an tsábháilteacht ó dhóiteán a chur chun cinn, le tionscnaimh náisiúnta agus áitiúla idirnasctha, agus tugtar faoin tionscamh i gcomhar le Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Thuaisceart Éireann.

### Idirchaidreamh Oibriúcháin

Is féidir le gníomhaíocht agus faisnéis um dhóiteán a chosc, a fhaightear le linn na hoibre seo, 'faisnéis oibriúcháin' a sholáthar – faisnéis ar féidir léi cabhrú le seirbhísí dóiteáin a gcuid dualgas reachtúil a fheidhmiú go héifeachtach.

Is féidir tús áite a thabhairt do ghníomhaíocht Réamhphleanála d'Eachtraí, ar bhonn cosúil lena mbeadh i gceist le hobair le dóiteáin a chosc. Mar chuid den ghnáthamh, ba chóir faisnéis ábhartha a fhaightear i ngníomhaíochtaí le dóiteán a chosc a bheith curtha ar fáil don fhoireann oibriúcháin ábhartha. Ba chóir go ndíreofaí gníomhaíocht phleanála roimh dhóiteáin ar roinnt de na tosaíochtaí / limistéir stáisiún is mó dá dtugtar tús áite in aghaidh na bliana.

D'fhéadfadh sé a bheith cuí Freastail Réamhchinnte indibhidiúla, a bhaineann le háitribh go sonrach, a ullmhú freisin, más gá.

Ar an gcaoi chéanna, is féidir le faisnéis agus aiseolas ó fhreagairt oibriúcháin an breithmheas ar rioscaí agus éifeachtacht oibre le dóiteáin a chosc, a threorú.

# Caibidil 7 – Freagairt na Seirbhíse Dóiteáin

## Réamhrá

Tá soláthar reatha fhreagairt na seirbhíse dóiteáin bunaithe, den chuid is mó, ar sheirbhísí a bheith i mbun éabhlóide in imeacht na bliana. I gcoitinne, bíonn stáisiúin dóiteáin suite i réimsí mar a bhfuil daonra mór comhchruinnithe agus a bhfuil ina limistéir, faoi seach, lena ngabhann na fachtóirí rioscaí is mó.

Sa Chaibidil seo, leagtar caighdeáin amach d'fhreagairt na seirbhíse dóiteáin de réir an chreata reachtúil atá leagtha amach agus a phléitear sna míreanna ina dhiaidh seo. Tá forálacha na Caibidle seo beartaithe le bheith curtha isteach ina gcuid de Phlean Oibríochtaí Dóiteáin agus Éigeandála gach údaráis dóiteáin freisin, a ullmhaíodh faoi Alt 26 den Acht Seirbhísí Dóiteáin.

Agus treoir á soláthar maidir le bheith ag tabhairt faoi dhualgais reachtúla faoin Acht Seirbhísí Dóiteáin, tá an tAcht um Shábháilteacht, Shláinte agus Leas ag an Obair ar aigne againn sa Chaibidil seo freisin. Glactar leis, i bhforalálacha na Caibidle seo, go mbíonn córais shábháilte oibre á gcur i ngníomh agus go gcomhlíonann siad tionscnaimh shláinte & shábháilteachta náisiúnta na seirbhísí dóiteáin go sonrach. Áirítear leo siúd an Ráiteas Sábháilteachta Coimhdeach, an Córas Ceannasaíochta Náisiúnta Teagmhas, Treoracha na Seirbhíse Dóiteáin, Caighdeáin Náisiúnta Oiliúna agus an Treoir Oibriúcháin Chaighdeánach.

Faoi mar a pléadh níos luaithe, tá an chaibidil seo bunaithe ar a bheith ag baint cothromaíocht chuí amach idir Riachtanais, Rioscaí agus Acmhainní. Soláthraítear treoir shonrach sna réimsí seo a leanas:

- Próiseas le Rioscaí Limistéir a Chatagóiriú
- Luas agus meáchan gaolmhar na freagartha i gcomhair gach catagóra riosca
- Socruithe ó thaobh foirne a bhaineann leis na freagairtí seo
- Freastail Réamhchinnte (seirbhís thosaigh a sheoladh go huathoibríoch) i gcomhair gach aicme eachtra

## Bonn ó thaobh na Reachtaíochta don Fhreagairt Oibriúchain

Tá an fhoráil dlí lena rialaítear freagairt na seirbhíse dóiteáin ina dhualgas reachtúil faoi Alt 10 (2) den Acht Seirbhísí Dóiteáin, 1981 agus 2003 lena ndeirtear:

*A 10 (2) Ní mór d'údarás dóiteáin –*

*(a) soláthar a dhéanamh chun dóiteáin i bhfoirgnimh agus in áiteanna eile de gach cineál ina limistéar feidhme a mhúchadh go tapaidh agus go héifeachtach agus chun daoine agus maoin a chosaint ar dhíobháil ó dhóiteán agus a tharrtháil ón díobháil sin.*

Agus údaráis dóiteáin ag tabhairt faoi dhualgais reachtúla Alt 10 (2), ceanglaíonn Alt 10 (3) orthu aird a thabhairt air roinnt fachtóirí. Deirtear le hAlt 10 (3):

> *S 10 (3) Ní mór d'údarás dóiteáin, nuair a bheidh sé ag feidhmiú a fheidhmeanna faoi fho-alt (2), aird a thabhairt (i dteannta aird a thabhairt ar gach ní eile a bhainfidh leis an gcúrsa) ar chineál na bhfiontar dóiteáin agus ar a mhinicí is dócha a tharlóidh dóiteáin ina limistéar feidhme agus ar an méid is dócha a bheidh sna dóiteáin sin, ar thréithe an limistéir agus ar luach na maoine a d'fhéadfadh dóiteáin damáiste a dhéanamh di.*

Breithnítear pointí buntábhachtacha Alt 10 (3) sna hailt seo a leanas:

### "Cineál na nGuaiseacha Dóiteáin"

Bíonn an-chuid ar fad i gceist le guaiseacha dóiteáin, lena n-áirítear na mílte dóiteán beag a tharlaíonn de thimpiste gach bliain agus a mhúchann daoine atá in aice leo ar an bpointe, chomh maith le dóiteáin ag ceann eile an speictrim, a itheann foirgnimh iomlán agus nach stadann ach nuair a dhóitear iomlán an bhreosla a bhí á bheathú nó nuair a mhúchtar é. Baineann guais le dóiteáin i spásanna cúnga (go príomha mar gheall ar an deatach a chruthaítear) do shábháilteacht duine ar bith in aice leo. Maidir le dóiteáin i bhfoirgnimh de gach cineál, baineann guais leo do bheatha daoine atá iontu (agus uaireanta, timpeall orthu). Is é seo an chúis go n-éilítear go ndearfar, go dtógfar agus go bhfeidhmeofar foirgnimh chun na caighdeáin shábháilteachta ó dhóiteán a pléadh i gCaibidil 6 a chomhlíonadh. Is é an cuspóir ginearálta a bhaineann leis an tsábháilteacht i gcúrsaí teicniúla maidir le dóiteáin, ná a chinntiú go mbeidh leordhóthain bealaí éalaithe ar fáil ionas gur féidir le daoine a bhaineann úsáid as an bhfoirgneamh teacht chun bheith ar an eolas faoin gcontúirt agus imeacht go sábháilte i gcás go mbeidh dóiteán adhainte. I gcás go dtarlóidh dóiteán in Áit Tionóil Phoiblí agus go dteipeann ar chórais sábháilteachta ó dhóiteán, bíonn contúirt ann go bhféadfadh líon mór daoine bás a fháil.

Is sa bhaile áfach an príomhshuíomh lena mbaineann guais do bheatha daoine le dóiteán. Is iomaí cúis a bhíonn leis na cineálacha dóiteán a tharlaíonn in áitribh, ach mura mbíonn daoine ar an eolas faoin dóiteán le linn luathchéimeanna an dóiteáin, agus mura múchann siad é (más féidir nó sábháilte sin) nó mura n-imíonn siad as an bhfoirgneamh, d'fhéadfadh an dóiteán dul ar aghaidh ansin le bheith ina dhóiteán a bheidh ina bhagairt dá sábháilteacht.

**Mar sin, is é daoine a bheith ag soláthar aláraim dheataigh, a oibríonn, dá dtithe féin, an modh is tábhachtaí agus is cuí le daoine a chosaint ar dhóiteán sa bhaile.**

Le cois na gcontúirtí a bhaineann le dóiteán do bheatha an duine, baineann contúirt le dóiteán do bhonneagar criticiúil freisin lena n-áiritear iompar, fuinneamh agus cumarsáid, chomh maith le bonneagar sóisialta (ospidéil agus áiteanna eile cúraim, institiúidí oideachais srl.) agus foirgnimh thionscail agus thráchtála fíorthábhachtacha. Má chailltear foirgnimh dá leithéid de bharr dóiteáin, d'fhéadfadh tionchar an-mhór a bheith i gceist do na pobail shonracha a bhraitheann orthu agus go deimhin d'fhéadfadh caillteanais dá leithéid dul i bhfeidhm ar an tsochaí i gcoitinne.

**“Minicíocht agus Fairsinge is Dócha a bheidh i gCeist le Dóiteáin"**

Déantar na meánrátaí náisiúnta seo a leanas maidir le heachtraí dóiteán in Éirinn a ríomh trí úsáid a bhaint as meánráta na dtrí bliana idir 2007 – 2009 agus tuairisceáin na Príomh-Oifige Staidrimh ó 2008 a idirshuíomh ina measc faoi mar a thaispeántar le Tuairisc Taighde a bhaineann le ‘Pobail a Choinneáil Sábháilte’ – Staidrimh agus Treochtaí Dóiteán.

**Tábla 7.1**
**Méanrátaí Náisiúnta Eachtraí/ Dóiteán in Éirinn**

| | Líon na nEachtraí | Roinnteoir | Méanráta Náisiúnta |
|---|---|---|---|
| Eachtraí Iomlána / 100k duine | 56,171 | 4,376,419 | 1283.5 |
| Dóiteáin Iomlána / 100k duine | 35,100 | 4,376,419 | 802 |
| Dóiteáin in Áitribh / 100k duine | 4342 | 4,376,419 | 99 |
| Dóiteáin in Áitribh / 100k áitreabh sealbhaithe | 4342 | 1,586,158 | 273.75 |
| Dóiteáin i Simléir / 100k duine | 4769 | 4,376,419 | 109 |
| Dóiteáin i Simléir / 100k áitreabh sealbhaithe | 4769 | 1,586,158 | 300.66 |
| Dóiteáin i bhFoirgnimh eile[6] / 100k duine | 1089 | 4,376,419 | 24.88 |
| Dóiteáin Mótarfheithiclí / 100k duine | 6213 | 4,376,419 | 142 |
| Dóiteáin Fhoraoise / Phortaigh / Thalún Féaraigh / 100k duine | 2853 | 4,376,419 | 65.19 |
| Dóiteáin Bhruscair lasmuigh / 100k duine | 8700 | 4,376,419 | 198.79 |
| Dóiteáin Ilghnéitheacha/ 100k duine | 5696 | 4,376,419 | 130.15 |
| Tionóiscí Tráchta ar Bhóithre/ 100k duine | 5211 | 4,376,419 | 119.07 |
| Seirbhísí Speisialta Ilghnéitheacha / 100 k duine | 5979 | 4,376,419 | 136.61 |
| Aláraim Bhréagacha[7] / 100k duine | 6579 | 4,376,419 | 150.33 |

Leis an Cur Chuige Riosca-Bhunaithe, ar tugadh cur síos air i gCaibidil 2, baintear úsáid as sonraí stairiúla ar dhóiteáin agus ar chatagóirí eachtraí eile chun leibhéil ghníomhaíochta a ríomhadh agus úsáid á baint as an údarás dóiteáin agus as talamh an stáisiúin mar na haonaid anailíse. Taispeántar “an mhinicíocht is dócha a bheidh i gceist le dóiteáin” maidir le catagóirí difriúla dóiteán i limistéar stáisiúin trí úsáid a bhaint as sonraí trí bliana.

Bíonn éagsúlacht ollmhór i gceist le minicíocht dóiteán laistigh de limistéir na stáisiún dóiteáin, Idir líon is lú ná 50 glao in aghaidh na bliana (áiteanna inar dócha go dtarlaíonn thart faoi aon dóiteán in aghaidh na seachtaine) agus stáisiúin a bhíonn ag déileáil le líon

[6] Glactar leis go n-áirítear le Foirgnimh Eile foirgnimh Institiúideacha, Tionscail/Stórála, Tráchtála agus Áiteanna Tionóil Phoiblí

[7] Glactar leis go n-áirítear le haláraim bhréagacha idir aláraim mhailíseacha agus aláraim a thugtar de dhea-mheon

idir 2000 agus 5000 glao in aghaidh na bliana. Taispeánann anailís ar spré na gníomhaíochta lena seoltar foireann seirbhíse dóiteáin amach (dóiteáin, seirbhísí speisialta agus aláraim bhréagacha) go seolann 26 stáisiún dóiteáin criú amach 500 uair nó níos mó in aghaidh na bliana, agus go bpléann na stáisiúin seo le breis is 50% d'ualach oibre bliantúil iomlán na seirbhíse dóiteáin.

Bíonn a mhinice is dócha go dtarlóidh dóiteáin ar cheann de tháscairí na gcóras um sholáthar foirne a bhíonn riachtanach chun freagairt a sholáthar ó sheirbhís dóiteáin, mar aon le bheith ag cuimhneamh ar líonra na stáisiún in aice láimhe a fhéadfaidh freagairt do chás laistigh de limistéar stáisiún freisin. Baineann córais um sholáthar foirne le leibhéal na gníomhaíochta i stáisiúin, agus áirítear ina measc criúnna a bhíonn ar coinneáil (ar fostaithe páirtaimseartha iad a fhreagraíonn do chomharthaí foláirimh, a théann chuig a stáisiún dóiteáin agus a théann amach ar fhearais ábhartha dóiteáin) agus criúnna lánaimseartha lena bhfostaítear comhraiceoirí dóiteáin ar bhonn lánaimsire agus a bhíonn sa stáisiún 24 uair a' chloig in aghaidh an lae agus ar fáil le freagairt láithreach i gcás go bhfaigheann siad teachtaireacht lena n-éilítear an tseirbhís a sheoladh amach.

Chomh maith leis an socrú maidir le criú, roghnaítear líon agus cineálacha na bhfearas i stáisiún dóiteáin ar leith sa chaoi go gcuirfear a mhinice is dócha a tharlóidh dóiteáin san áireamh, chomh maith leis na cineálacha áirithe eachtraí is mó a bhfreagraítear dóibh. I gcuid mhór limistéar stáisiún dóiteáin, feictear go mbíonn dóiteáin threasacha i gceist le cuid an-mhór de na dóiteáin.

### Tréithe an Limistéir agus Luach na Maoine is Dócha dá nDéanfar Damáiste

Roimhe seo, pleanáladh seirbhísí dóiteáin go príomha de bharr mheasúnú na heiliminte a gcuirtear síos uirthi mar "thréithe an limistéir" a bhí i gceist. Forbraíodh iar-Chaighdeáin na Ríochta Aontaithe maidir le Clúdach Dóiteáin sna 1930aidí i dtosach báire, leasaíodh in 1955 agus in 1985 iad, agus leagadh amach iontu tréithe maidir leis an gcineál limistéir a bhí i gceist chomh maith le leibhéil ghaolmhara maidir le freagairt na seirbhíse dóiteáin. Chuaigh caighdeáin sin na Ríochta Aontaithe i bhfeidhm ar bhunú na seirbhísí dóiteáin in Éirinn, toisc go raibh sé de nós ag údarais dóiteáin aonair úsáid a bhaint as múnla na Ríochta Aontaithe agus é a fheidhmiú ina limistéir feidhme.

Léiríodh le moladh Farrell Grant Sparks go luath in 2002, gur chóir d'Éirinn gluaiseacht ar aghaidh ó chaighdeáin na Ríochta Aontaithe maidir le clúdach dóiteáin, tuiscint go raibh an Ríocht Aontaithe ag gluaiseacht i dtreo "cur chuige lánpháirtithe i leith rioscaí a bhainistiú" a leagadh síos go cuí i dTuarascáil Bain[c]. Ní fhacthas na catagóirí bunaidh mar chinn mhíchuí ó thaobh an cur síos a rinneadh leo ar chúrsaí dóiteáin, ach gur ghá iad a mhionathrú chun feabhais go gcuirfí fachtóirí san áireamh amhail, go ngluaiseann daoine isteach agus amach as dúichí gnó lár na cathrach ar bhonn laethúil agus go mbíonn gníomhaíocht um chosc dóiteáin tábhachtach ó thaobh a bheith ag dul i bhfeidhm ar rioscaí agus an cuspóir ó thaobh shábháilteacht an phobail a fhíorú.

[8] Bain G 2002. The Future of the Fire Service: Reducing Risk, Saving Lives

Ba chóir go mbeadh príomh-bhéim sholáthar na seirbhísí dóiteáin ar bheatha na ndaoine atá i mbaol a chosaint agus iad a tharrtháil i gcás gur féidir. Ba chóir go dtabharfaí tús áite d'iarrachtaí le bonneagar a chosaint, agus maoin indibhidiúil a chosaint ina dhiaidh sin, agus cúrsaí oidhreachta á gcur san áireamh chomh maith le nithe eile.

## Catagóiriú Limistéar Rioscaí

An chéad chéim sa phróiseas le caighdeáin a leagan síos do na seirbhísí dóiteáin is ea a bheith ag tabhairt faoi phróiseas le rioscaí limistéir a chatagóiriú, rud a fhágann go sanntar Grádú Chatagóir an Riosca don limistéar ar seolann gach stáisiún dóiteáin a chéad fhreagairt chuige, áit ar a dtugtar 'talamh an stáisiúin dóiteáin'. Cuimsítear cúig ghrád le catagóirí na rioscaí dóiteáin, idir rioscaí an-ard, ard, meánleibhéil, íseal agus an-íseal.

Ba chóir breith a thabhairt maidir leis an gCatagóir Riosca atá le sannadh chuig talamh stáisiúin dóiteáin agus na critéir seo a leanas ar aigne:

- Daonra an phríomhlimistéir uirbigh
- Dlús/Dlúis Dhaonra an phríomhlimistéir uirbigh mháguaird (in aghaidh an Km2)
- Daonra Iomlán Thalamh an Stáisiúin
- Leibhéal an Éilimh Bhliantúil ar an tSeirbhís (Bunaithe ar Líon na nEachtraí a tharlaíonn i limistéar an stáisiúin ar an meán in imeacht trí bliana)
- Líon na nÁitreabh ar thalamh an stáisiúin & Ráta Bliantúil na nDóiteán in Áitribh Chónaithe
- Rátaí na ndóiteán i bhfoirgnimh eile
- % na n-eachtraí treasacha
- Gníomhaíocht ó thaobh Tionóiscí Tráchta ar Bhóithre / (nach mbaineann le háit na tionóisce a ghlanadh ina ndiaidh) & Rátaí le haghaidh Seirbhísí Speisialta
- Líon na nGuaiseacha Speisialta Aonair (m.sh. Guaiseacha Institiúideacha, Oideachasúla, Tiosnclaíocha, Miondíola / Tráchtála ar Scála Mór, SEVESO, ÁTP srl.)

Leagtar an cur chuige i leith a bheith ag tabhairt faoi Phróiseas Chatagóiriú Rioscaí an Limistéir amach in Aguisín C. Baintear úsáid as formáidí táblaí leis seo (féach ar an Tábla in Aguisín C) agus bítear ag brath ar shonraí ón daonáireamh, ar úsáid a bhaint as eolas áitiúil agus as saineolas oibriúcháin. Soláthróidh Tuairiscí faoin gCur Chuige Riosca-Bhunaithe, Measúnú na Rioscaí ó thaobh hÉigeandálaí Móra a Bhainistiú agus acmhainní eile a bheidh ar fáil go héasca laistigh den chóras rialtais áitiúil (m.sh. criosuithe chun críocha pleanála) léargas leordhóthaineach chun catagóiriú rioscaí a dhéanamh amach, chomh maith le hainminiúchain ghaolmhara maidir le rioscaí limistéir laistigh de thalamh gach stáisiúin dóiteáin. Is ar bhunús an riosca is mó a bhíonn i gceist i limistéar is cóir riosca an limstéir a chatagóiriú. Dá mbeadh roinnt foirgneamh tráchtála nó tionscail i limistéar, ar rioscaí áitreabh cónaithe is mó a bhíonn i gceist leis, ní athrófaí catagóiriú an riosca ó cheann a bhainfeadh le rioscaí áitreabh cónaithe.

Agus córas an chatagóirithe rioscaí á bhfeidhmiú, cé go samhlaítear, i bhformhór na gcásanna, go mbeidh aon chatagóir amháin oiriúnach do thalamh stáisiúin dóiteáin, tiocfaidh cásanna chun cinn ina bhféadfaí a thabhairt le fios go mbeadh roinnt catagóirí rioscaí, atá leagtha amach i dTábla 7.2 thíos, á gcuimsiú i limistéar. D'fhéadfadh cásanna dá

leithéid teacht chun solais i gcás gur cosúil gur chóir áit a chur in dhá chatagóir atá gar dá chéile, mar gheall ar fhaisnéis faoin limistéar. Ba chóir breathnú ar na catagóirithe mar tháscairí seachas mar chinntí absalóideacha iontu féin, agus tá sé i gceist go mbeadh an cur chuige seo ina chúnamh do dhaoine a bhainistíonn an tseirbhís agus breitheanna á ndéanamh acu.

I roinnt cásanna (m.sh. i gcás tailte stáisiún atá an-fhorleathan nó ina mbíonn an-chuid éagsúlachta i gceist), b'fhéidir gur chuí talamh an stáisiúin a fho-roinnt agus roinnt fo-limistéar lena mbaineann ainmniúcháin dhifriúla a bheith laistigh den chatagóir céanna, nó fiú catagóirí difriúla a bheith ann. D'fhéadfaí Catagóiriú an Riosca a rinneadh i dtosach báire a mhionathrú chun feabhais tuilleadh de réir mar a fhaightear níos mó faisnéise le himeacht aimsire. Freisin, i limistéir uirbeacha ina bhfuil ard-dlús daonra, mar is cosúil catagóirithe difriúla a bheith laistigh de thalamh stáisiúin, b'fhéidir gur ghá cuimhneamh ar ghreillí nó ar limistéir thíreolaíochta agus breathnú ar scála, dhlús, airde agus ar thréithe eile foirgnimh atá iontach coitianta sa limistéar sin sula ndéanfar cinneadh maidir le catagóiriú rioscaí nó catagóiriú rioscaí limistéir. Ní fheictear gur riachtanach ná cuí tabhairt faoi bhreithmheas ar fhoirgnimh, ina bhfoirgneamh agus ina bhfoirgneamh, chun rioscaí limistéir a chatagóiriú.

Ar cheann eile na scála, feictear go dtarlaíonn aimhrialtachtaí nuair a bhíonn líon na n-eachtraí i gcatagóir ar leith iontach beag, agus ní mór a bheith cúramach agus rátaí dóiteáin á ríomh. Beidh sé éasca aimhrialtachtaí dá leithéid a aithint i gcoitinne agus ba chóir neamhaird a dhéanamh orthu.

## TÁBLA 7.2
## TÁBLA MAIDIR LE RIOSCAÍ A CHATAGÓIRIÚ

| Catagóir an Riosca | Daonra | | | Éileamh/ Gá | | Rátaí Eachtraí | | | Guaiseacha Indibhidiúla / Speisialta | Catagóiri ú Riosca an Limistéir |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Daonra an Phríomh-ionaid uirbigh | Dlús an Daonra tuaithe<br><br>(Daoine/ km2) | Daonra iomlán i limistéar an Stáisiúin | Líon na nÁitreabh i Limistéar an Stáisiúin | Leibhéal Bliantúil Eachtraí i Limistéar Stáisiúin | Rátaí na nDóiteán in Áitribh / 100 k duine | Rátaí Foirgneamh Eile / 100 k duine | Ráta Tionóiscí Tráchtá ar Bhóithre / SS / 100k duine | Guaiseacha Bonneagair, Institiúideacha, Áineasa, ÁTP, Oideachasúla, Tionsclaíocha, SEVESO, Siopadóireacht/ Tráchtála | |
| **An-Ard** | >100k | >200 | >150 | > 50 k | > 2500 | >250 | >100 | >250 | Iliomad ceann dá bhfuil thuas ar an scála is mó is féidir | A1 |
| | 70-100 | >200 | 90 - 150 k | 30 - 50 k | 1200 - 2500 | 200 - 250 | 70 -100 | 200 - 250 | Roinnt dá bhfuil thuas | A2 |
| **Ard** | 35 - 75 k | >200 | 70 -100 k | 20 - 40 k | 700 - 1500 | 150 - 200 | 50 - 70 | 170 - 200 | Líon beag de gach ceann dá bhfuil thuas, ar scála teoranta | B1 |
| | 30 -40 k | | 40 - 80 k | 15 - 30 k | 500 - 800 | 120 - 150 | 30 -50 | 140 - 170 | Roinnt dá bhfuil thuas ar scála teoranta | B2 |
| **Meán-leibhéal** | 10 -30 k | | 25 - 50 k | 10 - 15 k | 250 -700 | 100 - 120 | 20 -30 | 120 - 140 | Roint de gach ceann dá bhfuil thuas, ar mhéanscála | C1 |
| | 5 -12 k | 50 - 250 | 50 - 250 | 7 - 12 k | 120 -300 | 80 -100 | 15 - 25 | 110 - 130 | Líon beag dá bhfuil thuas, ar scála teoranta | C2 |
| **Íseal** | 3 -5 k | 30 -100 | 10 - 25 k | 3 - 10 k | 100 - 130 | 70 - 90 | 10 -20 | 100 - 120 | Roinnt áitreabh ar scála beag i gcatagóirí thuas | D1 |
| | 1.5 - 3 k | 20 - 50 | 6 - 12.5 k | 2 - 5 k | 50 - 120 | 60 - 80 | 5 - 15 | 80 -100 | Beagán áitreabh ar scála beag i gcatagóirí thuas | D2 |
| **An-íseal** | <2 k | <20 | <7.5 | <4 k | <70 | 50 - 70 | N/A | <80 | Fíorbheagán áitreabh seachas áitribh chónaithe | E1 |
| | <1 k | <20 | <5 | <2 k | <50 | <50 | N/A | <80 | Ceantair iargúlta tuaithe | E2 |

Maidir le hainmniúcháin, ba chóir go gcuirfí fairsinge / stair / tionchar na hoibre roimhe chun dóiteáin a chosc – idir shábhailteacht sa phobal ó dhóiteán i gcomhair oibre chun dóiteáin a chosc in áitribh chónaithe agus obair reachtuil dá leithéid (Deimhnithe Sábháilteachta ó Dhóiteán agus forfheidhmiúchán). Freisin, ba chóir féachaint ar Innéacsanna na Limistéir faoi Easnamh, toisc gur dócha go bhfaighfear táscairí maidir le rioscaí dóiteáin in áitribh chónaithe leis na hinnéacsanna sin freisin.

Bítear ag súil leis go mbeidh lucht gach talún stáisiúin ar an eolas faoi na foirgnimh shuntasacha sa cholún maidir le Guaiseacha Indibhidiúla / Speisialta. Faoi mar a tugadh faoi deara thuas, ba chóir cuimhneamh ar stair / ar thionchar na hoibre cosanta ó dhóiteán roimhe agus measúnú á dhéanamh ar an ngrádú atá le sannadh faoin gcolún seo. Déantar grinnrialáil ar limistéir amhail limistéir SEVESO agus is dócha go mbeidh cuid mhaith oibre déanta le rioscaí a mhaolú (lena n áirítear cleachtaí a bhaineann leis na príomh-ghníomhaireachtaí freagartha). B’fhéidir nach mbeidh foirgnimh nó láithreáin atá ina n-údar spéise ar leith mar gheall ar a scála agus a dtábhacht do phobal nó réigiún ina bhfoirgnimh lena mbaineann ardriosca mar sin, agus ní gá go n-ardófaí limistéar go limistéar lena mbaineann leibhéal ard rioscaí nó an-ard rioscaí díreach mar gheall ar áiseanna dá leithéid a bheith i limistéar.

**Tabharfaidh gach seirbhís dóiteáin faoi phróiseas tosaigh le rioscaí a chatagóiriú dá limistéar feidhme faoi mar a leagtar amach thuas agus de réir na mionsonraí atá in Aguisín C, agus ullmhóidh siad tuairisc ghearr faoin bpróiseas agus a thorthaí roimh Dheireadh Ráithe 2, 2013.**

Is ar lucht bainistíochta na seirbhíse áitiúla a bhíonn an phríomhfhreagracht as tabhairt faoin bpróiseas le rioscaí a chatagóiriú. Chun cabhair a thabhairt ó thaobh an cuspóir maidir le feidhmiú comhsheasmhach a bhaint amach, cuirfidh gach údarás dóiteáin a dhréachtchatagóirithe / a chuid catagóirithe beartaithe agus na leibhéil ghaolmhara seirbhíse, i láthair Ghrúpa Seachtrach um Bailíochtú, a thionólfaidh an Stiúrthóireacht Náisiúnta, chun dearcadh seachtrach a sholáthar don phróiseas. Beidh an grúpa seo comhdhéanta d’ionadaí ón earnáil phobail, ionadaí comhchéime ón Stiúrthóireacht Náisiúnta, Príomhoifigeach Dóiteáin, Príomhoifigeach Dóiteáin seachtrach/idirnáisiúnta agus Bainisteoir údaráis áitiúil. Cinnteofar leis sin, oiread agus is féidir, go gcuirfear na catagóirí cuí i bhfeidhm le haghaidh na rioscaí i ngach limistéar agus go dtabharfar aghaidh ar aon áiteanna mar a bhfuil cúrsaí leochaileach.

### Freagairt na Seirbhíse Dóiteáin

Faoi mar a tugadh faoi deara i gCaibidil roimhe seo, tá bonneagar na seirbhísí dóiteáin in Éirinn scaipthe go cliste, rud a sholáthraíonn freagairt chuí chineálach a bhíonn in ann, de ghnáth, freastal ar riachtanais sábháilteachta pobal.

Sa chuid seo, bítear ag breathnú ar chumas na freagartha ó sheirbhís dóiteáin, agus déantar gaol idir í agus na catagóirí rioscaí a leagadh amach sa chuid roimhe seo den cháipéis seo. Ar an mbealach seo, is féidir le gach seirbhís dóiteáin cumas seirbhíse dóiteáin agus socruithe maidir le freagairtí a chinneadh, a bheidh caighdeánach, comhsheasmhach agus a oirfidh do na catagóirí ginearálta rioscaí. Deartar iad seo go príomha chun déileáil le cás dóiteáin in áitreabh cónaithe, le cumas le haghaidh freagartha breisithe de réir mar a ardaítear catagóir an riosca dóiteáin. Leagtar socruithe chun déileail le heachtraí ar scála mór amach sa chéad chaibidil eile.

## Freastail Réamhchinnte

Ba chóir go mbeadh gaol idir cumas na freagartha ó Sheirbhís Dóiteáin agus catagóiriú na rioscaí faoi mar a taispeánadh i dTábla 7.3, agus tugtar leid, faoi líon na bhfearas a sheolfar amach ar dtús mar fhreagairt ar ghlao ar chúnamh, leis na freastail réamhchinnte le haghaidh catagóirí indibhidiúla na n-eachtraí.

Ba chóir an acmhainn is gaire dá bhfuil ar fáil (ó thaobh a luaithe is a thiocfaidh siad ar an láthair) a chur chun feidhme i gcás eachtraí éigeandála beag beann ar theorainneacha riaracháin. Ba chóir gurbh é an phríomhréasúnaíocht, le cinntí faoin ord ina bhfreastalóidh fearais sna freastail réamhchinnte, ná an acmhainn is cóngaraí do láthair na heachtra ó thaobh na tíreolaíochta, bunaithe ar a luaithe is a réamh-mheastar go dtiocfar ar láthair na heachtra. I gcúinsí áirithe, b'fhéidir go mbeadh ceanglas oibriúcháin sonrach ann le cinnteoir na freagartha seo a mhodhnú, amhail an ceanglas le clúdach a choinneáil i limistéir rioscaí agus an dara freagairt agus freagairtí ina diaidh á gcinneadh. Ba chóir, de ghnáth, go bhfeidhmeofaí an prionsabal maidir leis an acmhainn is cóngaraí a úsáid mar an chéad fhreagairt mar chuid den fhreastal réamhchinnte agus níor chóir sin a mhodhnú ach amháin sa chás go mbeidh riachtanas stuama sothuigthe ann ó thaobh cúrsaí oibriúcháin le modhnú dá leithéid. Ba chóir teorainneacha stáisiún agus freastail réamhchinnte a mhionathrú chun an scéal sin a léiriú, i gcás nach amhlaidh atá cheana féin.

Bíonn socruithe faoi Alt 85, i gcoitinne, mar bhonn is mar thaca le socruithe maidir le seirbhísí a sholáthraítear idir údaráis. Áireofar socruithe maidir le costais a fhorchúiteamh i dtreoir bhreise maidir le soláthar a dhéantar ar bhonn idir-údaráis agus pléifear sa treoir sin le socruithe rialachais, bainistíochta agus maidir le seirbhísí a sheachadadh. I ngach cás, ba chóir go mbeadh socruithe maoiniúcháin idir údaráis bunaithe ar na caighdeáin um sholáthar seirbhíse sa cháipéis seo.

Tá líon suntasach cineálacha eachtraí ann a úsáidtear mar an bonn le freagairt ó thaobh oibriúcháin a bhainistiú. Tá córas aonair de chatagóiriú eachtraí (cineálacha eachtraí oibriúcháin) leagtha amach in Aguisín A a ghabhann leis an gcáipéis seo, in éineacht leis an bhfreastal réamhchinnte gaolmhar agus grádú eachtra mar eachtra príomhúil, tánaisteach nó treasach. Féadfaidh Ceannasaí na dTeagmhas na freastail réamhchinnte a athrú de réir mar a theastaíonn i bhfianaise faisnéise a bhíonn ar fáil. Déanfar athbhreithniú ar an Aguisín seo go tráthrialta lena chinntiú go n-oireann sé don chuspóir atá i gceist leis fós.

**Ba chóir do gach Seirbhís Dóiteáin athbhreithniú a dhéanamh ar a cuid Freastal Réamhchinnte mar fhreagairtí do chásanna dóiteáin i bhfianaise Aguisín A agus a freagairt a mhionathrú chun í a ailíniú leis an mbeartas náisiúnta seo roimh dheireadh 2013.**

## Cumas na Freagartha ón tSeirbhís Dóiteáin agus Catagóiriú na Rioscaí

Cumas na Freagartha ón tSeirbhís Dóiteáin agus Catagóiriú na Rioscaí

Cé go gcinntear an fhreagairt tosaigh de réir na freagartha réamhchinnte trí úsáid a bhaint as catagóir na heachtra, tugtar le fios i dTábla 7.3 thíos cumas teagmhasach na seirbhíse ar chóir a bheith ar fáil le cur chun feidhme i ngach catagóir riosca. Leagtar amach leis seo líon na bhfearas caighdeánach a chuireann seirbhís dóiteáin amach mar an chéad fhreagairt (Fearais Aicme B) chomh maith le criúnna gaolmhara a bheadh ar fáil de ghnáth chun catagóir shonrach an riosca a fhreagairt, sula gcuirtear aon fhearas chun feidhme.

Cuimsítear le leibhéal na freagartha seo freisin an freastal réamhchinnte is mó is féidir a shamhlú le haghaidh guaise sonraí i limistéar freisin agus tarraingeofar é as roinnt stáisiún dóiteáin de ghnáth. Féadfaidh Ceannasaí na dTeagmhas an freastal réamhchinnte a bhreisiú i bhfianaise faisnéise a bhíonn ar fáil.

Tugann Catagóir an Riosca leid freisin faoin tréimhse ama taistil go dtiocfaidh an chéad chaidéal agus caidéil ina dhiaidh ar eachtraí príomhúla agus tánaisteacha. Bíonn na targaidí seo bunaithe ar mhuinín 75% a bheith ann as an leibhéal seirbhíse dóiteáin – .i. go mbítear ag súil leis go gcomhlíonfaí na targaidí, ar an meán, i gcás trí chás as gach ceithre chinn ina seolann an tseirbhís dóiteáin fearais amach. Ba chóir a thabhairt do d'aire gur meánfhigiúir atá i gceist leis na figiúir seo chun feidhmíocht a thomhas agus a chur i gcomparáid, agus go mbíonn go leor seirbhísí dóiteáin ag comhlíonadh na dtargaidí seo nó go mbíonn amanna taistil is fearr ná iad acu i gcodanna dá limistéir fheidhme, rud a d'fhéadfadh a bheith cuí le haghaidh na limistéar seo. Mar gheall gur féidir le héagsúlachtaí suntasacha i limistéir stáisiúin aonair a bheith mar bhonn agus mar thaca le hanailís ar leibhéal seirbhíse, ba chóir athbhreithniú a dhéanamh ar na sonraí seo, ina stáisiún agus ina stáisiún, agus an pointe roimhe á choinneáil in aigne maidir le haimhrialtachtaí a d'fhéadfadh teacht chun cinn i gcás go mbíonn líon íseal eachtraí i gceist i limistéar stáisiúin.

Ní shocraítear aon spriocam freagartha le haghaidh eachtraí treasacha mar gheall ar a mbíonn i gceist leis an gcineál eachtraí seo, ach leanfar ar aghaidh le sonraí, ar fhreagairtí do gach catagóir, a bhailiú agus a anailísiú. Féadfar fearais a atreorú ó eachtraí treasacha chuig eachtraí príomhúla nó tánaisteacha a tharlaíonn i limistéar a stáisiúin.

**TÁBLA 7.3**
**Cumas na Freagartha arna chur i gCatagóir de réir Rioscaí**

| Catagóir na Rioscaí | Cumas Freagartha an Fhearais Dóiteáin Chaighdeánaigh (Aicme B) | Amanna Taistil | Leibhéil Ghaolmhara an Chriú (lena n-áirítear ceannasaithe an chriú)) |
|---|---|---|---|
| **An-Ard** | 1<br>2<br>3<br>4 | i gceann 8 nóiméad<br>i gceann 10 nóiméad<br>i gceann 15 nóiméad<br>i gceann 20 nóiméad | 5<br>9<br>13<br>17 |
| **Ard** | 1<br>2<br>3 | i gceann 10 nóiméad<br>i gceann 15 nóiméad<br>i gceann 20 nóiméad | 5<br>9<br>13 |
| **Meánleibhéal** | 1<br>2<br>3 | i gceann 10 nóiméad<br>i gceann 20 nóiméad<br>i gceann 30 nóiméad | 5<br>9<br>13 |
| **Íseal** | 1<br>2 | i gceann 20 nóiméad<br>i gceann 40 nóiméad | 5<br>9 |
| **An-íseal** | 1<br>2 | i gceann 30 nóiméad<br>i gceann 60 nóiméad | 5<br>9 |

I gcás pobal atá scoite amach cosúil leo siúd atá mhaireann ar oileáin amach ón gcósta, níl aon amhras ach go gcuirfear moill ar fhreagairt ón tseirbhís dóiteáin. Ullmhófar Nóta maidir le Dea-Chleachtais faoin bhfreagairt d'eachtraí amach ón gcósta a bhainistiú chun na socruithe reatha le Garda Cósta na hÉireann, maidir le bheith ag freagairt d'eachtraí amach ón gcósta, a chaighdeánú agus a bhreisiú tuilleadh. Tá sé iontach tábhachtach go dtabharfar tús áite do phobail dá leithéid atá scoite amach do chláir Shábháilteachta Pobail lena chinntiú go mbíonn aláraim deataigh i 100% de na háitribh ar fad agus go mbíonn áiseanna cosanta cuí iontu ar dhóiteán ann ó thráth luath go maith sa scéal.

## Seirbhísí Speisialta agus Fearais Speisialta

Le cois freagairt d'eachtraí dóiteáin a sholáthar, tá gá ann le cur chuige struchtúrtha/pleanáilte i leith raon reatha na seirbhísí speisialta a sholáthraíonn briogáidí dóiteáin. Ba chóir Measúnú ar Riachtanais a dhéanamh do gach seirbhís dóiteáin agus gach limistéar dóiteáin. Ba chóir go gcuirfí faisnéis stairiúil san áireamh agus go dtabharfaí faoi i gcomhar le seirbhísí dóiteáin sa chomharsanacht mar chuid de chur chuige réigiúnach i leith seirbhísí speisialta a sholáthar.

I ndáil le fearais speisialta, ba chóir go bhfeidhmeofaí forálacha Thábla 7.4 ina leith.

**Tábla 7.4**
**Treoir maidir le Fearais Speisialta**

| Catagóir na Rioscaí | Cumas Freagartha na bhFearas Speisialta | Amanna Taistil |
|---|---|---|
| **An-Ard** | 1 Fearas Aeir<br>1 FÉ<br>1 ACT | i gceann 15 nóiméad<br>i gceann 30 nóiméad<br>i gceann 30 nóiméad |
| **Ard** | 1 Fearas Aeir<br>1 FÉ<br>1 ACT | i gceann 20 nóiméad<br>i gceann 40 nóiméad<br>i gceann 60 nóiméad |
| **Meánleibhéal** | 1 Fearas Aeir<br>1 FÉ<br>1 ACT<br>1 Tancaer Uisce<br>(más cuí) | i gceann 30 nóiméad<br>i gceann 45 nóiméad<br>i gceann 75 nóiméad<br>i gceann 75 nóiméad |
| **Íseal** | 1 Fearas Aeir<br>1 FÉ<br>1 ACT<br>1 Tancaer Uisce<br>(más cuí) | i gceann 60 nóiméad<br>i gceann 60 nóiméad<br>i gceann 90 nóiméad<br>i gceann 90 nóiméad |
| **An-íseal** | N/B | N/B |

## Leibhéal an Chriú ar Fhearais

Is iad seo a leanas na gnáthleibhéil chriú ar fhearais:

- Cúigear den phearsanra seolta amach ón stáisiún leis an gcéad chaidéal, agus ceannasaí teagmhas ainmnithe le bheith san áireamh, agus ceathrar den phearsanra seolta amach ón stáisiún céanna leis an dara caidéal nó le cinn ina dhiaidh.

- Féadfaidh criú breise a bhíonn ar fáil taisteal ar an gcéad fhearas freagartha nó féadfaidh criú breise a bhíonn ag teastáil ar an láthair tar éis an chéad chaidéal taisteal ar fhearas eile d'Aicme B, fearais speisialta nó 4WD de réir mar a shocraítear go háitiúil.

- Cé gurbh fhearr go seolfaí gnáthchriú ina mbíonn cúigear amach chuig gach eachtra, féadfar íosleibhéal criú ina mbeadh ceathrar (agus ceannasaí na dteagmhas le bheith san áireamh) a sheoladh amach chuig eachtraí i gcatagóirí treasacha.

- Ba chóir gur beirt líon phearsanra an ghnáthchriú ag a mbeadh fearais speisialta agus tacaíochta.

  - I stáisiúin lánaimseartha, ba chóir go mbeifí solúbtha ó thaobh baill uile na foirne a shannadh i stáisiúin ina mbíonn níos mó ná fearas amháin sa chaoi go mbeifear in ann fearais chuí speisialta / fearais eile a thabhairt chuig eachtraí (socruithe ina mbíonn dhá chriú i gceist).
  - Maidir le seirbhísí a bhíonn ar coinneáil, i gcás go mbíonn fearais speisialta á seoladh amach mar thacaíocht chuig eachtraí i gcás nach seolfar criú iomlán stáisiúin amach, ba chóir foláireamh a thabhairt do thriúr den fhoireann (glao roghnaitheach) lena chinntiú go mbíonn gnáthchriú beirte ann le haghaidh fearas speisialta oibriúcháin (Fearais Aeir, FÉ), agus beirt den phearsanra le feithiclí tacaíochta m.sh. Tancaer Uisce, ACT.

I suíomhanna mar a measann seirbhísí dóiteáin gur cuí socruithe a chur i bhfeidhm nach ionann leis na gnáthshocruithe thuas, féadfar moltaí dá leithéid agus an cás le tacú leo a chur san áireamh i gcomhráite na seirbhíse dóiteáin leis an nGrúpa Seachtrach um Bailíochtú dá dtagraítear thuas.

## Socruithe um Sholáthar Foirne Stáisiún Dóiteáin

Tugtar le fios i dTábla 7.3 thuas an cumas freagartha le fearas d'Aicme B lena mbeifí ag súil a bheith i bhfeidhm i gcatagóirí na rioscaí difriúla. Go háirithe i gcatagóirí na rioscaí is airde, bítear ag súil leis go dtarraingeofaí na fearais, chun freastal ar leibhéal na freagartha a thugtar le fios, as líonra na stáisiún dóiteáin máguaird.

Agus catagóir riosca an limistéir déanta amach, bíonn gá le hathbhreithniú a thabhairt ar shocruithe agus ar leibhéil an chriú i stáisiúin, a d'fhéadfadh a bheith ina chriú lánaimseartha, measctha nó ar coinneáil d'fhonn na leibhéil fhreagartha is fearr is féidir a bhaint amach. Ciallaíonn "measctha" sa chomhthéacs seo stáisiún mar a bhfuil aon chriú

amháin ar dualgas go lánaimseartha agus an dara caidéal ar coinneáil, nó mar a mbíonn criú lánaimseartha ann ar feadh cuid de thimthriall 24 uair a' chloig.

I stáisiúin ina mbíonn criú ar coinneáil, seachas i gcásanna mar a mbíonn íos-leibhéil foirne i bhfeidhm, ba chóir úsáid a bhaint as uainchlár criú chun leibhéil an fhreastail agus na riachtanas le ham saor ón obair a bhainistiú. Tá sé i gceist go n-ullmhófar Nóta maidir le Dea-Chleachtas ó thaobh Freastal Criúnna a Bhíonn ar Coinneáil a Bhainistiú.

I seirbhísí dóiteáin lánaimsire, tá córais na 'gceithre fhaire' (bunaithe ar uaireanta na seachtaine a roinnt 168/ 4 = 42 uair sa tseachtain) i bhfeidhm le blianta fada. I seirbhísí a bhíonn i bhfeidhm 24/7, má athraítear ó chóras na gceithre fhaire chuig 'córas dhualgais na gcúig ghrúpa' (bunaithe ar 168/ 5 = 33.3 uair), d'fhéadfaí leibhéil dhearbhaithe foirne a sholáthar gan riachtanais a chruthú le haghaidh saoire speisialta cúitimh agus ragoibre, agus is féidir éascú le sealanna iomlána oibre agus oiliúint bhreisithe don fhoireann. Bhí forbairtí suntasacha i mbonneagar, feithiclí, trealamh agus beartais Acmhainní Daonna na seirbhísí dóiteáin ó tugadh córas na gceithre fhaire isteach. Ba chóir do gach seirbhís dóiteáin lánaimseartha athbhreithniú a dhéanamh ar a gcuid socruithe reatha maidir le seirbhísí a sholáthar chun déanamh amach an mbreiseofaí córais dhualgais na gcúig ghrúpa agus / nó an soláthrófaí éifeachtúlacht / luach ar airgead níos fearr ó thaobh na leibhéil seirbhíse céanna a sholáthar.

**Déanfaidh gach seirbhís dóiteáin athbhreithniú ar sholáthar reatha a cuid seirbhísí i bhfianaise na gcaighdeán atá leagtha amach sa Chaibidil seo, agus ba chóir dóibh an comhdhéanamh stáisiún agus na socruithe foirne is fearr is féidir a phleanáil bunaithe ar na paraiméadair atá leagtha amach sna codanna roimhe seo.**

### An Tréimhse Ama go dtí go nDéanfaidh Seirbhísí Dóiteáin Idirghabháil Éifeachtach

Tá fairsinge an limistéir a chlúdaíonn stáisiún dóiteáin, agus dá bharr sin, an t-achar a d'fhéadfadh briogáid dóiteáin a fhreagróidh d'eachtra taisteal chuig láthair dóiteáin, i measc fachtóirí éagsúla a chinnfidh an tréimhse ama a bheidh i gceist go ndéanfaidh seirbhísí dóiteáin idirghabháil éifeachtach. Is fearr seo a chur in iúl mar shuim sraith achar ama ó thús an dóiteáin go dtí an t-am a thosóidh an idirghabháil ar a bheith ag dul i bhfeidhm air. I gcás gnáthdhóiteáin in áitreabh cónaithe, bheadh sé cosúil leis an méid seo a leanas:

A idirghabháil éifeachtach= A braistint+ A frithfhreagairt + A SFGÉ / 999 + A TMRC + A seoladh amach+ A taisteal + A socrú suas + A tascanna tosaigh a fheidhmiú

I gcás go ciallaíonn

| | | |
|---|---|---|
| A (braistint) | – | an tréimhse ama a chaitear sula mbraitear dóiteán a bheith ann, trí amharc, trí bholadh an deataigh nó trí ghníomhachtú an aláraim deataigh de ghnáth; |
| A (frithfhreagairt) | – | an tréimhse ama a chaitear sula bhfrithfhreagraíonn an duine a bhraitheann an dóiteán agus sula ngníomhaíonn sé nó sí trí dhóiteán tosaigh a mhúchadh, rabhadh a thabhairt do dhaoine eile agus an foirgneamh a fhágáil agus glao ar 999/112; |

| | | |
|---|---|---|
| A (SFGÉ 999) | – | an tréimhse ama a chaitheann Seirbhísí Freagartha na nGlaonna Éigeandála (SFGÉ) chun an glao ar 999 a phróiseáil agus a aistriú chuig Ionad Cumarsáide Réigiúnach cuí na seirbhísí dóiteáin; |
| A (TMRC) | – | an tréimhse ama a chaitheann seirbhísí dóiteáin an Ionaid Chumarsáide Réigiúnaigh chun faisnéis ábhartha (seoladh, cineál eachtra atá i gceist, má tuairiscíodh daoine a bheith i gceist) a bhailiú ón nglaoiteoir agus an fhaisnéis a phróiseáil go sonrófar agus go seolfar comhartha / teachtaireacht chuig an tseirbhís fhreagartha chuí dóiteáin le seirbhísí a sheoladh amach; |
| A (seoladh amach) | – | an tréimhse ama a chaitear idir an comhartha / teachtaireacht, le seirbhísí a sheoladh amach, a fháil agus lucht an chéad fhearais dóiteáin a bheith ag fógairt go bhfuil siad ar a mbealach chuig an eachtra (fearas gluaisteach a bheith curtha in áirithe) agus iad ag fágáil a stáisiúin dóiteáin; |
| A (taisteal) | – | an tréimhse ama a chaitear ag taisteal ón stáisiún dóiteáin chuig an eachtra, agus is feidhm é sin a bhaineann leis an achar atá le taisteal (feidhm shuíomh sheoladh an dóiteáin i gcoibhneas leis an stáisiún dóiteáin, an luas a bheidh faoin mbriogáid is í ag taisteal agus a eolaí is a bheidh lucht na briogáide ar a gceannscríbe); |
| A (socrú suas) | – | an tréimhse ama a chaitear ón tráth a thagtar ar an láthair go mbaileoidh Ceannasaí na dTeagmhas faisnéis, go ndéantar an scéal a mheasnúnú, plean a dhéanamh agus treoracha maidir le tascanna a eisiúint don chriú, agus go dtí go mbeidh bearta tosaigh déanta ag an gcriú (goiris anála a chur orthu féin agus an spóil osáin / scaird a leagan amach agus é a nascadh leis an hiodrant nó le foinse eile uisce) etc; |
| A (tascanna tosaigh) | – | an tréimhse ama go bhfeidhmeoidh criú na briogáide dóiteáin tascanna tosaigh lena n-áirítear a bheith ag dul isteach san fhoirgneamh, é a chuardach, dóiteán (nó daoine gortaithe) a aimsiú, an dóiteán a chomhrac, srl. |

Leagtar cur chuigeanna amach thíos maidir leis an méid ama a laghdú oiread agus is féidir le haghaidh gach céim ar féidir le húdaráis dóiteáin gníomhú ina leith. Feictear gur táscaire buntábhachtach ó thaobh feidhmíochta i gCaibidil 9 a bhíonn i gceist le treochtaí a thomhas ó thaobh mheántréimhsí an ama freagartha (seoladh amach + taisteal) d'eachtraí príomhúla agus tánaisteacha laistigh de limistéir stáisiúin.

### Bearta Feidhmíochta an Tionscadail um Móibliú Ríomh-Chuidithe (TMRC)

Is é cruinneas na n-acmhainní a sheoltar amach mar fhreagairt ar an nglao ar chúnamh tomhas buntábhachtach na feidhmíochta in Ionaid Chumarsáide Réigiúnacha atá rannpháirteach sa Tionscadal um Móibliú Ríomh-Chuidithe. Is féidir le han-chuid éagsúlachta a bheith i gceist leis an méid ama a thógtar chun déileáil le glao aonair ar 999/112, ag brath ar an nglaoiteoir aonair atá i gceist. Cuirtear gach duine a bhíonn ag glacadh le glaonna sna hIonaid sin (oibreoir na rialuithe éigeandála) faoi oiliúint leis an bhfaisnéis ábhartha a fháil i bhformáid struchtúrtha lena gcumasaítear an acmhainn chuí is

cóngaraí a shonrú agus a sheoladh amach de réir na bhFreastal Réamhchinnte ábhartha don chatagóir eachtra sin agus don áit sin. I gcásanna ábhartha, leanfaidh an t-oibreoir sin ar aghaidh le bheith ag bailiú faisnéise breise a chuirtear leis an teachtaireacht a sheoltar chuig an gcriú atá á seoladh amach agus ar féidir leis cabhrú le ceannasaí na dteagmhas agus é nó í ag freagairt don eachtra. Feictear go mbíonn sé níos tábhachtaí cruinneas 100% a fháil ó thaobh an acmhainn cheart a sheoladh amach seachas spriocthréimhsí socraithe ama a chomhlíonadh maidir le glaonna a láimhseáil laistigh de na hIonaid Chumarsáide Réigiúnacha. Bíonn feabhsú leanúnach ar an tseirbhís ó oibreoirí aonair ina chur chuige níos oiriúnaí ná spriocthréimhsí ama a leagtar amach roimh ré. Tá Nóta maidir le Dea-Chleachtas á ullmhú chun treoir mhionsonraithe maidir leis an gcur chuige seo a sholáthar. Dá ainneoin sin, táthar ag súil leis gurb iad seo a leanas na bearta a bheidh i gceist agus glaonna á láimhseáil de ghnáth in Ionad Cumarsáide Réigiúnach:

- Acmhainn cheart seolta amach i 99.9% de chásanna;
- Glaonna ó Sheirbhísí Freagartha na nGlaonna Éigeandála freagartha – 99.9% faoi cheann 5 shoicind;
- Am le faisnéis a fháil agus acmhainn chuí na briogáide dóiteáin a shonrú chun seoladh amach – 50% de ghlaonna faoi cheann 60 soicind agus 80% faoi cheann 90 soicind.

### Tréimhsí Ama le Fearas a Sheoladh Amach

Is iad seo a leanas na spriocthréimhsí ama chun fearais a sheoladh amach ón tráth a chuirtear an fhoireann san airdeall go dtí go gcuirtear an fearas in áirithe le seoladh amch chuig an eachtra:

- Stáisiúin lánaimseartha – 1 nóiméad
- Stáisiúin le criú ar coinneáil – 5 nóiméad

### Athbhreithniú ar an bhFreagairt agus a bheith ag Foghlam ó Thaithí

Meastar go bhfuil sé tábhachtach go gcuirtear gach freagairt d'eachtraí (seachas do dhóiteáin threasacha) faoi athbhreithniú leis an gcuspóir go gcruthófar cultúr machnaimh agus foghlama sna seirbhísí dóiteáin in Éirinn. Ba chóir pointí foghlama infhéideartha a bhunú de bharr phróiseas an athbhreithnithe agus cleachtais a mhionathrú de réir mar is gá. Tá Nóta maidir le Dea-Chleachtas á ullmhú faoin ábhar seo.

# Caibidil 8 – Eachtraí ar Scála Mór agus Comhoibriú idir Gníomhaireachtraí

## Réamhrá

Cé gur leagadh amach an cur chuige atá molta i leith ghnáthsholáthar fhreagairt na seirbhísí dóiteáin sa chaibidil roimhe, baineann an Chaibidil seo le socruithe áirithe a chaithfear a chur i bhfeidhm nuair a fhágann eachtraí ar scála mór nach mór acmhainní suntasacha a sheoladh amach agus a chur chun feidhme i leith na heachtra.

I gcoitinne, mheasfaí go mbeadh eachtra ina heachtra ar scála mór dá mbeadh sé chinn d'fhearais nó níos mó de dhíth chun déileáil le cás ar leith. Meastar amhlaidh chomh maith cás ina mbíonn go leor eachtraí atá ag tarlú ag an am céanna laistigh de sheirbhís dóiteáin nó trasna réigiún tíreolaíochta a fhágann nach mór líon suntasach amhainní ó údaráis dóiteáin a sheoladh amach, cé go mb'fhéidir nach gcaithfeadh ach aon fhearas amháin freastal ar aon eachtra ar leith, m.sh. dóiteáin fhairsinge i dtalamh fiáin nó tuilte.

Tharlódh sé freisin go gcaithfí oibríochtaí seirbhíse dóiteáin a choinneáil ar bun ar feadh tréimhse sínte ama le haghaidh roinnt eachtraí freisin, ar feadh roinnt laethanta i gcásanna áirithe agus i roinnt cásanna fíordhona ar fad, ar feadh seachtainí, rud a fhágann nach mór pleanáil a dhéanamh ó thaobh cúrsaí loighistice agus tacaíochta. Cuireann eachtraí dá leithéid brú nach beag ar na hacmhainní a bhíonn ar fáil, go háirithe do chriúnna a bhíonn ar coinneáil, cásanna mar go mb'fhéidir nach mbeadh pearsanra ann le dul ina n-ionad má thugtar tréimhse do chriúnna lena scíth a ligean i rith / tar éis eachtraí fada. Is gá leibhéal cumais freagartha a choinneáil ar bun go bhfreagrófar d'eachtraí eile freisin i gcás go mbítear ag déileail le cás mór, forleathan nó ina mbíonn tréimhse ama níos faide, agus caithfear pleanáil agus socruithe a dhéanamh chuige sin freisin.

## An Córas Ceannasaíochta Náisiúnta Teagmhas

Baintear úsáid as an Córas Ceannasaíochta Náisiúnta Teagmhas chun freagairt gach seirbhíse dóiteáin d'eachtraí éigeandála a bhainistiú, ach bíonn gá ar leith leis chun bheith mar bhonn is mar thaca le freagairtí sábháilte éifeachtacha d'eachtraí móra, forleithne nó ina mbíonn tréimhse ama níos faide i gceist.

Aonaid Cheannasaíochta Teagmhas – feithiclí a dheartar agus a gcuirtear trealamh iontu chun tacú le feidhm na ceannasaíochta maidir le heachtra agus a fhéadfar a sheoladh amach chuig eachtraí ar scála mór mar chuid d'fhreastal réamhchinnte. Ba chóir cuimhneamh, go luath i gcás aon eachtra ar scála mór, ar iarraidh ar Aonaid Cheannasaíochta Teagmhas freastal ar an eachtra, i gcás nár seoladh amach cheana féin é.




Aonaid Cheannasaíochta Teagmhas

Seachas an ghnáthobair bhainistíochta a dhéantar ar láthair eachtraí ar leibhéal oibriúcháin agus teaictice, b'fhéidir gur gá leibhéal áirithe d'obair bhainistíochta a bheith ar siúl amach ó láthair eachtraí faoi mar a chuirtear síos air thuas, ar leibhéal straitéiseach. Baineann seo go mór le hábhar nuair a tharlaíonn go leor eachtraí ag an am céanna, m.sh. eachtraí de bharr aimsire cruaidhe, i gcás go mb'fhéidir go gcinnfidh an Príomhoifigeach Dóiteáin nó an tOifigeach Sinsearach ar Dualgas i limistéar gur gá na socruithe ar leith le haghaidh roinnt eachtraí a chomhordú ó áit lárnach amhail Ceanncheathrú na Seirbhíse Dóiteáin i gcomhar leis an Ionad Cumarsáide Réigiúnach ábhartha. Tarlóidh sé seo de ghnáth i gcás go seoltar criú ó thrí stáisiún dóiteáin in aice le chéile amach chuig eachtra / sraith eachtraí. Bíonn léarscáileanna, áiseanna cumarsáide agus tacaíocht Teicneolaíochta Faisnéise ar fáil i gCeanncheathrúna seirbhíse dóiteáin le haghaidh cúinsí dá leithéid.

## Eachtraí ar Scála Mór nó Eachtra Fadtréimhseach a Bhainistiú

Nuair a tharlaíonn eachtraí ar scála mór nó eachtraí fadtréimhseacha, is ar an Oifigeach Dóiteáin Sinsearach ar Dualgas nó ar an bPríomhoifigeach Dóiteáin a bheidh sé bainistiú a dhéanamh ar na hacmhainní / loighistic a bhaineann le bheith ag soláthar agus ag coinneáil fhreagairt na seirbhíse dóiteáin ar bun. Is féidir go leor de na socruithe loighistice a phleanáil roimh ré áfach. Sa tábla thíos, leagtar amach sraith de chásanna ina dtugtar beagán le fios faoin gcineál eachtraí ar chóir do gach seirbhís dóiteáin cuimhneamh orthu. Baineann na cásanna seo le catagóiriú na rioscaí a leagadh amach sa chaibidil roimhe seo, agus ba chóir go dtreoródh an Mheasúnacht ar Rioscaí Éigeandálaí Móra iad freisin.

**TÁBLA 8.1**
**Ullmhúchán le haghaidh Cásanna ar Scála Mór nó Cásanna Fadtréimhseacha**

| Catagóiriú an Riosca | Samplaí d'Eachtraí | Fearais a Sheoltar amach | Comhraiceoirí Dóiteáin agus ceannasaithe criú chun seasamh le hoibríocht | Leid faoi Líon na nOifigeach is gá chun oibríocht a rith |
|---|---|---|---|---|
| **An-Ard** | Dóiteáin ar scála mór / i mbonneagar; Iliomad dóiteán nó eachtraí forleathana; Eachtraí iompair | Eachtraí le 6,<br>12 nó 20 Fearas d'Aicme B;<br>4 Fhearas Speisialta (FÉ + Aeir, ACT) | 27<br>55<br>90 | 1 + 3<br>2 + 5<br>3 + 7 |
| **Ard** | Dóiteáin ar scála mór / i mbonneagar; Iliomad dóiteán nó eachtraí forleathana;<br>Eachtraí iompair | Cásanna le 6,<br>9 nó 12 Fhearas d'Aicme B;<br>3 Fhearas Speisialta (FÉ + Aeir, ACT) | 27<br>40<br>55 | 1 + 3<br>1 + 4<br>2 + 5 |
| **Meánleibhéal** | Dóiteáin ar scála mór;<br>Iliomad dóiteán nó eachtraí forleathana;<br>Eachtraí iompair | Cásanna le 6,<br>8 nó 10 bhFearas d'Aicme B;<br>2 Fhearas Speisialta, ACT | 27<br>36<br>45 | 1 + 3<br>1 + 4<br>2 + 5 |
| **Íseal** | Dóiteán mór;<br>Iliomad dóiteán nó eachtraí forleathana;<br>Eachtraí iompair | Cásanna le 4,<br>6 nó 8 bhFearas d'Aicme B;<br>Fearas Speisialta + ACT | 18<br>27<br>36 | 1 + 2<br>1 + 3<br>2 + 4 |
| **An-Íseal** | Dóiteán mór;<br>Iliomad dóiteán;<br>Eachtraí iompair | Cásanna le 3 nó 5 Fhearas d'Aicme B;<br>Fearas Speisialta + ACT | 14,<br>23 | 1 + 2<br>1 + 3 |

## Cumas Freagartha a Choinneáil ar Bun

Ceann de thascanna an Phríomhoifigigh Dhóiteáin nó an Oifigigh Dóiteáin Sinsearaigh ar Dualgas i gcás go dtarlaíonn eachtra an-mhór, nó i cás go dtarlaíonn go leor eachtraí ag an am céanna, is ea a chinntiú go mbeidh acmhainn ar fáil, cé nach gá go dtiocfadh sé ón stáisiún is cóngaraí, faoi cheann tréimhse réasúnach d'am taistil chun déileáil le haon eachtraí príomhúla nó tánaisteacha a d'fhéadfadh teacht chun cinn agus acmhainní tugtha suas don eachtra nó do na heachtraí atá ar scála mór.

B'fhéidir go mbeidh ar an Oifigeach Dóiteáin Sinsearach ar Dualgas cur chun feidhme na n acmhainní atá ar fáil a chur in ord tosaíochta ar bhonn na faisnéise a bhíonn ar fáil, toisc go mb'fhéidir nach mbeidh sé indéanta freagairt láithreach a sholáthar do gach iarraidh ar chúnamh a thagann chun cinn de bharr cásanna forleathana, agus b'fhéidir nach ionann acmhainní a shannadh ar bhonn shraitheog na nglaonna a fhaightear agus an úsáid is fearr is féidir a bhaint as acmhainní.

## "Cúnamh Frithpháirteach"

D'fhéadfadh sé tarlú nach mbeadh seirbhís dóiteáin aonair in ann oibríocht ar scála mór nó fadtréimhseach a choinneáil ar bun lena cuid acmhainní inmheánacha féin. Cumasaítear d'údarais dóiteáin leis an Acht Seirbhísí Dóiteáin cabhrú lena chéile agus tacaíocht a sholáthar ar bhonn 'cúnaimh fhrithpháirtigh', agus is é seo an gnáthchleachtas lena mbítear ag súil le haghaidh seirbhísí dóiteáin. Tabharfaidh an Príomhoifigeach Dóiteáin seirbhísí máguaird isteach nuair is gá chuig limistéar mar a bhfuil an eachtra ar scála mór lonnaithe, ar bhonn socruithe comhaontaithe réamhphleanáilte den chineál a leagtar amach thuas.

Tasc díreach neamhchasta is ea an obair le fearais dóiteáin agus criúnna gaolmhara a sheoladh amach i dtosach báire. Nuair a shamhlaítear áfach go mbeidh líon mór comhraiceoirí dóiteáin ag teastáil áfach le haghaidh oibríocht áirithe ar feadh tréimhse níos faide, is mó mar a thagann na soláthairtí ó thaobh cúnaimh fhrithpháirtigh i gceist. Samhlaítear i gcás údaráis dóiteáin a mbeadh a leithéid de chás os a chomhair, agus an gá á choinneáil in aigne le leibhéal cumais fhreagartha a choinneáil ar bun freisin, go lorgódh sé baill shonracha de chriúnna comhraiceoirí dóiteáin ó sheirbhísí eile dóiteáin. I gcás mar seo, samhlaítear go lorgódh na seirbhísí dóiteáin eile baill foirne a bheadh sásta taisteal agus dul i mbun oibríochtaí dá leithéid, agus an gá lena gcumas freagartha féin a choinneáil ar bun á choinneáil in aigne. Cuidíonn na forbairtí a rinneadh le blianta beaga anuas, amhail an Córas Ceannasaíochta Náisiúnta Teagmhas, Treoir Oibriúcháin náisiúnta agus Treoirlínte Oibriúcháin Caighdeánacha, sonraíochtaí náisiúnta maidir le fearais agus trealamh agus oiliúint náisiúnta, uile le cás mar ar féidir le hoifigigh agus comhraiceoirí dóiteáin ó na seirbhísí dóiteáin ar fad oibriú i modh 'cúnaimh fhrithpháirtigh' gan mórán dúshlán.

Bítear ag súil leis go n-íocfaidh an tseirbhís dóiteáin óstach as costais a bhaineann le socruithe 'cúnaimh fhrithpháirtigh' dá leithéid a sheoladh amach.

## Leas an Phearsanra i rith Eachtraí Forleathana agus Fadtréimhseacha

Cé go gcuirtear socruithe ar bun le haghaidh leas an phearsanra le linn na gnáthfhreagartha d'eachtra, ní mór do Cheannasaí na dTeagmhas leas an phearsanra le linn eachtraí ar scála mór a thabhairt san áireamh agus a chothromú le riachtanais an cháis agus leis na hacmhainní atá ar fáil. Moltar i gcoitinne i gcás gur féidir, nár chóir go mbeadh ar bhaill aonair den phearsanra oibriú ar feadh tréimhsí iomarcacha in aon gheábh amháin, nó i gcás go n-éilítear orthu ath-shealanna a oibriú má théann an eachtra nó na heachtraí thar roinnt laethanta. Déanfaidh an Príomhoifigeach Dóiteáin nó an tOifigeach Dóiteáin Sinsearach ar Dualgas socruithe cuí lena chinntiú go rothlaítear criúnna de réir uainchláir agus go dtabharfar go leor scíthe dóibh le linn eachtraí ar scála mór agus eachtraí fadtréimhseacha. Ní mór gnéithe eile de shocruithe leasa do na criúnna a chur san áireamh freisin agus socruithe cuí a chur i bhfeidhm.

Tá Nótaí maidir le Dea-Chleachtas á n-ullmhú le haghaidh socruithe 'cúnaimh fhrithpháirtigh' agus maidir le bheith ag foghlaim ó thaithí ar a bheith ag déileáil le cásanna móra, forleathana agus fadtréimhseacha.

## Comhoibriú Idir Gníomhaireachtraí

Oibríonn seirbhísí dóiteáin leis an nGarda Síochána agus leis an tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna agus iad ag freagairt do go leor eachtraí. Maidir le heachtraí ar scála mór nó eachtraí a tharlaíonn ag an am céanna, i gcoitinne, bíonn comhoibriú le seirbhísí éigeandála eile agus / nó cuideachtaí fóntas riachtanach chun toradh sábháilte, rathúil, éifeachtach agus éifeachtúil a fháil maidir leis an eachtra nó na heachtraí.

Is éasca Ceannasaí na dTeagmhas ón tSeirbhís Dóiteáin ar an láthair a aithint ar Thabard Cheannasaí na dTeagmhas a bheidh á chaitheamh aige nó aici, faoi mar a fhorordaítear sa Chóras Ceannasaíochta Teagmhas Náisiúnta (CCTN). Ag eachtraí ar scála mór, is féidir cabhrú leis na próisis thuasluaite idir gníomhaireachtaí ach Aonad Ceannasaíochta Teagmhas a bheith i láthair. Ag eachtraí dóiteáin, ba chóir do Cheannasaí Teagmhas na Seirbhíse Dóiteáin socrú a dhéanamh chun bualadh le ceannairí gníomhaireachtaí eile chun faisnéis a roinnt / socruithe oibre a chomhordú de réir mar atá leagtha amach sa CCTN. Féadfaidh an Príomhoifigeach Dóiteáin nó an tOifigeach ar Dualgas cinneadh a dhéanamh bualadh leis an bpearsanra atá i gceannas ar ghníomhaireachtraí eile ar shuíomh oiriúnach amach ón láthair freisin.

## Éigeandálaí Móra

Féadfar meas "Éigeandála Móire" a thabhairt ar eachtraí níos mó a théann thar ghnáthchumais aon Phríomhsheirbhíse Éigeandála amháin. Tá an phearsanra atá údaraithe le hÉigeandáil Mhór a fhógairt ainmnithe roimh ré ag gach gníomhaireacht agus áirítear Ceannasaithe Teagmhas na seirbhíse dóiteáin leo. Tá na socruithe maidir le bheith ag déileáil le hÉigeandálaí Móra leagtha amach in 'Creat chun Éigeandálaí Móra a Bhainistiú' (2006) mar aon leis na hAguisíní agus Treoircháipéisí gaolmhara. Tá na socruithe leis an gcomhordú agus comhoibriú idir gníomhaireachtaí neadaithe ina gcuid de na príomh-ghníomhaireachtraí freagartha tríd an oiliúint agus an obair fhorbartha eile ar tugadh fúithi mar chuid den Chlár Forbartha um Éigeandálaí Móra 2006 - 2008 lenar tugadh isteach réigiúin BÉM a thaispeántar i bhFigiúr 3.1 thuas. Táthar fós ag brú an t-ullmhúchán idir gníomhaireachtaí chun cinn laistigh de réigiún na BÉM seo. Cuireadh socruithe BÉM chun feidhme chun na tuilte fairsinge agus éigeandálaí de bharr aimsire cruaidhe a tháinig le linn an gheimhridh le roinnt blianta anuas a bhainistiú agus féadfar iad a chur chun feidhme ar mhaithe leis an gcomhoibriú idir gníomhaireachtaí, fiú i gcás nach bhfógraítear éigeandáil mhór.

Leis an gCreat, leagtar amach tagarmharcanna tábhachtacha, lena n-áirítear an coincheap ó thaobh na 'gníomhaireachta ceannais' lena dtugtar idir shainordú agus fhreagracht as gníomhaíocht idir gníomhaireachtaí a chomhordú. Soláthraítear soiléire freisin leis an gCreat maidir leis na róil agus na freagrachtaí, lena n-áirítear sláinte agus sábháilteacht, a bhaineann le gach ball den phearsanra freagartha. Féadfar úsáid a bhaint as na socruithe agus as an treoir a sholáthraítear sa Chreat thuasluaite chun gach eachtra a bhainistiú, agus ní amháin i gcás Éigeandálaí Móra amháin. Spreagtar ceannasaithe teagmhas na seirbhíse dóiteáin na socruithe comhordúcháin seo idir gníomhaireachtaí a ghníomhachtú, leas a bhaint astu agus páirt a ghlacadh iontu mar chuid d'obair ag gnátheachtraí agus le linn eachtraí móra freisin, go háirithe i gcás go mbaineann an eachtra le dóiteán.

## Ag Obair le Seirbhísí Deonacha Éigeandála agus le Pobail

De bharr eachtraí ar scála mór nó eachtraí fadtréimhseacha, d'fhéadfadh sé tarlú go mbeadh ar sheirbhísí dóiteáin oibriú le Seirbhísí Éigeandála Deonacha nó le grúpaí pobail nó fiú le daoine aonair de phobail a bhfuil trealamh nó eolas ar leith acu a d'fhéadfadh cabhrú le cás a réiteach.

Oibríonn Údaráis Áitiúla an tseirbhís Chosanta Sibhialta, ar eagraíocht reachtúil d'oibrithe deonacha atá inti. Soláthraíonn oibrithe deonacha na Cosanta Sibhialta Seirbhís Éigeandála Dheonach ar féidir a úsáid chun tacú leis na Príomhsheirbhísí Éigeandála. Aithnítear leis an gCreat chun Éigeandálaí Móra a Bhainistiú ról na Cosanta Sibhialta agus Seirbhísí Éigeandála Deonacha eile, lena n-áirítear Seirbhísí Tarrthála Sléibhe agus Pluaise, san fhreagairt d'eachtraí ar scála mór. Lánpháirtíodh na seirbhísí éigeandála deonacha ina gcuid den chumas freagartha d'éigeandálaí agus áiríodh sin mar chuid den Chlár Forbartha um Éigeandálaí Móra, agus tá a gcuid ullmhúchán mionathraithe ag na seirbhísí éigeandála deonacha sin chun teacht le forálacha an Chreata. Tugadh aitheantas i bhfad is i ngar do thairbhí agus rannchuidiú na Seirbhísí Éigeandála Deonacha i rith eachtraí na dtuilte agus na haimsire cruaidhe a tharla in 2009 agus 2010.

Tá cumas le feidhmiú mar Sheirbhís Dóiteáin Chúnta ag go leor aonad Cosanta Sibhialta ar fud na tíre le freagairt do chásanna eachtraí sonracha agus féadfar fios a chur orthú le cabhrú leis an bhfreagairt do chásanna ar scála mór a bhaineann le tuilte, dóiteáin ar fhiathalamh agus le huisce a phumpáil. Soláthraíonn aonaid na Cosanta Sibhialta seirbhísí eile do phobail freisin amhail Tarrtháil ón Uisce, Coirp a Aisghabháil, Cuardach ar feadh limistéir leathain, srl. Chomh maith lena cumas mar sheirbhís éigeandála, bíonn cumas suntasach ó thaobh cúrsaí loighistice ag seirbhísí Cosanta Sibhialta na n-údarás áitiúil, i leith cúrsaí iompair agus leasa araon, agus ba chóir é sin a lánpháirtiú mar chuid den tSeirbhís Dóiteáin chun freagairt d'eachtraí éagsúla comhaontaithe a bhaineann le dóiteáin agus chun tacú le hoibríochtaí na seirbhíse dóiteáin ina bhfuil 'cúnaimh fhrithpháirteach' i gceist. Maidir le deacrachtaí a bhí ann roimhe seo ó thaobh an tSeirbhís Chosanta Sibhialta a chur chun feidhme mar thacaíocht do sheirbhísi dóiteáin ag eachtraí ar scála mór nó eachtraí fadréimseacha, féadfar cabhrú leis na deacrachtaí sin a laghdú trí úsáid a bhaint as pearsanra na seirbhíse dóiteáin mar theagascóirí oiliúna do lucht na Cosanta Sibhialta, trí úsáid a bhaint as trealamh na seirbhíse dóiteáin chomh maith le treoir oibriúcháin chaighdeánach choiteann.

D'fhéadfadh sé tarlú go mbeidh sainghníomhaireachtraí deonacha eile ag feidhmiú laistigh de limistéar nó gníomhaireachtaí dá leithéid a bhfuil sé de chumas acu tacú le hÚdarás Dóiteáin ina chuid feidhmeanna. Mar shampla, tá saineolas ag Foirne Tarrthála Sléibhe agus is acu-san a bhfuil an trealamh is fearr chun cabhrú le seirbhís dóiteáin agus í ag freagairt, mar shampla, d'eachtra ina bhfuil aerárthach i gceantar sléibhte i gceist. Beidh sé de chumas ag aonaid na Croise Deirge fóirithint dhaonnúil / tacaíocht a sholáthar do dhaoine a dtéann eachtraí ar scála mór i bhfeidhm orthu. Ba chóir do sheirbhísí dóiteáin úsáid a bhaint as an obair a dhéantar agus iad ag comhoibriú leis na gníomhaireachtaí seo i réimse na nÉigeandálaí Móra, sa chaoi go sonrófar acmhainní roimh ré, ba chóir Meamraim Tuisceana

/ comhaontuithe a ullmhú de réir mar is gá chomh maith le comhoiliúint / cleachtaí a shocrú de réir mar is cuí.

Uaireanta is cuí agus riachtanach leas a bhaint as feithiclí nó trealamh sonrach ar le daoine aonair den phobal iad agus a d'fhéadfadh cabhrú go mór le hoibríochtaí seirbhíse dóiteáin. Mar shampla, b'fhéidir gurbh fhearr a oireann tarracóirí agus tancaeir sciodair agus gur mó leas a d'fhéadfaí a bhaint astu ná fearais dóiteáin chun uisce a úsáid chun maoin a chosaint ar dhóiteáin ar fhiathalamh. I gcás go bhfuil faoi sheirbhís dóiteáin úsáid a bhaint as acmhainní dá leithéid, moltar go ngníomhachtaítear scéim "Oibrithe Deonacha Pobail" de chuid na Cosanta Sibhialta chun socruithe a dhéanamh ar mhaithe le hacmhainní dá leithéid a chomhordú, a rialú agus a thabhairt faoi chuimsiú chlúdach árachais.

### Cúnamh na bhFórsaí Cosanta

I gcásanna áirithe, b'fhéidir gur chuí do sheirbhís dóiteáin cúnamh na bhFórsaí Cosanta a lorg, agus faoi réir ag a mbeidh orthu a dhéanamh maidir lena gcuid riachtanas féin ó thaobh cúrsaí oibriúcháin, féadfaidh na Fórsaí Cosanta cabhrú le seirbhísí dóiteáin. Leagtar amach na socruithe chun Fórsaí Cosanta a lorg agus a sheoladh amach trí Chiorclán.

### Athbhreithniú a Dhéanamh ar Oibríochtaí ar Scála Mór

Ullmhóidh Ceannasaí na dTeagmhas tuairisc shonrach maidir le gach eachtra ar scála mór, d'fhonn pointí foghlama a shonrú.

B'fhéidir gur chuí freisin, i gcúinsí sonracha, go ndéanfadh an Stiúrthóireacht Náisiúnta agus / nó seirbhísí comhchéime athbhreithniú ar ghnéithe d'eachtraí sonracha d'fhonn pointí foghlama a bhunú agus ceachtanna dá leithéid a foghlaimíodh a fhógairt trí threoir nua a fhorbairt nó trí athbhreithniú a dhéanamh ar an treoir reatha agus ar an gclár oiliúna lárnach bliantuil.

# Caibidil 9 – Cáilíocht a Dhearbhú agus Feidhmíocht a Thuairisciú

## Réamhrá

Príomhchuspóir thionscadal "Pobail a Choinneáil Slán" is ea a chinntiú go soláthrófar seirbhísí éifeachtacha, comhsheasmhacha ardchaighdeáin chun an pobal a chosaint. Rud a bheidh ina ghné bhuntábhachtach d'aon chóras nó modheolaíocht nua is ea an t-athbhreithniú leanúnach ar an bpróiseas lena chur i ngníomh, agus soláthar na seirbhíse a thagarmharcáil de réir na norm agus na bpróiseas lena mbítear ag súil agus atá leagtha amach i gcodanna éagsúla na cáipéise seo. Moltar cur chuige sa Chaibidil seo i leith cáilíocht a dhearbhú a bheidh bunaithe ar raon roghnaithe targaidí agus critéar agus lena gcuirtear le roinnt táscairí feidhmíochta buntábhachtacha reatha.

## Cáilíocht a Dhearbhú

Is é jab bhainistíocht shinsearach na seirbhíse cultúr a bhunú lena seachadtar seirbhís ardchaighdeáin go seasta don phobal agus cinntiú go mbeidh na próisis chuí i bhfeidhm agus go mbeidh iad siúd a bhfuil freagrachtaí maoirseachta orthu, chomh maith leis an bhfoireann, cleachtaithe leis na noirm lena mbítear ag súil agus go dtuigeann siad iad. Beartaítear córais um dhearbhú cáilíochta lena chinntiú go mbíonn na noirm shainráite agus dea-chleachtais á seachadadh ag struchtúr na bainistíochta laistigh de sheirbhísí aonair dóiteáin.

I roinnt cásanna, bíonn córais um dhearbhú cáilíochta amhail ISO i bhfeidhm d'fheidhmeanna sonracha de chuid na seirbhíse dóiteáin. Áirítear leis sin na hIonaid Chumarsáide Réigiúnacha a láimhseálann glaonna 999/112 ón bpobal ar chúnamh.

Déantar scrúdan seachtrach go tráthrialta ar roinnt gníomhaíochtaí sonracha de chuid na seirbhíse dóiteáin lena chinntiú go mbíonn na noirm lena mbítear ag súil á gcomhlíonadh. Déantar iniúchadh ar ghnéithe de ghníomhaíocht oiliúna na seirbhíse dóiteáin chun córas Chomhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna a chomhlíonadh. Ar an gcaoi chéanna, meastar gur gnáthrud anois iniúchóireacht a dhéanamh ar chórais bhainistíochta sábháilteachta.

Meicníocht bhuntábhachtach chun a mhéad, is a sheachadtar seirbhísí ardchaighdeáin don phobal, a thomhas is ea aiseolas ó chustaiméirí agus tá dea-chleachtas maidir leis seo bunaithe i roinnt seirbhísí dóiteáin.

## Cáilíocht a Dhearbhú sa tSábháilteacht ó Dhóiteán

Déantar míreanna aonair d'obair shábháiltachta ó dhóiteán faoi mhaoirseacht ó oifigigh shinsearacha agus de réir bheartas an údaráis dóiteáin agus nósanna imeachta d'obair shábháilteachta ó dhóiteán. Sanntar obair maidir le sábháilteacht ó dhóiteán do bhaill chuí den phearsanra, agus cáilíochtaí, oiliúint agus taithí an phearsanra atá i gceist á gcur san

áireamh. I gcásanna cuí, féadfaidh oifigeach sinsearach cabhrú le hobair a shanntar dó nó di, lena chinntiú go ndéantar an obair de réir caighdeán oiriúnach nó éilithe, agus / nó chun forbairt an phearsanra a sannadh don obair a thabhairt chun cinn.

Spreagtar agus éascaítear le pearsanra freastal ar imeachtaí cuí forbartha gairmiúla leanúnaí chun cabhrú leo coinneáil suas le forbairtí nua ar chaighdeáin sábháilteachta dóiteáin agus le caighdeáin a fheidhmiú.

Tá an tsaincheist ó thaobh na cinnteoireachta gairmiúla faoi scrúdan i roinnt réimsí le blianta beaga anuas. Mar gheall ar a thábhachtaí is atá cinntí ó thaobh na sábháilteachta dóiteáin, agus an cineál scrúdain a d'fhéadfadh teacht chun cinn, is cuí cuimhneamh ar raon na roghanna forfheidhmiúcháin atá ar fáil, agus na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag na roghanna sin, agus bonn daingean a leagan síos ar mhaithe leis an gcinnteoireacht ghairmiúil ó thaobh na sábháilteachta dóiteáin. Tá Nóta maidir le Dea-Chleachtas á ullmhú faoin tsaincheist seo.

### Feidhmíocht a Thomhas

Sonraíodh roinnt targaidí nó tomhas buntábhachtach ar a fheabhas is a éireoidh le 'Pobail a Choinneáil Sábháilte' níos luaithe sa cháipéis seo agus leagtar tuilleadh díobh amach thíos. Mar gheall ar a leithne is atá raon na seirbhísí a sheachadann Údaráis Áitiúla, níl sé indéanta, praiticiúil ná riachtanach sonraí a bhailiú le haghaidh gach gné den seachadadh seirbhíse do gach Údarás Dóiteáin. Cur chuige níos oiriúnaí is ea roinnt táscairí feidhmíochta buntábhachtacha a roghnú agus treochtaí a rianú ar feadh tréimhse ama. Ní ionann figiúir agus staitisticí absalóideacha iontu féin agus tomhas ar a fheabhas is a éiríonn le tionscadal, ach bíonn na treochtaí le himeacht aimsire ina dtáscairí suntasacha.

Tuairisceoidh seirbhísí dóiteáin chuig an Stiúrthóireacht Náisúnta maidir lena mhéad is a bhíonn siad ag idirghníomhú leis na tioscnaimh atá leagtha amach sa cháipéis seo agus a mhéad is a bhíonn siad ag comhlíonadh na dtargaidí ann freisin. Déanfar achoimre air sin le tuairisc bhliantúil chomhbhailithe ar fheidhmíocht na seirbhísí dóiteáin a dhéanamh, rud a thiocfaidh in ionad fhormáid reatha na Bullaitíne Bliantúla den tuairisceoireacht staitistiúil.

Leagfaidh gach Údarás Dóiteáin a chur chuige amach maidir le gach gné a shonraítear sa cháipéis seo sa phlean athbhreithnithe Alt 26 (féach ar Chaibidil 10 maidir le Cur i nGníomh). Déanfar Pleananna Bliantúla Forbartha Seirbhíse a tháirgeadh agus déanfar monatóireacht orthu freisin.

Ní cuspóir ann féin é sonraí ar ghníomhaíochtaí seirbhíse dóiteáin a bhailiú agus a phróiseáil, ach bealach le hathbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar fheidhmíocht agus le seirbhísí a fheabhsú.

### Sonraí le Feidhmíocht a Thomhas

Bíonn sonraí tráthúla, cruinne, a bhailíochtaítear go neamhspleách, riachtanach chun bheith mar bhonn agus mar thaca le gníomhaíocht tuairisceoireachta agus le cáilíocht a dhearbhú. Bíonn sonraí ar fáil ó roinnt foinsí. Is iad na sonraí a dhéantar a thaifeadadh ar an bhFoirm

chun Eachtra a Thuairisciú an phríomhfhoinse le haghaidh na sonraí oibriúcháin go léir. Is ón bhfoinse seo a tharraingítear tuairiscí faisnéise áitiúla, tuairiscí faisnéise ó údaráis dóiteáin agus ón mbainistíocht ar leibhéal náisiúnta. Tá sé i gceist athbhreithniú a dhéanamh ar an bhFoirm Náisiúnta chun Eachtra a Thuairisciú chun bailiú na sonraí i ndáil le heachtraí a chaighdeánú. Idir an dá linn áfach, ba chóir do na hÚdaráis Dóiteáin a chinntiú gur leordhóthaineach agus cruinn na sonraí a bhailítear ar Fhoirmeacha chun Eachtra a Thuairisciú don anailís mhionsonraithe oibriúcháin. Bíonn códú tíreolaíochta i leith suíomhanna eachtraí iontach tábhachtach freisin chun freagairt a thomhas agus seirbhísí a phleanáil.

Bailíonn agus coinníonn an trí Ionad Cumarsáide Réigiúnacha de chuid na seirbhísí dóiteáin sonraí ábhartha, a sheoltar ar ais ar bhonn laethúil chuig Údaráis Dóiteáin. Tar éis an athbhreithnithe ar chóras an TMRC, tá sé i gceist ról na nIonad sin a fhorbairt mar ionaid sonraí mar a mbailítear agus a n-anailísítear sonraí agus mar a ngintear agus ndáiltear tuairiscí comhaontaithe thar ceann údarás dóiteáin.

Féadfar úsáid a bhaint as córais eile, lena n-áirítear eilimint na nAcmhainní Daonna a bhaineann leis an gCóras Lárnach um Bainistíocht Ama freisin chun sonraí a fháil i ndáil le taifid oiliúna agus tinrimh an phearsanra.

## Limistéir Bhuntábhachtacha maidir le Feidhmíocht a Bhainistiú

Sna caibidlí roimhe seo sa cháipéis seo, leagadh amach na cur chuigeanna foriomlána a bhfuil ar Údaráis Dóiteáin a chomhlíonadh. Athluaitear targaidí agus bearta sonracha ó thaobh na feidhmíochta sna míreanna ina dhiaidh seo in éineacht le targaidí eile a mheastar a bheith ina ngnáth-thargaidí a bhíonn i gceist le dea-chleachtais. Sna codanna ina dhiaidh seo, leagtar amach liosta cuspóirí agus targaidí ar chóir d'Údaráis Dóiteáin a bhfeidhmíocht aonair a thagarmharcáil dá réir, agus a dhéanfaidh an bonn don tuairiseoireacht ar an bhfeidhmíocht. Tugtar treoir ag deireadh na coda seo faoi thargaidí a leagan amach agus faoi thuarascáil bhliantúil a ullmhú faoin gcéanna do na targaidí seo.

Nótáiltear freisin go mb'fheidir nach mbeidh éagsúlachtaí agus patrúin shuntasacha ró-shoiléir i measc na staitisticí comhbhailithe den chineál a éilítear don tuairisceoireacht náisiúnta. Is ar an ábhar sin a roghnaíodh an stáisiún dóiteáin aonair mar bhunaonad na hanailíse sna tuairiscí faoin gcur chuigeanna riosca-bhunaithe dá dtagraíodh níos luaithe.

## Freagairt na Seirbhíse Dóiteáin

I réimse na freagartha, léirítear sna codanna seo an dearcadh córasach ar fhreagairt ó na seirbhísí dóiteáin, a pleádh i gCaibidil 7.

## Seirbhísí Dóiteáin a Sheoladh Amach

- • Bítear ag súil leis gur cheart gur lú ná 1.5 nóiméad i stáisiúin dóiteáin lánaimseartha a bheadh i gceist leis an meántréimhse ama a thógtar chun an chéad fhearas a sheoladh amach agus gur cheart gur lú ná 6 nóiméad a bheadh i gceist i stáisiúin ina mbíonn criú ar coinneáil. Ba chóir gur 1 nóiméad an targaid is cóir a bheith ann do bhriogáidí lánaimseartha agus 5 nóiméad do Bhriogáidí le Criú Ar

Coinneáil áfach. Aithnítear go seolann go leor briogáidí fearais amach níos sciobtha ná na meánfhigiúir seo. Ba chóir d'Údaráis Dóiteáin na sonraí seo a bhreithniú ina stáisiún agus ina stáisiún agus i gcás go mbíonn na tréimhsí ama le fearais a sheoladh amach níos mó ná an meánfhigiúr seo ar bhonn leanúnach, ba chóir dóibh anailís a dhéanamh ar na cúiseanna leis sin agus a dhéanamh amach cén tionscnaimh nó athruithe a d'fheabhsódh na tréimhsí ama sin. Glactar leis i gcás Briogáidí le criúnna ar coinneáil go bhféadfadh fachtóirí a bheith ann, nach mbeadh faoi riail an Údaráis Dóiteáin, agus a théann i bhfeidhm nó a chuireann moill ar na tréimhsí ama sin i roinnt cásanna.


### Leibhéil Chriú

- Meastar gur tomhas buntábhachtach ar sheachadadh éifeachtach sábháilte na freagartha ó sheirbhísí dóiteáin gnáthleibhéil chriú a bheith á mbaint amach go leanúnach. Ní mór do Bhriogáidí leibhéil tinrimh agus chriú a thomhas mar sin lena chinntiú go mbaintear na norm sin amach agus go n-aithnítear agus go leigheasaítear aon chásanna ina mbíonn leibhéil an chriú iontach difriúil ó na noirm úd.

### Tréimhsí Ama a Thógtar chun Taisteal chuig Eachtraí

- Faoi mar a tugadh le fios sa chabidil roimhe seo, feidhm is ea an tréimhse taistil a bhaineann le suíomh an eachtra i gcoibhneas leis an stáisiún dóiteáin. Ba chóir d'Údaráis Dóiteáin na tréimhsí ama taistil, a thógtar chun an chéad fhearas freagartha a sheoltar amach chuig eachtraí, a thomhas. Ba chóir é seo a bhaint ó shonraí an TMRC agus a thuairisciú ar bhonn stáisiúin aonair, ar leithligh d'eachtraí príomhúla agus tánaisteacha, agus ar bhonn comhbhailithe freisin le haghadh na n-eachtraí ar fad agus don tSeirbhís Dóiteáin foriomlán. Ba chóir léirmheas a dhéanamh ar na tréimhsí seo in aghaidh na dtréimhsí taistil a leagadh amach i gCaibidil 7 thuas, agus i gcás go sáraítear na tréimhsí sin go suntasach, ba chóir anailís a dhéanamh chun aon tionscnaimh a dhéanamh amach, lena n-áirítear sábháilteacht an phobail ó dhóiteán, ar féidir a chur i bhfeidhm chun sábháilteacht na bpobal sa limistéar a bhreisiú.

- Ba chóir do sheirbhísí dóiteáin leanúint ar aghaidh le bheith ag taifeadadh chéatadán na gcásanna, le haghaidh dóiteán agus éigeandálaí eile, ina stáisiún agus ina stáisiúin, agus don Údarás Dóiteáin foriomlán i gcás go bhfreastalaíonn na hÚdaráis Dóiteáin ar eachtraí faoi cheann 10 nóiméad, faoi cheann tréimhse idir 11 agus 20 nóiméad agus faoi cheann tréimhse is faide ná 20 nóiméad. Ba chóir d'Údaráis Dóiteáin féachaint le rátaí reatha a choinneáil ar bun go mbeifí ag cloí le rátaí laistigh de 10 nóiméad agus i gcás gur féidir, tionscnaimh áitiúla a thabhairt isteach chun an céatadán sin a mhéadú agus céatadán na dtréimhsí sa dá chatagóir eile a laghdú.




- Chomh maith le bheith ag leagan síos targaidí do na céimeanna éagsúla a mbíonn roinnt smachta ag seirbhísí orthu, is úsáideach na tréimhsí taistil agus idirghabhála a thaifeadadh chun éascú leis an mbainisteoireacht chomparáideach – .i. an bhfuil feabhas / meath ar an iomlán ag teacht ar na treochtaí fadtéarmacha nó laistigh de stáisiúin dóiteáin aonair? An bhfuil saincheisteanna / gnéithe ann ar féidir a shonrú le hanailís agus ar féidir oibriú orthu chun feabhas a dhéanamh mar chuid de chur chuige le seirbhísí a fheabhsú go leanúnach? Tá na figiúir seo taifeadta i dtáscairí seirbhísí na Gníomhaireachta Bainistíochta Rialtais Áitiúil freisin, agus tugann siad cur chuige, atá sásúil ar an iomlán, le fios.

- Ba chóir do sheirbhísí dóiteáin fairsinge an dóiteáin ag gach dóiteán struchtúrach a thaifeadadh nuair a thagann siad air i dtosach baire. Ba chóir go sonrófaí go soiléir ar an bhfoirm chun eachtraí a thuairisciú cé acu an raibh an dóiteán spréite amach as an seomra inar thosaigh sé, ar theacht ar an láthair do na seirbhísí, agus freisin ar leathnaigh an dóiteán níos faide amach trí struchtúr tar éis don tSeirbhís Dóiteáin teacht ar an láthair. Ba chóir graf a dhéanamh de threochtaí maidir leis an dá fhachtóir seo in imeacht tréimhse ama. Ba chóir anailís a dhéanamh ar aon mheath sna treochtaí seo agus cinneadh a dhéanamh maidir le haon tionscnaimh a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm chun an treocht a fheabhsú.

**Rátaí Eachtraí**

- Ba chóir go bhféachfadh Údaráis Dóiteáin chuige go mbeidh treocht leanúnach i gceist leis na dóiteáin in áitribh chónaithe lena bpléann siad, agus líon na ndóiteán sin a bheith ag dul síos, ó ráta náisiúnta an 100 dóiteán / gach 100,000 duine in aghaidh na bliana agus go bhféachfaidís chuige gur 80 dóiteán in áitribh chónaithe / gach 100,000 duine an ráta a bheidh i gceist. Maidir le hÚdaráis Dóiteáin mar a bhfuil ráta na ndóiteán in áitribh chonaithe níos airde ná sin, ba chóir dóibh anailís a dhéanamh ar na sonraí ar fad atá ar fáil agus déanamh amach an féidir aon tionscnaimh a chur i bhfeidhm chun an ráta a laghdú, go háirithe tiosncnaimh maidir le Sábháilteacht an Phobail ó Dhóiteáin.

- Ba chóir d'Údaráis Dóiteáin féachaint chuige go ndéanfar laghdú 10% ar líon na nDóiteán i Simléir ina nÚdarás Dóiteáin gach bliain i gcomhair na mblianta 2013, 2014 & 2015. Faoi dheireadh 2015, ba chóir gu lú ná 75 in aghaidh gach 100,000 duine ráta na nDóiteán i Simléir i ngach Údarás Dóiteáin. Maidir le hÚdaráis Dóiteáin mar a bhfuil ráta na nDóiteán i Simléir níos airde ná 110 in aghaidh gach 100,000 duine faoi láthair, ba chóir dóibh anailís a dhéanamh ar na sonraí ar fad atá ar fáil, más féidir, leis na cúiseanna a bhfuil an ráta reatha chomh hard a dhéanamh amach agus tionscnaimh a thabhairt isteach chun an ráta sin a laghdú.

- Ba chóir d'Údaráis Dóiteáin féachaint chuige go laghdófar ráta na ndóiteán foriomlán ina nÚdaráis Dóiteáin chuig 600 in aghaidh gach 100,000 duine in imeacht tréimhse 5 bliana. Maidir le hÚdaráis Dóiteáin mar a bhfuil ráta na ndóiteán foriomlán níos airde ná 800 in aghaidh gach 100,000 duine faoi láthair, ba chóir dóibh anailís a dhéanamh ar na sonraí ar fad atá ar fáil le déanamh amach, más féidir, na cúiseanna a bhfuil an ráta reatha chomh hard agus tionscnaimh a thabhairt isteach chun an ráta sin a laghdú.

- Ba chóir d'Údaráis Dóiteáin féachaint chuige le laghdú a dhéanamh de réir a chéile ar ráta foriomlán na n-eachtraí ina limistéar go 1,000 in aghaidh gach 100,000 duine in imeacht tréimhse 5 bliana. Maidir le hÚdarás Dóiteáin mar a bhfuil ráta foriomlán na ndóiteán níos airde ná 1,280 in aghaidh gach 100,000 duine faoi láthair, ba chóir dóibh anailís a dhéanamh ar na sonraí ar fad atá ar fáil le déanamh amach, más féidir, na cúiseanna a bhfuil an ráta reatha chomh hard agus tionscnaimh a thabhairt isteach chun an ráta sin a laghdú.

- Ciallaíonn líon na mbásanna de bharr dóiteáin nach mbeidh údaráis dóiteáin aonair in ann aon sonraí bliantúla a mbeidh brí leo ó thaobh staitistice a bheith acu agus ba chóir dóibh, mar sin, anailís a dhéanamh ar shonraí ó 5 bliana i ndáil le básanna de bharr dóiteáin. Ba chóir go bhféachfadh Údaráis Dóiteáin chuige go mbeadh líon is lú ná aon bhás amháin in aghaidh gach 100,000 duine ann in aghaidh na bliana ina n-Údarás Dóiteáin agus é sin meánaithe thar tréimhse 5 bliana. I gcás Údarás Dóiteáin mar a mbíonn Ráta na mBásanna de bharr Dóiteáin níos airde ná sin, ba chóir dóibh anailís a dhéanamh ar na sonraí ar fad atá ar fáil agus déanamh amach an féidir aon tionscnaimh a chur i bhfeidhm chun an ráta a laghdú, go háirithe tiosncnaimh maidir

le Sábháilteacht an Phobail ó Dhóiteáin. Le cois Básanna de bharr Dóiteáin a thaifeadadh, ba chóir d'Údaráis Dóiteáin líon na ndaoine a dhéantar a tharrtháil agus líon na ndaoine a tharrthálaíonn iad féin a thaifeadadh ar bhonn bliantúil freisin. Ba chóir na sonraí sin a thaifeadadh ar an bhFoirm chun Eachtra a Thuairisciú agus leis an Ionad Cumarsáide Réigiúnach freisin.

### Sábháilteacht an Phobail ó Dhóiteán

- Ba chóir go mbeadh beartas ag gach Údarás Dóiteáin maidir le Sábháilteacht an Phobail ó Dhóiteán agus na tionscnaimh a bhfuil faoi a chur i ngníomh. Leagtar tuilleadh sonraí amach faoi thionscnaimh atá le breithniú thíos:

  - An príomhthionscnamh agus an modh is costéifeachtaí le básanna de bharr dóiteáin a laghdú is ea aláraim dheataigh, a oibríonn, a bheith suiteáilte i ngach áitreabh cónaithe. Moltar go n-oibríonn na hÚdaráis Dóiteáin le Ranna Pobail a nÚdaráis Áitiúil lena chinntiú go mbeidh aláram deataigh amháin ar a laghad, a oibríonn, suiteáilte i ngach áitreabh cónaithe ina nÚdaráis Áitiúil. Go hidéalach, ba chóir go mbeadh dhá aláram dóiteáin suiteáilte i ngach áitreabh aonstóir agus ceithre chinn suiteáilte i ngach áitreabh dhá stóir. Ba chóir feachtais leanúnacha le teachtaireachtaí don phobal a choinneáil ar bun le daoine den phobal a spreagadh lena gcuid aláram dóiteáin a thástáil uair sa tseachtain lena chinntiú go bhfuil siad ag obair. Is é fairsinge láithreacht na n-aláram deataigh in áitribh chónaithe daoine an beart buntábhachtach maidir leis seo, chomh maith le líon na ndaoine a fhaigheann teachtaireachtaí buntábhachacha a bhaineann le haláraim dheataigh a oibríonn.

  - Ba chóir an Clár Bunscoile um Shabháilteacht an Phobail ó Dhóiteán a sheachadadh chuig gach tríú rang de réir oiliúint agus ábhar priontáilte a sholáthrófar mar chuid den Chlár um Athrú na Seirbhísí Dóiteáin. Moltar go seachadófar an Clár seo chuig gach leanbh in aois a 9 mbliana. Ba chóir na socruithe, chun an Clár seo a sheachadadh, a chomhaontú ar leibhéal scoile agus beidh siad éagsúil ó scoil go scoil ag brath ar líon na ranganna laistigh de sheomra scoile nó ar líon na dtríú ranganna laistigh de scoil srl. Is é céatadán na dtríú ranganna a seachadtar an Clár sin dóibh ar bhonn bliantúil an beart buntábhachtach.

  - Ba chóir Feachtais chuí um Shábháilteacht ó Dhóiteán a sheachadadh i nGaeilge i limistéir Ghaeltachta na tíre, trí fheachtais ar stáisiúin raidió áitiúla i nGaeilge agus trí phóstaeir agus bhileoga cuí um Shábháiltacht ó Dhóiteán a aistriú de réir mar a mheastar a bheith cuí.

  - Ba chóir d'Údaráis Áitiúla fócas ar leith a dhíriú ar phobail oileánda. Ba chóir Tionscnaimh Shábháilteachta Pobail ó Dhóiteán, lena n-áirítear soláthar aláram dheataigh, pluideanna dóiteáin agus múchtóirí tine, mar aon le hoilúint, a chur i ngníomh do gach áitreabh ar oileáin.

- Freagairt d'iarrataí ó ghrúpaí pobail ar ábhar maidir leis an tsábháilteacht ó dhóiteán a chur i láthair.

- Ábhair fheasachta agus bholscaireachta um shábháilteacht ó dhóiteán a dháileadh nó a chur ar fáil ag imeachtaí oiriúnacha sa limistéar feidhme.

## Gníomhaíocht Reachtúil um Shábháilteacht ó Dhóiteán

- Ba chóir d'Údarás Dóiteáin féachaint chuige le próiseáil a dhéanamh ar 100% de Dheimhnithe Shábháilteachta ó Dhóiteán a fhaightear faoi cheann na tréimhse ama leithroinnte, lena n-áirítear tréimhsí lena dtugtar síneadh ama,

- Athbhreithniú a dhéanamh ar gach iarratas ar cheadúnú, áitribh a iniúchadh i gcás gur gá, agus tuairiscí a sholáthar don éisteacht chuí chúirte,

- Áitribh dá dtugtar tús áite agus ina soláthraítear cúram cónaithe sa limistéar feidhme a iniúchadh ar bhonn pleanáilte timthriallach,

- Áitribh thionóil phoiblí dá dtugtar tús áite a iniúchadh le linn tréimhsí agus úsáid á mbaint astu,

- Gach gearán dá bhfaightear maidir leis an tsábháilteacht ó dhóiteán a phróiseáil,

- Seirbhís a sholáthar chun freagairt do gach fiosrúchán dá bhfaightear maidir leis an tsábháilteacht ó dhóiteán,

- Faisnéis fhíriciúil maidir leis an tsábháilteacht ó dhóiteán a chur ar fáil go n-iniúchaidh an pobal í

## Éigeandálaí Móra a Bhainistiú

- Ba chóir do gach seirbhís dóiteáin a ról laistigh den Údarás Dóiteáin a shainmhíniú go soiléir i ndáil leis an méid seo a leanas:

  - É féin a ullmhú le haghaidh oibríochtaí ar scála mór agus oibríochtaí idir gníomhaireachtaí lena n-áirítear Éigeandálaí Móra

  - Páirt a ghlacadh sa Choiste Forbartha um Éigeandálaí Móra a Bhainistiú / an Coiste a Stiúradh / Tacú leis

  - Leanúint ar aghaidh le bheith ag tacú le / ag rannchuidiú leis na Grúpaí BÉM Réigiúnacha agus Náisiúnta Idir-Ghníomhaireachta

  - Rannán Chosaint Shibhialta an Údaráis Áitiúil a lánpháirtiú laistigh den Údarás Áitiúil, go háirithe comhoiliúint agus comhthrealamh coiteann a fháil chun déileail le heachtraí ar scála mór nó le cuid mhór eachtraí a tharlaíonn ag an am céanna

– Áiseanna comhordúcháin agus tacaíocht a sholáthar 'ar an láthair' agus 'go háitiúil' agus tacaíocht de réir mar is cuí

**Bearta agus Táscairí Airgeadais agus Éifeachtúlachta**

Cé go bhfuil roinnt táscairí ann faoi láthair maidir leis na hacmhainní airgeadais agus eile a úsáidtear i gcomhair seirbhísí dóiteáin, tá sé i gceist athbhreithniú a dhéanamh orthu seo d'fhonn tuairisceoireacht chomparáideach níos fearr trasna seirbhísí dóiteáin a chumasú. Táthar ag súil leis go bhfaighfear táscairí agus comparáidí a mbeidh níos mó brí leo ná mar is féidir linn a fháil faoi láthair, de bharr seirbhísí dóiteáin a bheith ag gluaiseacht chuig socrú soláthair sheirbhíse níos cothroime bunaithe ar bhandaí daonra idir 120 – 200, 000 duine, chomh maith le níos mó comhsheasmhachais agus soiléire sna róil a bhfuiltear ag tabhairt fúthu.

# Caibidil 10 – An t-Athrú a Sheachadadh – an Próiseas lena Chur i nGníomh

## Réamhrá

Sa Chaibidil seo, tugtar léargas tosaigh ar shaincheisteanna a bhaineann le cur i ngníomh na gcur chuigeanna i leith 'pobail a choinneáil sábháilte' faoi mar atá leagtha amach sa cháipéis seo. Pléitear le dhá ghné. Is é an chéad ghné ná conas a bhainfidh gach seirbhís dóiteáin cur chuige aonfhoirmeach comhsheasmhach amach i leith na moltaí sa Cháipéis seo a chur i ngníomh. Is é an dara gné ná conas a thacóidh an leibhéal náisiúnta le forbairt seirbhísí dóiteáin ardchaighdeáin, comhsheasmhacha in Éirinn a mbainfidh luach ar airgead leo.

Ní mór gur gnóthachtáil an aschuir is fearr is féidir, ó na hacmhainní atá ar fáil, fócas buntábhachtach don chlár seo um athchóiriú mar sin. Is é an dúshlán ná na hacmhainní atá ar fáil a bhainistiú sa chaoi go mbainfear amach an toradh is fearr don phobal ó thaobh a sábháilteachta, agus caillteanais agus cur isteach ar an tsochaí a laghdú oiread agus is féidir. Ní mór cuimhneamh mar sin ar thosaíochtaí na seirbhíse agus ar an úsáid a bhaintear as acmhainní i ngach limistéar mar sin. Beidh sé dúshlánach infheistíocht bhreise a dhéanamh i seirbhísí doiteáin thar mar a bhfuil socruithe cheana féin agus, mar gheall ar a laige is atá cúrsaí airgeadais phoiblí agus rialtais áitiúil, ní mór acmhainní chun tacú le tionscnaimh an athchóirithe seo, ó thaobh foirne agus airgeadais, a aimsiú trí choigilteas a bhaintear amach trí bhearta um éifeachtúlacht agus trí chaiteachas a athchothromú, a atreorú chun tacú le tosaíochtaí ar leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta.

Samhlaítear go mbainisteofar an clár um athchóiriú trí úsáid a bhaint as modheolaíocht chaighdeánach le tionscadail a bhainistiú.

## Forálacha na Cáipéise seo á gCur i nGníomh ag Údaráis Dóiteáin

Beidh diongbháilteacht agus a ndícheall ag teastáil ó Fhoirne Bainistíochta na seirbhíse dóiteáin agus na nÚdarás Áitiúil mar aon le hIonadaithe Tofa go n-éireoidh le príomhfhorálacha na cáipéise seo a chur i ngníomh i ngach Údarás Áitiúil faoi dheireadh 2015.

Beidh impleachtaí éagsúla trasna seirbhísí dóiteáin ag baint leis na Moltaí sa cháipéis seo. Moltar áfach go nglacfaidh gach seirbhís dóiteáin cur chuige cosúil leis i leith an phróisis seo leis na moltaí a chur i ngníomh. Leagtar an méid seo a leanas amach mar tháscaire tosaigh faoi thascanna ardleibhéil ar chóir cuimhneamh orthu mar chuid den phróiseas leis na moltaí úd a chur i ngníomh:

- Ba chóir do gach seirbhís dóiteáin athbhreithniú a dhéanamh ar ábhar na cáipéise seo i gcomhar leis na tuairiscí ón gCur Chuige Riosca-Bhunaithe chuig Clúdach Éigeandála, a scaipeadh ar gach Údarás Dóiteáin i mí Iúil 2012.

- Ba chóir liosta a chur le chéile faoi limistéir mar a bhfuil éagsúlachtaí ann idir an cleachtas reatha agus na moltaí sa cháipéis seo, agus réimsí atá ina n-údar imní agus atá tugtha chun suntais le sonraí a thagann de bharr an Chur Chuige Riosca-Bhunaithe.

- Ba chóir ábhar a chur i láthair lucht bainistíochta údaráis áitiúil, agus tuairisc ghearr faisnéise chun tacú leis, lena dtabharfar léargas ginearálta ar an gcáipéis seo agus ar na saincheisteanna / impleachtaí / nithe atá ina n-údar imní don údarás áitiúil agus a thagann chun cinn as an gcáipéis.

- Ba chóir d'fhoireann bainistíochta na seirbhíse aitiúla Pleananna bliantúla Forbartha Seirbhíse a chomhaontú chun na himpleachtaí / nithe atá ina n-údar imní agus tugadh chun suntais, a chur in ord tosaíochta agus aghaidh a thabhairt orthu, agus é á choinneáil in aigne gur gá beartais a chur i ngníomh ar bhealach comhsheasmhach aonfhoirmeach trasna gach seirbhíse dóiteáin.

- Ba chóir go léireofaí an Plean Forbartha / Gníomhaíochta Seirbhíse seo i bhfoirm dhréacht-Phlean nua faoi Alt 26, a ullmhóidh lucht bainistíochta na seirbhíse dóiteáin. Tá Teimpléad caighdeánach faoi Alt 26 á ghiniúint mar chuid de na cáipéisí tacaíochta don tionscadal seo. Faoi mar a leagadh amach níos luaithe sa cháipéis seo, ba chóir don Ghrúpa um Bailíochtú Seachtrach athbhreithniú a dhéanamh ar an gcur chuige leis na moltaí a chur i ngníomh - is é sin, an cur chuige thuas a ghlacann Seirbhís Dóiteáin aonair (Dréacht-Phlean faoi Alt 26). B'fhéidir gur gá athbhreithniú a dhéanamh ar an Dréacht-Phlean faoi Alt 26 tar éis an Phróisis seo um Bailíochtú Seachtrach.

- Tar éis an phróisis um bailíochtú seachtrach, ba chóir an Dréacht-Phlean faoi Alt 26 a chur i láthair go mbreithneoidh an Coiste ábhartha um Beartais Straitéiseacha é. Leagfar cúlra agus ábhar na cáipéise seo amach sa Dréacht-Phlean sin chomh maith leis na hathruithe gaolmhara atá beartaithe a dhéanamh ar bheartais na n-údarás dóiteáin dá bharr. Ba chóir go léireofaí ionchur ón gCoiste sin i nDréacht-Phlean athbhreithnithe faoi Alt 26. Samhlaítear gur cheart go mbeadh Plean faoi Alt 26 ullamh ag gach Údarás Dóiteáin le cur i láthair na Comhairle Cathrach agus Contae roimh dheireadh 2013.

- Ba chóir an Dréacht-Phlean uasdátaithe faoi Alt 26 a chur i láthair chruinniú iomlán de chuid na Comhairle Contae/Cathrach ansin.

- Ba chóir cóip de gach plean faoi Alt 26 a ghlacfar a sheoladh chuig an Aire de réir mar a éilítear leis an Acht Seirbhísí Dóiteáin. Mar aon leis an bPlean faoi Alt 26 a bheith á ghlacadh, ginfidh gach Údarás Dóiteáin / Údarás Áitiúil Plean lena Chur i nGníomh lena leagfar amach athruithe sonracha srl. a gcaithfear idirbheartaíocht a dhéanamh ina leith / nach mór a chur i ngníomh. Ba chóir go mbeadh scálaí ama do thionscadail san áireamh sa phlean seo le haghaidh na dtascanna éagsúla agus ba chóir go mbeadh sé d'aidhm leis an bplean go mbeidh moltaí na cáipéise seo curtha

i ngníomh go hiomlán faoi dheireadh 2015. Táthar ag súil leis gur cheart go dtarlóidh céimeanna éagsúla an phróisis lena chur i ngníomh ar leibhéil éagsúla mar seo a leanas:

- B'fhéidir go mbainfidh roinnt athruithe le socruithe sonracha d'oibriúcháin áitiúla agus gur féidir iad a chur i ngníomh láithreach ar bhonn gnáthchomhairliúcháin áitiúil.

- D'fhéadfadh roinnt athruithe dul i bhfeidhm ar Théarmaí agus Coinníollacha Fostaíochta sonracha áitiúla maidir le baill foirne agus go gcaithfear idirbheartaíocht a dhéanamh ina leith go háitiúil agus iad a réiteach le hionadaithe foirne. Ba chóir go dtreoródh forálacha na mbeartas náisiúnta nó na treorach náisiúnta faoin ábhar gach idirbheartaíocht áitiúil dá leithéid dá ndéantar agus ba chóir go mbeadh an idirbheartaíocht ag teacht leis na forálacha agus treoracha sin freisin.

- D'fhéadfadh roinnt athruithe dul i bhfeidhm ar Théarmaí agus Coinníollachta Náisiúnta Fostaíochta foirne. Moltar go gcuirfear liosta de shaincheisteanna dá leithéid le chéile agus go seolfar iad ar aghaidh chuig an nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil le hidirbheartaíocht a dhéanamh i leith na saincheisteanna seo go lárnach agus iad a réiteach.

## Tacaíocht agus Maoirseacht ar Leibhéal Náisiúnta

Is é an Stiúrthóireacht Náisiúnta um Dóiteáin agus Bainistíochta Dóiteáin an comhlacht ar leibhéal náisiúnta a bhfuil sé curtha de dhualgas air tacú le seirbhísí dóiteáin in Éirinn agus maoirseacht a dhéanamh orthu. Aonad beag is ea an Stiúrthóireacht laistigh den Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. D'éirigh leis úsáid a bhaint as cur chuige comhoibritheach le húdarais áitiúla chun dul chun cinn suntasach a dhéanamh sna réimsí dár tugadh tús áite le roinnt blianta anuas. Áirítear leis sin réimse Bhainistíocht na nÉigeandálaí Móra, réimse dár tugadh roinnt oifigeach ó údaráis áitiúla ar iasacht don Roinn chun tacú leis an gClár Forbartha um Éigeandálaí Móra 2006 – 2008 agus é a bhrú ar aghaidh. Meastar gur éirigh go han-mhaith leis an gclár sin. Baineadh úsáid as clár cosúil leis in 2010 – 2012 chun sraith fhorleathan de Threoir Chaighdeánach Oibriúcháin a fhorbairt, a bhí le bheith mar bhonn is mar thaca le hoibríochtaí seirbhíse dóiteáin.

Tá aitheantas comhchoiteann tugtha don chur chuige rannpháirtíoch, ó thaobh a bheith ag obair le húdaráis áitiúla le beartais a cheapadh agus a bheith ag tacú le bearta le hiad a chur i ngníomh, mar chur chuige cuí agus ceann atá suntasach ó thaobh a fheabhas is a d'éirigh leis chuige seo. Agus muid ag aithint go bhfuil gá le tacaíocht shuntasach d'údaráis áitiúla, moltar úsáid a bhaint as taithí na gclár roimhe seo chun tacú le 'Pobail a Choinneáil Sábháilte' a chur i ngníomh. Áirítear na réimsí seo a leanas mar réimsí mar a samhlaítear tionscadail tacaíochta shuntasacha:

- Oiliúint
- Sláinte agus Sábháilteacht a Chur i nGníomh
- Treoir Oibriúcháin

- Sábháilteacht Theicniúil ó Dhóiteáin
- Sábháilteacht an Phobail ó Dhóiteán
- Éigeandálaí Móra a Bhainistiú (forbairt bhreise)
- Acmhainní Daonna a Bhainistiú
- TMRC/ Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide
- Caidreamh Oibreachais

Tabharfar roinnt ball foirne ó sheirbhísí dóiteáin (nó daoine eile a bhfuil sainchúlraí cuí acu m.sh. Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide, Acmhainní Daonna, Caidreamh Oibreachais) ar iasacht chun oibriú ar thionscadail ar leibhéal náisiúnta i gcaitheamh na dtrí bliana 2013 – 2015 chun an obair riachtanach a sheachadadh. Baineann aistriú sealadach acmhainní leis seo a d'fhéadfadh a bheith suntasach, ach mar gheall ar a fheabhas is a d'éirigh le tionscadail cosúil leis go dtí seo, breathnaítear air mar úsáid réalaíoch, éifeachtúil as acmhainní, ar féidir a fhíorú.

B'fhéidir go soláthrófar deis le baill fhoirne a athshannadh go sealadach de bharr socruithe oibre, a mbíonn 'seirbhísí roinnte' i gceist leo, a chur i ngníomh. Áirítear na róil seo a leanas ina measc siúd a bheidh le feidhmiú ar leibhéal náisiúnta: tionscnaimh agus cur chuigeanna nua, a dtugtar cur síos orthu sa cháipéis seo, a fhorbairt, comhairliúchán a dhéanamh ina leith, iad a dhréachtú agus a thabhairt isteach.

I measc na hoibre atá le déanamh, samhlaítear go sannfar an obair i leith Nótaí maidir le Dea-Chleachtas a dhréachtadh chuig údaráis áitiúla ar leith, agus go ndéanfaidh foirne tionscadal cáipéisí náisiúnta díobh.

## Maoirseacht

Chun a ról maoirseachta a chomhlíonadh, forbróidh an Stiúrthóireacht Náisiúnta ionstraimí saindeartha le haghaidh suirbhéanna maidir le dul chun cinn, go n-úsáidfidh Seirbhísí Dóiteáin iad ag céimeanna éagsúla i rith an phróiseas lena bhfuil le déanamh a chur i ngníomh, agus iarrfaidh tuairiscí maidir le dul chun cinn an phróisis lena chur i ngníomh ag céimeanna éagsúla. Déanfar nasc, faoi seach, leis seo agus an Próiseas chun Cáilíocht a Dhearbhú, faoi mar a leagadh amach i gCaibidil 9, lena chinntiú go mbeifear ag comhlíonadh an chuspóra "pobail a choinneáil sábháilte" ó dhóiteán go seasta agus go bhforbrófar seirbhísí comhsheasmhacha, ardchaighdeáin in Éirinn a mbainfidh luach ar airgead leo.

# An Stiúrthóireacht Náisiúnta um Dóiteáin agus Bainistíocht Éigeandála

# POBAIL A CHOINNEÁIL SÁBHÁILTE – AGUISÍNÍ

# CLár na nÁbhar


| | | |
|---|---|---|
| **AGUISÍN A:** | **CATAGÓIRÍ EACHTRAÍ AGUS FREASTAIL RÉAMHCHINNTE GHAOLMHARA** | **91** |
| 1.0 | Réamhrá | 91 |
| | 1.1 Léargas Ginearálta | 91 |
| | 1.2 Téarmeolaíocht | 91 |
| 2.0 | Catagóirí Eachtraí agus Freastail Réamhchinnte Ghaolmhara | 94 |
| 3.0 | Criúnna a Chur le Fearais | 99 |
| **AGUISÍN B:** | **CAIGHDEÁIN AGUS SONRAÍOCHTAÍ NÁISIÚNTA** | **100** |
| 1. | Réamhrá | 100 |
| 2. | Caighdeáin ó thaobh na Sábháilteachta ó Dhóiteán agus Treoircháipéisí | 100 |
| 3. | Fearais Dhóiteáin agus Sonraíochtaí maidir le Trealamh | 100 |
| 4. | Éadach Cosanta Pearsanta agus Sonraíochtaí maidir le Trealamh | 101 |
| 5. | Treoir Oibriúcháin | 102 |
| **AGUISÍN C:** | **TREOIR MAIDIR LE RIOSCAÍ LIMISTÉIR A CHATAGÓIRIÚ** | **104** |
| **AGUISÍND:** | **CÁIPÉISÍ CÚLRA/TAGARTHA**<br>**Pobail a Choinneáil Sábhailte – Cáipéisí Cúlra/Tagartha** | **110** |
| **AGUISÍN E:** | **SAINMHÍNITHE, TÉARMEOLAÍOCHT AGUS GIORRÚCHÁIN** | **113** |

# AguisínA

## Catagóirí Eachtraí agus Freastail Réamhchinnte  Ghaolmhara

### 1.0 Réamhrá

### 1.1 Léargas Ginearálta

Leis an gcáipéis seo, leagtar amach sraith Catagóirí caighdeánacha de Chineálacha Eachtraí agus na Freastail Réamhchinnte (FRCanna) ghaolmhara a bhaineann leis na Catagóirí Eachtraí seo.

Is iad na hIonaid Chumarsáide Réigiúnacha a sheolann seirbhisí dóiteáin amach chuig eachtraí. Tá liostaí de chineálacha éagsúla eachtraí ag na hionaid seo, ach níl aon aonfhoirmeacht ann faoi láthair áfach sna cineálacha éagsúla eachtraí trasna na nIonad. Leagtar treoir amach i gCuid 2 den cháipéis seo maidir leis na catagóirí éagsúla eachtraí a rangófar agus an FRC a bhaineann leis an gcineál eachtra sin. Tá sé i gceist go mbainfidh rangú seo na gcineálacha eachtraí le gach Ionad Cumarsáide Réigiúnach go haonfhoirmeach.

Soláthraítear treoir i ndáil le gnáthshocruithe maidir le criú i gCuid 3.

Ba chóir a thabhairt do d'aire gur chóir glacadh leis an treoir sa cháipéis seo maidir le Freastail Réamhchinnte mar an gnáth-FRC agus go bhféadfaidh Ceannasaí na dTeagmhas cur leo ag brath ar an bhfaisnéis a bhíonn ar fáil dóibh.

### 1.2 Téarmeolaíocht

Mínítear an téarmeolaíocht agus cuid de na giorrúcháin a úsáidtear sa cháipéis sa chuid seo a leanas.

**A1 –** Úsáidtear an giorrúchán seo sa cháipéis seo chun fearas dóiteáin Alpha 1 a thabhairt le fios.  Is éard atá i bhfearas Alpha 1 Fearas Dóiteáin caighdeánach d'Aicme B a bhíonn suite i ngach Stáisiún Dóiteáin agus is é an chéad fhearas a sheoltar amach chuig gach eachtra é. Iompraíonn sé 1,800 lítear uisce de ghnáth, tá príomhchaidéal tógtha mar chuid de agus iompraíonn sé fardal caighdeánach trealaimh (a dtugtar mionsonraí faoi i gcáipéis ar leithligh) lena n-áirítear roinnt Osán, Dréimirí, Trealamh is Goireas Anála, Trealamh Hiodrálach le hÁbhair a Ghearradh, Trealamh do Dhóiteáin i Simléir, Trealamh Chéadchabhrach agus roinnt goireas ilghnéitheach níos lú.

**A-** Úsáidtear an giorrúchán seo sa cháipéis seo chun fearas Alpha 1 nó Alpha 2 d'Aicme B a thabhairt le fios. Bíonn an cumas céanna ag fearas Alpha 2 is a bhíonn ag fearas Alpha 1 ach go mb'fhéidir nach mbeadh an leibhéal céanna trealaimh aige is a bheadh ag fearas Alpha 1, go háirithe maidir le trealamh le haghaidh tionóiscí tráchta ar bhóithre.

**B1 –** Úsáidtear an giorrúchán seo chun fearas Bravo 1 (Tairiscint Éigeandála) a thabhairt le fios. Neamhchosúil leis an A1, ní iompraíonn siad aon uisce ar bord agus níl aon chumas pumpála acu. Bíonn trealamh hiodrálach agus tarrthála breise eile atá níos cumhachtaí acu, agus i gcoitinne, bíonn trealamh acu chun freagairt d'Eachtraí a bhaineann le hÁbhair Ghuaiseacha freisin.

**E1 –** Úsáidtear an giorrúchán seo chun fearas Echo 1(fearas aeir) a thabhairt le fios. Bíonn na fearais seo suite go straitéiseach timpeall na tíre agus tá cumas aeir acu .i. is féidir iad a úsáid mar rogha malairte in áit gnáthdhréimiri chun daoine gortaithe a tharrtháil ó áit ard nó chun uisce a thumadh ar dhóiteán ó áit ard. Bíonn a gcuid caidéal féin ag roinnt d'fhearais Echo, atá tógtha mar chuid díobh, agus bíonn soláthar uisce ar bord ag líon beag díobh, ach ní mór d'fhearas Alpha uisce a phumpáil isteach i bhformhór na bhfearas aeir. Bíonn an raon oibre agus an meáchán is féidir leo a ardú éagsúil ó aon fhearas aeir go chéile, áfach, ach is féidir leo oibriú idir 20m agus 30m.

**Catagóirí de Chineálacha Eachtraí –** Tá cuntas gairid ar chineál eachtra leis seo, m.sh. Aláram Dóiteáin Uathoibríoch. Tá gach cineál eachtra a bhféadfaí Seirbhísí Dóiteáin a sheoladh amach chuige curtha i gcatagóir agus leagtha amach i gCuid 2 den cháipéis seo.

**Socruithe maidir le Criú –** Tá cur síos anseo ar líon agus ar chineál an phearsanra laistigh de Stáisiún Dóiteáin áirithe agus ar na socruithe atá i bhfeidhm (m.sh. uainchlár) lena chinntiú go mbíonn gnáthchriú ar fáil le seoladh amach de réir na gcaighdeán atá leagtha amach in "Pobail a Choinneáil Sábháilte".

**Láthair Ardghuaise –** Láithreán, foirgneamh nó áis a meastar guais réasúnta ard a bheith ag baint leis, agus mar a bhféadfadh guais shuntasach a bheith i gceist do bheatha daoine nó do mhaoin i gcás go dtarlódh eachtra mór ansin. Déantar grinnrialáil ar láithreáin shonracha ardghuaise (amhail láithreáin SEVESO) agus is dócha go ndearnadh obair shuntasach ina leith le rioscaí a mhaolú ansin (lena n-áirítear cleachtaí a bhaineann leis na príomh-ghníomhaireachtraí freagartha). D'fhéadfadh sé tarlú nach mbeidh foirgnimh nó láithreáin, ar údar spéise ar leith iad mar gheall ar ghuaiseacha áirithe, ina n-áiteanna a mbaineann ardriosca leo mar sin, ach b'fhéidir gurbh fhiú freastal réamhchinnte a bheith acu a bhaineann leis an láithreán go sonrach.

**Eachtra –** cás ina gcuirtear glaoch ar na Seirbhísí Dóiteáin, chuig an tIonad Cumarsáide Réigiúnach de ghnáth trí chóras 999/112 le fios a chur ar chúnamh. Ba chóir a thabhairt do d'aire nach gá go seolfaí acmhainn de chuid na Seirbhíse Dóiteáin amach chuig eachtra de bharr glao ar chúnamh.

**Freastail Réamhchinnte –** bíonn ciall ilghnéitheach leo seo, ach is gnách go dtuigtear gur treoracha atá i gceist leo a thugann Príomhoifigeach Dóiteáin don Ionad Cumarsáide Réigiúnach go bhfreagróidh seirbhís dóiteáin tosaigh do ghlao ar chúnamh.

- Áirítear leo seo: Freastáil Réamhchinnte a bhaineann le heachtraí go sonrach (m.sh. do Dhóiteáin in Áitribh Chónaithe, tionóiscí tráchta ar bhóithre srl.) lena socrófar líon agus cineálacha na bhfearas a bheidh le seoladh amach chuig an gcatagóir eachtra sin – is é seo an bhrí dá dtagraítear in Alt 2 den cháipéis seo.

- Freastail Réamhchinnte d'Áitribh lena mbaineann Rioscaí Sonracha (amhail foirgnimh Institiúideacha, Aerfóirt, Seveso / foirgnimh thionsclaíocha srl.) lena liostaítear líon agus sraitheog na bhfearas atá le seoladh amach chuig an bhfoirgneamh sonrach i dtosach báire.

Féadfaidh Ceannasaí na dTeagmhas gach Freastal Réamhchinnte a éagsúlú i bhfianaise faisnéise a bhíonn ar fáil / cúinsí.

**ODSD –** Oifigeach Dóiteáin Sinsearach Ar Dualgas ón tseirbhís dóiteáin atá san Oifigeach Dóiteáin Sinsearach seo a bhíonn ar fáil trí shocrú ina mbíonn sé nó sí ar fáil ar glao-dhualgas. Bíonn Oifigeach Dóiteáin Sinsearach amháin ar ghlao-dhualgas i ngach Seirbhís Dóiteáin ag aon am ar leith.

**VMS –** *Variable Message Sign* nó Comhartha Teachtaireachta Inathraithe – is comharthaí digiteacha LED iad ar féidir teachtaireachtaí a chlárú le bheith á dtaispeáint orthu, m.sh. TIMPISTE AMACH ROMHAT. Baintear úsáid astu i gcomhair eachtraí ar bhóithre de ghnáth chun rabhadh a thabhairt do lucht tiomáinte mótarfheithiclí faoi ghuaiseacha atá amach rompu. Bíonn na comharthaí seo suite ar dhíon feithiclí 4 Wheel Drive (déantar na comharthaí a fhilleadh anuas nuair nach mbítear á n-úsáid) nó bíonn siad suite ar chúl fearas níos mó amhail Tancaeir Uisce nó fearais Bravo.

## 2.0 Catagóirí Eachtraí & Freastail Réamhchinnte Ghaolmhara

Sa chuid seo, leagtar amach Catagóirí na gCineálacha Eachtraí agus na bhFreastal Réamhchinnte molta náisiúnta a bhaineann le cineálacha na n-eachtraí sin. Féach ar Chuid 1 le haghaidh míniúcháin ar na giorrúcháin sa Chuid seo.

| Cineál Eachtra | Freastal Réamhchinntithe | Catagóir |
|---|---|---|
| **Aerárthach (4 dhuine nó níos lú)**<br>• Ar Aire i gCás Éigeandála<br>• Eachtra | <br>1 A1<br>1 A1 + 1 A- or 1 A1 + 1 B1 | <br>Príomhúil<br>Príomhúil |
| **Aerárthach (5 dhuine nó níos mó)**<br>• Ar Aire i gCás Éigeandála<br>• Eachtra | <br>1 A1 + 1 A- or 1 A1 + 1 B1<br>2 A1 + 1 A- + 1 B1 + 1 E1 | <br>Príomhúil<br>Príomhúil |
| **Ainmhí a Tharrtháil** | Comhairliú don ISPCA, Gardaí | N/B |
| **Aláram Buirgléireachta** | Gardaí a Chur ar an Eolas | N/B |
| **Aláram Dóiteáin Uathoibríoch** | 1 A1 | Treasach |
| **Ardaitheoir – Duine/Daoine Sáinnithe** | Beartas an ÚÁ / Cás a thabhairt le fios don ODSD mura bhfuil aon bheartas ag an ÚÁ | Tánaisteach (má fhreastalaíonn Seirbhísí Dóiteáin air) |
| **Cabhrú le hOtharcharr** | 0 | N/B |
| **Corp a Aisghabháil ó áit seachas ón Uisce** | Cás a thabhairt le fios don ODSD | Ag Brath ar an Eachtra |
| **Corp a Aisghabháil ón Uisce (m.sh. Abhainn / Loch)** | Gardaí & Garda Cósta a Chur ar an Eolas | N/B |
| **Corraíl Shibhialta** | Gardaí a Chur ar an Eolas | N/B |
| **Daoine a Tharrtháil ó Phluais** | Gardaí a Chur ar an Eolas | N/B |
| **Daoine a Tharrtháil ó Spás Cúng** | Beartas an ÚÁ (le déanamh amach mar chuid de Mheasúnacht ar Riachtanais le hÚdaráis Dóiteáin sa chomharsanacht) / Cás a thabhairt le fios don ODSD | Príomhúil (má fhreastalaíonn Seirbhísí Dóiteáin air) |
| **Dóiteán – Bád**<br>• Gan a bheith Feistithe<br>• Feistithe | <br>Garda Cósta a Chur ar an Eolas<br>1 A- | <br>N/B<br>Príomhúil |
| **Dóiteán – Carabhán** | 1 A- | Príomhúil |
| **Dóiteán – Feithicil**<br>• Gluaisrothar<br>• Carr | <br>1 A-<br>1 A- | <br>Treasach<br>Treasach |
| **Dóiteán – Feithicil**<br>• Trucail / Leoraí<br>• Bus / Cóiste<br>• Feithicil a Iompraíonn Earraí Contúirteacha | 1 A1 + 1A-<br>1 A1 + 1A-<br>1 A1 + 1 A- or 1 A1 + 1 B | <br><br>Tánaisteach<br>Tánaisteach<br>Príomhúil |

| Cineál Eachtra | Freastal Réamhchinntithe | Catagóir |
|---|---|---|
| **Dóiteán – Lasmuigh**<br>Tine Chnámh<br>Claí<br>Fál<br>Féar<br>Crann<br>Bruscar / Dramhaíl<br>Scipe Bruscair<br>Faoin Tuath<br>Clais Bruscair | 1 A– | Tánaisteach |
| **Dóiteán – Long**<br>• Gan í a bheith feistithe ag calafort srl.<br>• Agus í feistithe ag calafort srl | Comhairliú don Gharda Cósta<br>1 A1 + 1A– | N/B<br>Príomhúil |
| **Dóiteán – Ola/ Peitril**<br>• Lasmuigh<br>• Stáisiún Seirbhíse | 1A–<br>1A1 + 1A– | Tánaisteach<br>Príomhúil |
| **Dóiteán – Portach / Aiteann / Foraoiseacht** | 1 A– | Tánaisteach |
| **Dóiteán – Scioból Féir & Feirm** | 1 A– | Tánaisteach |
| **Dóiteán – Simléir** | 1 A– | Treasach |
| **Dóiteán – Teach / Árasán** (lena n-áirítear deatach ó fhoirgneamh agus tuairiscí faoi bhallaí teo)<br>• Gan Duine ar bith Tuairiscithe<br>• Daoine Tuairiscithe | 1 A1 + 1 A–<br>1 A1 + 1 A– | Príomhúil<br>Príomhúil |
| **Dóiteán – Tionsclaíoch / Institiúideach / Cuan / Tollán & Struchtúr Faoi Thalamh / Stóras Pléascán / Príosún & Cóiríocht Dhaingnithe / Áitreabh Ilchónaithe** (m.sh. Ospidéal, Teach Altranais, Óstán, Brú) / **Foirgneamh Ardstórais / Carrchlós Faoi Thalamh / Carrchlós Ilstórach / Foirgneamh Tionóil Phoiblí** (m.sh. Ionad Siopadóireachta) / **Foirgneamh Folamh / Foirgneamh Painéal Srathaithe / Íoslaigh**<br>• Gan Duine ar bith Tuairiscithe<br>• Daoine Tuairiscithe | 1 A1 + 1 A–<br>2 A1 + 1 A– or 2 A1 + 1 E1<br>Nóta: Bíonn Freastal Réamhchinnte sonrach ag Láithreáin Ardghuaise de ghnáth | Príomhúil<br>Príomhúil |

| Cineál Eachtra | Freastal Réamhchinntithe | Catagóir |
|---|---|---|
| **Duine a Tharrtháil ó Áit Ard** | Beartas an ÚÁ / Cás a thabhairt le fios don ODSD | Príomhúil (má fhreastalaíonn Seirbhísí Dóiteáin air) |
| **Duine a Tharrtháil ó Líne Ard** | Beartas an ÚÁ (le déanamh amach mar chuid de Mheasúnacht ar Riachtanais le hÚdaráis Dóiteáin sa chomharsanacht) / Cás a thabhairt le fios don ODSD | Príomhúil (má fhreastalaíonn Seirbhísí Dóiteáin air) |
| **Duine a Tharrtháil ó Shliabh** | Gardaí & Garda Cósta a Chur ar an Eolas | N/B |
| **Duine ar Iarraidh** | Gardaí a Chur ar an Eolas | N/B |
| **Duine Faoi Ghlas Laistigh d'Fhoirgneamh**<br>• Gan Beatha Duine ar bith i mBaol<br>• Beatha Duine i mBaol | <br>Comhairliú Dul i dTeagmháil le Glasaire nó na Gardaí<br>1 A– | <br>N/B<br>Príomhúil |
| **Duine Faoi Ghlas Laistigh d'Fhoirgneamh**<br>• Gan Beatha Duine ar bith i mBaol<br>• Beatha Duine i mBaol | <br>Comhairliú Dul i dTeagmháil le Glasaire nó na Gardaí<br>1 A– | <br>N/B<br>Príomhúil |
| **Eachtra ar an Iarnród Éadrom / Tram**<br>• Gan Duine ar bith Gortaithe<br>• Daoine Gortaithe | <br>1A<br>1 A1 + 1 A– or 1 A1 + 1 B | <br>Tánaisteach<br>Príomhúil |
| **Eachtra ar bord Báid seachas Dóiteán, le Daoine Tuairiscithe**<br>• Agus gan í a bheith feistithe ag calafort srl.<br>• Agus í feistithe ag calafort srl. | <br>Comhairliú don Gharda Cósta<br>1A1 | <br>N/B<br>Príomhúil |
| **Eachtra ar Phríomhlíne Iarnróid**<br>• Gan Duine ar bith Gortaithe nó Substaint Chontúirteach ann<br>• Daoine Gortaithe nó Substaint Chontúirteach ann | <br>1A1<br>1 A1 + 1 A– or 1 A1 + 1 B | <br>Tánaisteach (má fhreastalaíonn Seirbhísí Dóiteáin air)<br>Príomhúil |
| **Eachtra Leictreach**<br>• Sreanga Tite<br>• Leictreamharú | <br>1 A–<br>1 A– | <br>Príomhúil<br>Príomhúil |

| Cineál Eachtra | Freastal Réamhchinntithe | Category |
|---|---|---|
| **Eachtra maidir le hÁbhar Guaise, lena n-áirítear Aicéitiléin**<br>• Gan Duine ar bith Tuairiscithe<br>• Daoine Tuairiscithe | 1 A1 + 1 A- or 1 A1 + 1 B<br>2 A1 + 1 A- or 2 A1 + 1 B<br>Nóta: Más gá Éadaí Cosanta ar Cheimiceáin a chaitheamh, b'fhéidir nach mbeidh siad seo ar fáil ar na chéad fhearais/stáisiúin a fhreastalóidh ar an gcás | Tánaisteach<br>Príomhúil |
| **Éigeandálaí Leighis (seachas Seirbhísí Dóiteáin Bhaile Átha Cliath)** | An tSeirbhís Otharcharr a Chur ar an Eolas | N/B |
| **Foirgneamh Tite go Talamh**<br>• Gan Daoine ar bith Tuairiscithe<br>• Daoine Tuairiscithe | Beartas an Údaráis Áitiúil / Cás a thabhairt le fios don ODSD mura bhfuil aon bheartas ag an ÚÁ<br>1 A1 + 1 A– nó 1 A1 + 1 B1 | Tánaisteach (má fhreastalaíonn Seirbhísí Dóiteáin air)<br>Príomhúil |
| **Gás (lena n-áirítear sorcóirí agus Bulcthancaeir)**<br>• Boladh<br>• Sceitheadh | 1 A–<br>1 A1 + 1 A– or 1 A1 + 1 B | Tánaisteach<br>Príomhúil |
| **Guais ar Bhóthar** (m.sh. Crann tite, Smionagar, Ola nó substaint eile ar an mBóthar, Tuilte) | Beartas an ÚÁ / Cás a thabhairt le fios don ODSD mura bhfuil aon bheartas ag an ÚÁ | Tánaisteach (má fhreastalaíonn Seirbhísí Dóiteáin air) |
| **Guais Radaíochta** | 1 A1 + 1 A– or 1 A1 + 1 B | Príomhúil |
| **Iarraidh ar Uisce a Sholáthar** | Beartas an ÚÁ / Cás a thabhairt le fios don ODSD mura bhfuil aon bheartas ag an ÚÁ | Treasach |
| **Iarrann Gardaí ar Sheirbhís Dóiteáin freastal** (fiú má bhaineann Freastal Réamhchinnte 0 leis an gcineál eachtra) | 1 A– (is féidir le Ceannasaí na dTeagmhas cur leis ag brath ar an gcineál iarrata) | Ag Brath ar an Eachtra |
| **Ilchineálach** (Cineál Eachtra seachas iad siúd atá liostaithe) | Cás a thabhairt le fios don RSF | Ag Brath ar an Eachtra |
| **Imbhualadh Feithiclí ar Bhóithre Daoine Tuairiscithe**<br>• Mótarbhealach Aonlána<br>• Mótarbhealach Débhealaigh nó<br>• Mótarbhealach | 1 A1 + 1 A– or 1 A1 + 1 B1<br>1 A1 + 1 A– + 1 VMS or<br>1 A1 + 1 B + 1 VMS | Príomhúil<br>Príomhúil |
| **Imbhualadh Feithiclí ar Bhóithre Gan Duine ar bith Tuairiscithe** | Beartas an ÚÁ / Cás a thabhairt le fios don ODSD mura bhfuil aon bheartas ag an ÚÁ | Tánaisteach (má fhreastalaíonn Seirbhísí Dóiteáin air) |
| **Oighear & Talamh Neamhsheasmhach (Tarrtháil)** | 1 A– | Príomhúil |
| **Pléascadh** | 1 A1 + 1 A– or 1 A1 + 1 B | Príomhúil |

| Cineál Eachtra | Freastal Réamhchinntithe | Category |
|---|---|---|
| **Pléascáin / Goiris nó Sorcóirí Amhrasacha – iarraidh a bheith i láthair 'ar aire' i gcás dóiteáin** | Gardaí a Chur ar an Eolas | N/B |
| **Rothar faoi Ghlas** | Comhairliú dóibh dul i dteagmháil le Glasaire | N/B |
| **Rabhadh faoi Bhuama** | Gardaí a Chur ar an Eolas | N/B |
| **Séarach / Clais Imthite**<br>• Gan Duine ar bith Tuairiscithe<br>• Daoine Tuairiscithe | <br>0<br>1 A1 + 1 A– or 1 A1 + 1 B | <br>N/B<br>Príomhúil |
| **Tuairisc faoi Fhoirgneamh Contúirteach** | Beartas an ÚÁ / Cás a thabhairt le fios don ODSD mura bhfuil aon bheartas ag an ÚÁ | Príomhúil (má fhreastalaíonn Seirbhísí Dóiteáin air) |
| **Truailliú agus Comhshaol** | Cás a thabhairt le fios don ODSD | Ag Brath ar an Eachtra |
| **Tuilte**<br>Gan Beatha Duine ar bith i mBaol<br><br>Beatha Duine i mBaol | <br>Beartas an ÚÁ / Cás a thabhairt le fios don ODSD mura bhfuil aon bheartas ag an ÚÁ<br><br>1 A– | <br>Tánaisteach (má fhreastalaíonn Seirbhísí Dóiteáin air)<br>Príomhúil |
| **Tarrtháil Ghinearálta**<br>Daoine Tuairiscithe | <br>1 A1 | <br>Príomhúil |
| **Tarrtháil ó Abhainn & ó Uisce Eile** | Beartas an ÚÁ / Cás a thabhairt le fios don ODSD mura bhfuil aon bheartas ag an ÚÁ | Tánaisteach (má fhreastalaíonn Seirbhísí Dóiteáin air) |

## Notes:

1. Maidir leis na Freastail Réamhchinnte ar fad atá liostaithe thuas, baineann na gnáthleibhéil fhreastail leo agus féadfar cur leo trí shocruithe áitiúla / trí chinntí ó cheannasaithe teagmhas i bhfianaise faisnéise a bhíonn ar fáil

2. Le haghaidh aon Chineáil Eachtra ina gcuirtear an tOifigeach Sinsearach Dóiteáin ar Dualgas ar an eolas agus ar an n-iarrtar orthu cinneadh a dhéanamh maidir le fearas a sheoladh amach, is é 1A– an Freastal Réamhchinnte a bheadh i gceist de ghnáth – ach amháin sa chás go n-iarrann an ODSD Freastal Réamhchinnte eile.

## 3.0 Criúnna a Chur le Fearais

Ba chóir go mbeadh criú cúigir ann mar ghnáthphearsanra ar gach fearas Alpha 1 a sheoltar amach chuig eachtra agus Ceannasaí ainmnithe na dTeagmhas san áireamh.

Ba chóir go mbeadh criú ceathrair ann mar ghnáthphearsanra ar gach fearas eile Alpha a sheoltar amach ina dhiaidh ó stáisiún a bhfuil níos mó ná caidéal amháin acu, agus Ceannasaí ainmnithe na dTeagmhas san áireamh.

I gcás fearais a bheith á seoladh amach chuig eachtra a rangaíodh mar cheann i gcatagóir príomhúil nó tánaisteach (.i. gach eachtra eile seachas eachtraí treasacha) de réir an Ghnáthfhreastail Réamhchinnte sna táblaí thuas agus i gcás nach mbíonn an gnáthsholáthar criú ar a ndearnadh cur síos thuas, ba chóir an chéad acmhainn eile ar an bhFreastal Réamhchinnte a sheoladh amach freisin.

Ba chóir go mbeadh criú beirte ann mar ghnáthphearsanra ag obair ar gach fearas speisialta agus fearas tacaíochta (seachas 4 WDanna) a sheoltar amach chuig eachtra.

# AGUISÍN B

## CAIGHDEÁN AGUS SONRAÍOCHTAÍ NÁISIÚNTA

### 1. Réamhrá

Rud atá ina chuid de shainordú na Stiúrthóireachta Náisiúnta um Dóiteáin agus Bainistíocht Éigeandála is ea leibhéal cuí comhsheasmhachais a bhaint amach trasna gach gné den soláthar seirbhíse ó sheirbhísi dóiteáin aonair. Ceann de na meicníochtaí buntábhachtacha chun an cuspóir seo a bhaint amach is ea go socróidh an Stiúthóireacht Náisiúnta caighdeáin / sonraíochtaí agus treoir náisiúnta de réir mar is cuí le raon ábhar a chlúdach.

Leis an Aguisín seo, leagtar amach liosta de chaighdeáin, shonraíochtaí agus cháipéisí treorach reatha arna n-eisiúint ag an Stiúrthóireacht Náisiúnta agus atá á n-úsáid ag seirbhísí dóiteáin in Éirinn faoi láthair.

Déanfar an liosta seo a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta agus a scaipeadh chuig gach údarás dóiteáin agus cuirfear ar Shuíomh Idirlín na Roinne é freisin.

### 2. Caighdeáin ó thaobh na Sábháilteachta ó Dhóiteán agus Treoircháipéisí

#### 2.1 Foirngimh Nua a Dhearadh

- Treoircháipéis Theicniúil B (2006)

#### 2.2 An tSábháilteacht i bhFoirgnimh atá Tógtha Cheana Féin

- An tSábháilteacht ó Dhóiteán i dTithe Altranais
- An tSábháilteacht ó Dhóiteán i Réamhscoileanna (1999)
- An tSábháilteacht ó Dhóiteán i Lóistín d'Aíonna
- An tSábháilteacht ó Dhóiteán i mBrúnna
- Cód Cleachtais chun an tSábháilteacht ó Dhóiteán a Bhainistiú in Áiteanna Tionóil Phoiblí (1991)
- Cód Cleachtais maidir le Sábháilteacht ag Ceolchoirmeacha Faoi Dhíon

### 3. Sonraíochtaí maidir le Fearais agus Trealamh Dóiteáin

#### 3.1 Caighdeáin maidir le Fearais Dóiteáin

- Caighdeáin Idirnáisiúnta, EN 1846
- "Sonraíocht Choiteann na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil d'Fhearais Dóiteáin" (2011)

## 4. Caighdeáin maidir le hÉadaí agus Trealamh Cosanta Pearsanta

### Feisteas Dóiteáin

- BS EN 469:2005 – Éadaí Cosanta do Chomhraiceoirí Dóiteáin.

### Éadaí So-Fheicthe

- BS EN 471:2003 – Éadaí Rabhaidh So-Fheicthe don úsáid ghairmiúil.

### Cosaint don Cheann

- BS EN 443:1997

### Clogaid do Chomhraiceoirí Dóiteáin

- BS EN 14458:2004

### Trealamh pearsanta do shúile. Sciatha agus scáthláin éadain le húsáid le comhraiceoirí dóiteáin agus clogaid sábháilteachta ardfheidhmíochta d'úsáid tionscail a úsáideann comhraiceoirí dóiteáin, lucht otharcharrana agus na seirbhísí éigeandála

- BS EN 397:1995 – Sonraíochtaí do Chlogaid sábháilteachta tionscail.
- BS EN 149:2001 nó a chómhaith – Trealamh Cosanta Riospráide, análaitheoir cosanta ar dheannach / cheochán Cineál FFP2 nó FFP3 c/w comhla.

### Coisbheart

- BS EN 345-2:1997 – Coisbheart sábháilteachta don úsáid ghairmiúil. Sonraíochtaí breise (BS EN 15090:2006 le dul ina n-ionad – coisbheart sábháilteachta do chomhraiceoirí dóiteáin).

### Éadaí Cosanta ar Cheimiceáin

- BS EN 943 (cultacha cosanta ar cheimiceáin)
- BS EN 146 (scáthláin)
- BS EN 464 (tástáil)
- BS EN 8467:2006 (Éadaí CCBRN)

### Éadaí Cosanta le húsáid le Sábhanna Slabhracha

- BS EN  397 (clogad sábháilteachta le húsáid ar leibhéal na talún)
- BS EN 12497 (clogad sábháilteachta le húsáid agus crainn á ndreapadh)
- BS EN 352-1 (cosaint do na cluasa)
- BS EN 1731 (scáthlán mogaill)
- BS EN 166 (spéaclaí sábháilteachta)
- BS EN 381-7 (lámhainní)
- BS EN 381-5 (cosaint do na cosa agus don bhléin)
- BS EN  ISO 20345:2004 (buataisí le húsáid le sábhanna slabhra) BS EN 381-3 freisin
- BS EN 381-9 (loirgneáin)

## 5. Treoir Oibriúcháin

- Lámhleabhar do Chomhraiceoirí Dóiteáin – Comhairle na Seirbhísí Dóiteáin (2001)
- Lámhleabhar d'Oifigigh Shóisearacha – Comhairle na Seirbhísí Dóiteáin (2001)
- Lámhleabhar d'Oifigigh Shinsearacha – Comhairle na Seirbhísí Dóiteáin (2001)
- An Córas Ceannasaíochta Náisiúnta Teagmhas – Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (RCPRÁ) (2007)
- Teimpléad an Ráitis Sábháilteachta Choimhdigh de chuid na Seirbhíse Dóiteáin – RCPRÁ (2007)
- Úsáid Ghoireas Anála sa tSeirbhís Dóiteáin – RCPRÁ (2007)
- Lámhleabhar maidir le Tionóiscí Tráchta ar Bhóithre (2009)
- Treoir maidir le hOiliúint a Sholáthar agus a Mheasúnú maidir le Goiris Anála (2010)
- Treoir maidir le hOiliúint um Iompar sa Chábán Dóiteáin (2010)
- Treoir maidir le hÉigeandáil Tráchta a Bhainistiú ag an tSeirbhís Dóiteáin ag Eachtraí ar Bhóithre (2011)
- Treoir Oibriúcháin Chaighdeánach (2010 – 2012)

## Treoir Oibriúcháin Chaighdeánach

- 1.02 Ag Freagairt d'Eachtra – Fearas is Criú á Seoladh Amach
- 1.02 Ag Dul chuig Eachtra
- 1.03 Ag teacht ar an láthair oibre agus ag dul chuige
- 1.04 Feithiclí Seirbhíse Éigeandála a Thiomáint
- 2.01 Ag Tarrtháil ó Oighear / Talamh Neamhsheasmhach
- 2.02 Ag Tarrtháil ó ardaitheoirí agus ó staighrí beo
- 2.08 Ag Tarrtháil ó Thuilte agus a bheith i láthair lena linn
- 2.10 Ag Tarrtháil ó Uisce (gan tarrtháil as "bánuisce" san áireamh)
- 3.01 Ag Comhrac Dóiteán i bhfoirgnimh
- 3.02 Ag Comhrac Dóiteán i bhfoirgnimh ardstórais
- 3.03 Ag Comhrac Dóiteán i simléir
- 3.04 Ag Comhrac Dóiteán i limistéir thuaithe
- 3.05 Ag Comhrac Dóiteán i bhfeirmeanna
- 3.06 Ag Comhrac Dóiteán i smionagar
- 3.07 Ag Comhrac Dóiteán in áiteanna tionóil phoiblí
- 3.08 Ag Comhrac Dóiteán i bpríosúin / i gcóiríocht dhaingnithe
- 3.09 Ag Comhrac Dóiteán i gcarrchlóis faoi thalamh
- 3.10 Ag Comhrac Dóiteán i gcarrchlóis ilstóracha
- 3.11 Ag Comhrac Dóiteán i gcarranna
- 3.12 Ag Comhrac Dóiteán i mbusanna / leoraithe
- 3.13 Ag Comhrac Dóiteán i i bhFoirgnimh Fholmha
- 3.14 Ag Comhrac Dóiteán i bhfoirgnimh le painéil shrathacha
- 3.15 Ag Comhrac Dóiteán in Íoslaigh
- 4.01 Tionóiscí Tráchta ar Bhóithre
- 4.02 Eachtraí eile ar bhóithre seachas Tionóiscí Tráchta ar Bhóithre
- 4.03 Eachtraí Iarnróid
- 4.05 Eachtraí ar bord Bád
- 5.01 Eachtraí Leictreachais

- 5.02 Eachtraí Aicéitiléine – (féach ar 7.02 freisin)
- 5.06 Corraíl Shibhialta ag eachtraí
- 5.08 Trasplanc / Siorradh Siar / Adhaint Gháis Dóiteáin
- 5.10 Eachtraí maidir le Gás Nádúrtha – (féach ar 7.02 freisin)
- 5.11 Eachtraí maidir le hAispeist – (féach ar 7.09 freisin)
- 5.12 Eachtraí i dTolláin agus Struchtúir Faoi Thalamh
- 5.15 Eachtraí a bhaineann le Sorcóirí & Bulcthancaeir LPG – (féach ar 7.02 freisin)
- 5.16 Ag Obair Cois Uisce nó gar d'Uisce
- 6.04 Eachtraí maidir le Truailliú / leis an gComhshaol (féach ar 7.09 freisin)
- 7.00 Eachtraí Hazmat
- 7.01 Eachtraí a bhaineann le Pléascáin
- 7.02 Eachtraí a bhaineann le Gás
- 7.03 Eachtraí a bhaineann le Leachtanna Inadhainte
- 7.04 Eachtraí a bhaineann le Solaid Inadhainte
- 7.05 Eachtraí a bhaineann le Substaintí Ocsaídiúcháin & Sárocsaídí Orgánacha
- 7.06 Substaintí Tocsaineacha agus Tógálacha
- 7.07 Eachtraí a bhaineann le Radaíocht Ianaíoch
- 7.08 Eachtraí a bhaineann le Substaintí Creimneacha
- 7.09 Hazmats Ilghnéitheacha

**Iomlán 47**

# AGUISÍN C

## Treoir maidir le Rioscaí Limistéir a Chatagóiriú

### Limistéar Riosca a Chatagóiriú

Éilíonn cáipéis 'Pobail a Choinneáil Sábháilte' ar gach seirbhís dóiteáin tabhairt faoi phróiseas tosaigh chun rioscaí a chatagóiriú dá limistéar feidhme agus tuairisc ghoirid a ullmhú faoin bpróiseas agus na torthaí faoi dheireadh Ráithe 2, 2013. Breathnaítear air seo mar an chéad chéim sa phróiseas le caighdeáin a shocrú do na seirbhísí dóiteáin agus fágfaidh sé go sannfar Grádú Catagóra Rioscaí do thalamh gach stáisiúin. Cuimsítear cúig ghrád le catagóirí na rioscaí dóiteáin, ó rioscaí an-ard, arda, meánleibhéil, ísle agus an-íseal.

Ba chóir breith a dhéanamh faoin gCatagóir Riosca a shannfar do thalamh stáisiúin dóiteáin agus na critéir seo a leanas ar aigne:

- Daonra an phríomhlimistéir uirbigh
- Dlús an daonra (in aghaidh Km2) timpeall ar an bpríomhlimistéar uirbeach
- Daonra Iomlán Thalamh an Stáisiúin
- Leibhéal an Éilimh Bhliantúil ar Sheirbhís (Bunaithe ar Líon na nEachtraí a tharlaíonn i limistéar an stáisiúin arna ríomh mar mheánfigiúr in imeacht trí bliana)
- Líon na nÁitreabh ar thalamh an stáisiúin & Ráta Bliantúil na nDóiteán in Áitribh Chónaithe
- Rátaí na ndóiteán i bhfoirgnimh eile
- % na n-eachtraí treasacha
- Gníomhaíocht maidir le Tionóiscí Tráchta ar Bhóithre / (gan glanadh suas san áireamh) & Rátaí Seirbhísí Speisialta
- Fairsinge na nGuaiseacha Speisialta Aonair (m.sh. Eachtraí i bhFoirgnimh Institiúideacha, Oideachasúla, Tionsclaíocha, Miondíola ar Scála Mór / Tráchtála, SEVESO, ÁTP srl.)

Leagtar amach an cur chuige i leith a bheith ag tabhairt faoin bPróiseas le Rioscaí Limistéir a Chatagóiriú thíos faoi seo. Baintear úsáid as formáidí na dtáblaí mar a thaispeántar thíos agus bítear ag brath ar shonraí ón daonáireamh, ar eolas aitiúil a úsáid chomh maith le saineolas oibriúcháin. Soláthróidh Tuairiscí maidir le Cur Chuige Riosca-Bhunaithe, an Mheasúnacht ar Bhainistíocht Rioscaí Éigeandálaí Móra agus tuairiscí as foinsí eile a bhíonn ar fáil go héasca laistigh den chóras rialtais áitiúil (m.sh. eolas maidir le criosú talún chun críocha pleanála) pictiúr leordhóthaineach chun catagóiriú rioscaí a dhéanamh amach, le rioscaí gaolmhara i limistéir a ainmnítear laistigh de thalamh gach stáisiúin dóiteáin. Is é de réir an riosca is mó atá i gceist laistigh de limistéar is cóir catagóiriú na rioscaí a bhaineann leis a shainmhíniú. I gcás go mbeadh roinnt foirgneamh tráchtála nó tionscail i limistéir ar

rioscaí a bhaineann le háitribh chónaithe is mó a bhíonn i gceist, ní athrófaí catagóiriú na rioscaí ón cheann a bhainfeadh le rioscaí áitreabh cónaithe.

Agus córas chatagóiriú na rioscaí á bhfeidhmiú, cé go samhlaítear i bhformhór na gcásanna, go mbeidh limistéar stáisiúin dóiteáin in aon chatagóir amháin, tiocfaidh cásanna chun cinn ina bhféadfaí a thabhairt le fios go mbeidh roinnt catagóirí rioscaí, arna leagan amach i dTábla 7.2, i gceist i limistéir. Féadfaidh cásanna dá leithéid teacht chun cinn i gcás gur cosúil go gcuirtear limistéar in dhá chatagóir atá gar dá chéile, mar gheall ar fhaisnéis faoin áit. Ba chóir breathnú ar na catagóirithe mar tháscairí seachas mar chinntí absalóideacha iontu fein, agus tá sé gceist go mbeadh an cur chuige seo mar chúnamh dóibh siúd a bhainistíonn an tseirbhís agus breith á déanamh acu.

I roinnt cásanna (m.sh. tailte forleithne a bheith ag stáisiún nó tailte ina bhfuil an-chuid éagsúlachta), b’fhéidir gur cuí talamh an stáisiúin a fho-roinnt agus roinnt fo-limistéar a bheith ann ina mbeidh ainmniúcháin dhifriúla laistigh den chatagóir céanna nó fiú ina mbeadh catagóirí difriúla. Féadfar an Catagóiriú tosaigh a rinneadh i leith an Riosca a mhionathrú chun feabhais de réir mar a bhíonn tuilleadh faisnéise ar fáil le himeacht ama. Freisin, i limistéir uirbeacha mar a bhfuil an-dlús daonra mar ar cosúil catagóirithe difriúla a bheith laistigh de thalamh stáisiúin, b’fhéidir gur gá cuimhneamh ar ghreillí nó ar limistéir thíreolaíochta agus breathnú ar an scála, ar dhlús, ar airde agus ar thréithe eile na bhfoirgneamh is mó a bhíonn le feiceáil sa limistéar sin sula ndéanfar cinneadh faoi chatagóiriú riosca nó cén t-ainmniúchán a thabharfar ar rioscaí limistéir. Ní fheictear gur gá ná cuí bhreithmheas a thabhairt ar limistéar, ina bhfoirgneamh agus ina bhfoirgneamh, chun rioscaí limistéir a chatagóiriú.

Ar cheann eile an scála, féadfar aimhrialtachtaí a bheith ag tarlú i gcas go mbíonn líon na n eachtraí i gcatagóir áirithe an-bheag, agus ní mór a bheith cúramach agus rátaí dóiteáin á ríomh. Beidh sé éasca aimhrialtachtaí dá leitheid a aithint i gcoitinne agus ba chóir gan aird a thabhairt orthu.

## TÁBLA UM CHATAGÓIRIÚ RIOSCAÍ

| Catagóir an Riosca | Daonra | | | Éileamh / Riachtanas | | Rátaí Eachtraí | | | Guaiseanna Aon-air / Speisialta | Aimniúchán Rioscaí an Limistéir |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Daonra phríomh-ionaid uirbigh | Dlús an daonra faoin tuath (daoine/km2) | Daonra Iomlán i Limistéar an Stáisiún | Líon na nÁitreabh i Limistéar an Stáisiúin | Leibhéal Bliantúil Eachtraí i Limistéar an Stáisiúin | Rátaí Dóiteán in Áitribh Chónaithe / 100 k daoine | Rátaí Foirgneamh Eile/ 100 k daoine | Ráta TTB/ SS / 100k daoine | Bonneagair, Institiúideach, Áineasa, ÁTP, Oideachasúil, Tionsclaíoch, SEVESO, Siopadóireachta/ Tráchtála | |
| **An-Ard** | >100k | >200 | >150 | > 50k | > 2500 | >250 | >100 | >250 | Iolraigh dá bhfuil thuas ar an scála is mó | A1 |
| | 70 100 | >200 | 90 - 150k | 30 - 50k | 1200 - 2500 | 200 - 250 | 70 -100 | 200 - 250 | Roinnt dá bhfuil thuas | A2 |
| **Ard** | 35 - 75k | >200 | 70 -100k | 20 - 40k | 700 - 1500 | 150 - 200 | 50 - 70 | 170 - 200 | Líon beag de gach ceann dá bhfuil thuas, ar scála teoranta | B1 |
| | 30 -40k | | 40 - 80k | 15 - 30k | 500 - 800 | 120 - 150 | 30 -50 | 140 - 170 | Roinnt dá bhfuil thuas ar scála teoranta | B2 |
| **Meán-leibhéal** | 10 -30k | | 25 -40k | 10 -15k | 250-700 | 100-120 | 20-30 | 120-140 | Roinnt de gach ceann dá bhfuil thuas, ar mheán-scála | C1 |
| | 5-12k | 50-250 | 20-30k | 7-12k | 120-300 | 80-100 | 15-25 | 110-130 | Líon beag dá bh-fuil thuas, ar scála teoranta | C2 |
| **Íseal** | 3-5k | 30-100 | 10-25k | 3-10k | 100-130 | 70-90 | 10-20 | 100-120 | Roinnt áitreabh ar scála beag sna gcatagóirí thuas | D1 |
| | 1.5-3k | 20-50 | 6-12.5k | 2-5k | 50-120 | 60-80 | 5-15 | 80-100 | Líon beag áitreabh ar scála beag i gcatagóirí thuas | D2 |
| **An-Íseal** | <2k | <20 | <7.5 | <4k | <70 | 50-70 | N/A | <80 | Líon an-bheag d'áitribh seachas áitribh chónaithe | E1 |
| | <1k | <20 | <5k | <2k | <50 | <50 | N/A | <80 | Áitribh Iargúlta Tuaithe | E2 |

Agus ainmniúcháin á dtabhairt do limistéir, ba chóir fairsinge/ stair/ tionchar na hoibre a rinneadh roimhe chun dóiteáin a chosc a thabhairt san áireamh – idir shábháilteacht an phobail ó dhóiteán d'áitribh chónaithe agus obair reachtúil chun dóiteáin a chosc chomh maith (Deimhnithe Sábháilteachta ó Dhóiteán agus forfheidhmiúchán). Ba chóir breathnú ar Innéacsanna na Limistéar faoi Easnamh freisin, toisc gur dócha gur modhnódh a leithéid na rioscaí maidir le dóiteáin in áitribh chónaithe.

Táthar ag súil leis go mbeidh lucht gach stáisiúin ar an eolas go maith faoi na foirgnimh atá i gcolún na nGuaiseacha Indibhidiúla / Sonracha ina limistéar. Faoi mar a nótáladh thuas, ba chóir stair / tionchar na hoibre le dóiteáin a chosc a bhreithniú agus measúnú á dhéanamh ar an ngrádú atá le sannadh faoin gcolún seo. Déantar grinnrialáil ar láithreáin amhail láithreáin *SEVESO* agus is dócha go mbeidh obair nach beag maidir le rioscaí a mhaolú déanta (lena n-áirítear cleachtaí lena dtugtar na príomhghníomhaireachtraí freagartha isteach). D'fhéadfadh sé tarlú nach mbeidh foirgnimh nó láithreáin, ar údar spéise ar leith iad mar gheall ar a scála agus a dtábhachta do phobal nó réigiún, ina n-áiteanna a mbaineann ardriosca leo mar sin, agus ní gá go n-ardófaí limistéar go limistéar ardriosca nó riosca an-ard díreach mar gheall ar áiseanna dá leithéid a bheith i limistéar.

Tugtar teimpléad maidir leis an bpróiseas um chatagóiriú rioscaí a fheidhmiú thíos, in éineacht le roinnt léaráidí oibre faoin bpróiseas.

## TEIMPLÉAD CHUN CATAGÓIRIÚ RIOSCAÍ LIMISTÉIR 'POBAIL A CHOINNEÁIL SLÁN' A FHEIDHMIÚ

**ÚDARÁIS DÓITEÁIN:..................**

**STÁISIÚN DÓITEÁIN:......................**

| | Daonra an Bhaile | Dlús an Bhaile | Daonra Iomlán | Meán-fhigiúr eachtraí thar 3 bliana | Líon Áitreabh Cónaithe | Ráta Dóiteán in Áitribh Cónaithe | TTB-anna | Eachtraí in aghaidh gach 100 k duine | Ráta dóiteán treasach in aghaidh gach 100 k duine | Foirgnimh lena mBaineann Rioscaí Sonracha | Sábháil-teacht Reachtúil ó Dhóiteáin | SPD | Innéacs Díothachta |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Meán-fhigiúir Náisiúnta | | | | | | 99/ 100k | 120/ 100k | 1283/ 100k | 640/ 100k | | | | |
| Meán-fhigiúir na nÚdarás Dóiteáin | | | | | | | | | | | | | |
| Tréithe Limistéar an Stáisiúin | | | | | | | | | | | | | |
| Táscaire maidir le grádú an riosca | | | | | | | | | | | | | |

Fearais Reatha: Cineál Criú: Líon an Chriú:

Taca is cóngaraí 1 + ETA: Taca is cóngaraí 2 + ETA: Comhdhéanamh an Taca:

Tráchtnótaí:

Moladh

**TREOIR MAIDIR LE CATAGÓIRIÚ RIOSCAÍ LIMISTÉIR**
**'POBAIL A CHOINNEÁIL SLÁN' A FHEIDHMIÚ**

**ÚDARÁIS DÓITEÁIN:.........XX.........**
**STÁISIÚN DÓITEÁIN:........XX1..........**

| | Daonra an Bhaile | Dlús an Bhaile | Daonra Iomlán | Meán-fhigiúr eachtraí thar 3 bliana | Líon Áitreabh Cónaithe | Ráta Dóiteán in Áitribh Cónaithe | TTB-anna | Eachtraí in aghaidh gach 100 k duine | Ráta dóiteán treasach in aghaidh gach 100 k duine | Foirgnimh lena mBainean Rioscaí Sonracha | Sábháil-teacht Reachtúil ó Dhóiteáin | SPD | Innéacs Díothachta |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Meán-fhigiúir Náisiúnta | | | | | | 99/ 100k | 120/ 100k | 1283/ 100k | 640/ 100k | | | | |
| Meán-fhigiúir na nÚdarás Dóiteáin | | | | | | | | | | | | | |
| Tréithe Limistéar an Stáisiúin | 31k | <200 pks | 40 | 370k | 15k | 10 thar 3 bliana | | | | Ospidéal, Tionscal, Turasóirí | Cuid mhaith | | Beagan os a chionn |
| Táscaire maidir le Grádú an Riosca | B2 | | C1 | C1 | C1 | | | | | C1 | | | |

Fearais Reatha: 2 d'Aicme B + Speisialta Cineál Criú: Ar Coinneáil Líon an Chriú: 14

Nearest Support1 + ETA: XX3 (10 miles @ 16 mins) Nearest Support 2 + ETA: XX7 (14 miles @ 19 mins)
Configuration of support: Diamond shape

Taca is cóngaraí 1 + ETA: XX3 (10 míle @ 16 nóim.) Taca is cóngaraí 2 + ETA: XX7 (14 míle @ 19 nóim.)
Comhdhéanamh an Taca: Cruth Diamaint

Tráchtnótaí: Tagann an limistéar seo le paraiméadair chatagóiriú C1 nó riosca meánleibhéil

Moladh: Is cuí an tseirbhís reatha don limistéar seo (ba chóir criú a mhéadú chuig 15 le daoine ar uainchlár)

# AGUISÍN D

## BACKGROUND/CÁIPÉISÍ CÚLRA / TAGARTHA


Scottish Government (2010) – *Scotland Together – A Study examining fire deaths and injuries in Scotland Edinburgh, Scottish Government*

UK Dept of Communities and Local Government (2009) *Review of Fire and Rescue Services Response Times London, HMSO*

DECLG (2012) ARUP – *TGD B Review – Draft Study – Residential Fire Detection and Alarm Assessment* Unpublished

Communities and Local Government (2009) *Review of Fire and Rescue Service response times* Community, Greenstreet Berman Ltd

West Yorkshire Fire & Rescue Authority, (2009-2012) *Integrated Risk Management Plan and Action Plan*

Science Direct – *Fire Safety Journal, 6th October 2005 Analysis of fatalities and injuries in building fire statistics*

Strathclyde Fire and Rescue (2010-2011) *Public Performance Report*

Fire Brigade Union, *Its about time – Why emergency response times matter to fire-fighters and the public*

*The Official Journal of the Fire Brigade Society, Fire Cover Issue No. 192*

Berl (Business and Economic Research Ltd) Economics, (November 2008) *Developing a Composite Performance measure for the New Zealand Fire Service.*

Office of Statistics and Analysis, (26 May 2005) *Risk Management of municipal fire and rescue services* – Martin Reland, Danish Emergency Management Agency

The Geneva Association – (October 2008) *World Fire Statistics International Association for the Study of Insurance Economics*

Greater Manchester Fire & Rescue Authority (22nd September 2005) *Rostering for Duty, GMF & RA – Collective Agreement with Fire Brigade Union*
*Greater Manchester Fire & Rescue Authority ( November 2010) Task Analysis and Optimum Crewing Levels*

*Audit Commission (2008) Chief Fire Officers Respond to Audit Commissioner's Rising to the Challenge – Community Safety*

International Journal of Public Sector Management (Vol 19 No. 2. 2006) *Measuring fire service performance: a comparative study, Emerald Group Publishing Ltd.*

*Fire Safety Journal (2006) Analysis of fatalities and injuries in building fire statistics, A.M.Hasofer*,I.Thomas*

Audit Commission (December 2008) *Rising to the Challenge, Improving fire services efficency*

International Journal of Public Service (Vol 19 No 2. 2006) *Measuring Fire Service Performance: a comparative study. Emerald Group Publishers Ltd*

*Rescue Services in Finland (2006) Photo Library. Salpausselan Kirjapaina*

*What does the Public Order and Safety Inspectorate Do? Inspectie Openbare Orde En Veiligheid*

Lancashire Combined Fire Authority (7th September 2009) *Fire and Rescue Performance Assessment 2008 – Fire Value for Money Profile Tool – Making Lancashire Safer. Audit Commission*

*Planning Rescue Services with Non-Stationary Rescue Units (11th April) 2008) Part of the Geographic Accessibility Studies Project (2 copies)*

*Optimal Fire Safety (1995) Cost – benefit ana1ysis and comparison of fire service costs in six countries – Swedish Rescue Services Agency Karlstad Risk Management Division*

Communities and Local Government (2011) *Fire and Rescue National Framework for England – Consultation, Crown copywright.*

Fire Brigade Union (2004) Integrated Risk Management Planning – *The National Document – Folium Group Ltd. Birmingham*

Communities and Local Government (2009) *Review of Fire and Rescue Service response times, Greenstreet Berman Ltd*

Communities and Local Government (2011) *Fire Futures Reports – Government Response – Crown Copywright*

*Fire Brigades Union (1996) Report and conclusions* – 14 Zephaniah Way Blaina Gwent – Brigade Accident Investigation Team

*CTIF – Centre of Fire Statistics (2012 No 17) World Fire Statistics*

*Galston Mine Incident (2008) – A Report to Scottish Ministers, Her Majesty's Fire Service Inspectorate*

*Draft Corporate Plan (2012 – 15)  Consultation Document, Greater Manchester Fire and Rescue Service*

*Audit Scotland (March 2012) The Audit of Best Value, Strathclyde Fire and Rescue*

*Our Fire and Rescue Service (2003)  Office of the Deputy Prime Minister, The Stationery Office  (TSO)*

*The Independent Review of the Fire Service (December 2002) Bell Design*

*Residential Fire Detection and Alarm Assessment (2012) Arup & Partners Ireland*

*Community Fire Safety Assessment (CFSA) (2010) Strathclyde Fire and Rescue Community Safety Partnership Unit*

*Board of Strathclyde Fire & Rescue (2009) North Lanarkshire Strategic Assessment*

*Strathclyde Fire & Rescue (2007 – 2010) Training & Operational Review Service Plan*

*Lansdowne Market Research (2006) Omnibus*

Fire & Emergency Planning Directorate (1998) *Out of the Line of Fire – Modernising the Standards of Fire Cover*, Joint Committee on the Audit Commission Report (JCACR)

Fire Brigade Union – (2004) *Integrated Risk Management Planning – The National Document – Folium Group Ltd, Birmingham*

*Strathclyde Fire & Rescue (2010–11) Corporate Performance Team*

London Fire Brigade (2008/2009)  *Performance of London Fire Brigade during 2008/2009*

# AGUISÍN E

## SAINMHÍNITHE, TÉARMEOLAÍOCHT AGUS GIORRÚCHÁIN

Tá sainmhínithe, téarmeolaíocht agus giorrúcháin san Aguisín seo a bhaineann go sonrach le saincheisteanna na seirbhíse dóiteáin in Éirinn. I gcoitinne, mínítear an téarmeolaíocht i bpríomhthéacs na cáipéise 'Pobail a Choinneáil Sábháilte' gar don áit mar a n-úsáidtear é. Soláthraítear Tábla Giorrúchán a úsáidtear thíos faoi seo. Baintear úsáid as na habairtíní seo a leanas sa cháipéis tríd síos:

**"Briogóid Dóiteáin"** baineann na ciallta leis a shanntar dó le hAlt 2 den Acht Seirbhísí Dóiteain, 1981 agus 2003 agus is é 'comhlacht eagraithe daoine agus iad oilte agus trealmhaithe chun dóiteáin i bhfoirgnimh agus in áiteanna eile a mhúchadh agus chun daoine agus maoin a tharrtháil ó dhóiteáin den sórt sin, agus folaíonn sé na feithiclí agus an trealamh a sholáthraítear don chomhlacht sin'. Glactar leis i gcoitinne go dtagraítear do shuíomhanna sonracha faoi mar atá amhlaidh i 'Briogáid Dóiteáin Phort Omna'.

**"Údarás dóiteáin"** ciallaíonn údarás áitiúil arna ainmniú le hAlt 9 den Acht Seirbhísí Dóiteáin 1981 agus 2003 le bheith ina údarás dóiteáin chun críocha an Achta. Tá 37 údarás áitiúil ainmnithe mar údaráis dóiteáin leis an reachtaíocht.

**"Seirbhísí Doiteáin"** ciallaíonn aonad eagrúcháin arna ainmniú mar cheann a sholáthraíonn seirbhísí dó agus thar ceann níos mó ná údarás dóiteáin amháin amhail 'Seirbhísí Dóiteáin na Gaillimhe' lena soláthraíonn Comhairle Contae na Gaillimhe seirbhísí dóiteáin thar a ceann fhéin agus do Chathair na Gaillimhe ar údarás dóiteáin atá ann freisin.

**"Seirbhís Dóiteáin ar Coinneáil"** ciallaíonn briogáid dóiteáin le criú foirne a fhreagraíonn do chomhartha rabhaidh, a thaistealaíonn chuig a stáisiún dóiteáin áitiúil agus a théann amach chuig eachtra. Fostaithe páirtaimseartha an údaráis dóiteáin is ea baill foirne a bhíonn "ar coinneáil".

**A1 –** Úsáidtear an giorrúchán seo sa cháipéis seo chun fearas dóiteáin Alpha 1 a thabhairt le fios. Is éard atá i bhfearas Alpha 1 Fearas Dóiteáin caighdeánach d'Aicme B a bhíonn suite i ngach Stáisiún Dóiteáin agus is é an chéad fhearas a sheoltar amach chuig gach eachtra é. Iompraíonn sé 1,800 lítear uisce de ghnáth, tá príomhchaidéal tógtha mar chuid de agus iompraíonn sé fardal caighdeánach trealaimh (a dtugtar mionsonraí faoi i gcáipéis ar leithligh) lena n-áirítear roinnt Osán, Dréimirí, Trealamh Goireas Anála, Trealamh Hiodrálach le hÁbhair a Ghearradh, Trealamh do Dhóiteáin i Simléir, Trealamh Chéadchabhrach agus roinnt goireas ilghnéitheach níos lú.

**A–** Úsáidtear an giorrúchan seo sa cháipéis seo chun fearas Alpha 1 nó Alpha 2 d'Aicme B a thabhairt le fios. Bíonn an cumas céanna ag fearas Alpha 2 is a bhíonn ag fearas Alpha 1 i gcoitinne ach b'fhéidir nach mbeidh an leibhéal céanna trealaimh aige is a bheadh ag fearas Alpha 1, go háirithe maidir le trealamh ó thaobh tionóiscí tráchta ar bhóithre.

**B1 –** Úsáidtear an giorrúchán seo chun fearas Bravo 1 (Tairiscint Éigeandála) a thabhairt le fios. Neamhchosúil leis an A1, ní iompraíonn siad aon uisce ar bord agus níl aon chumas pumpála aca. Bíonn trealamh hiodrálach agus tarrthála breise eile atá níos cumhachtaí, agus i gcoitinne, bíonn trealamh acu chun freagairt d'Eachtraí a bhaineann le hÁbhair Ghuaiseacha freisin.

**E1 –** Úsáidtear an giorrúchán seo chun fearas Echo (Fearas aeir) a thabhairt le fios. Bíonn na fearais seo suite go straitéiseach timpeall na tíre agus tá cumas aeir acu .i. is féidir iad a úsáid mar rogha malairte in áit gnáthdhréimirí chun daoine gortaithe a tharrtháil ó áit ard nó chun uisce a thumadh ar dhóiteán ó áit ard. Bíonn a gcuid caidéal féin ag roinnt fearas Echo, atá tógtha mar chuid díobh, agus bíonn soláthar uisce ar bord ag líon beag díobh, ach ní mór d'fhearas Alpha uisce a phumpáil isteach i bhformhór na bhfearas aeir. Bíonn an raon oibre agus an meáchán is féidir leo a ardú éagsúil ó aon fhearas aeir go chéile, áfach, ach is féidir leo oibriú idir 20m agus 30m.

**Catagóirí de Chineálacha Eachtraí –** Tá cuntas gairid ar chineál eachtra leis seo, m.sh. Aláram Dóiteáin Uathoibríoch. Tá gach cineál eachtra a bhféadfaí Seirbhísí Dóiteáin a sheoladh amach chucu curtha i gcatagóir agus leagtha amach i gCuid 2 den cháipéis seo.

**Socruithe maidir le Criú –** Tá cur síos anseo ar líon agus ar chineál an phearsanra laistigh de Stáisiún Dóiteáin áirithe agus ar na socruithe atá i bhfeidhm (m.sh. uainchlár) lena chinntiú go mbíonn gnáthchriú ar fáil le seoladh amach de réir na gcaighdeán atá leagtha amach in "Pobail a Choinneáil Sábháilte".

**Láthair Ardghuaise –** Láithreán, foirgneamh nó áis a meastar guais réasúnta ard a bheith ag baint leis, agus mar a bhféadfadh guais shuntasach a bheith i gceist do bheatha daoine nó do mhaoin i gcás go dtarlódh eachtra mór ansin. Déantar grinnrialáil ar láithreáin ardghuaise shonracha (amhail láithreáin SEVESO) agus is dócha go ndearnadh obair shuntasach ina leith le rioscaí a mhaolú ansin (lena n-áirítear cleachtaí a bhaineann leis na príomhghníomhaireachtraí freagartha). D'fhéadfadh sé tarlú nach mbeidh foirgnimh nó láithreáin, ar údar spéise ar leith iad mar gheall ar ghuaiseacha áirithe, ina n-áiteanna a mbaineann ardriosca leo mar sin, ach b'fhéidir gurbh fhiú Freastal Réamhchinnte a bheith acu a bhaineann leis an láithreán go sonrach (féach thíos).

**Eachtra –** ás ina gcuirtear glao ar na Seirbhísí Dóiteáin, chuig an tIonad Cumarsáide Réigiúnach de ghnáth tríd chóras 999/112 le fios a chur ar chúnamh. Ba chóir a thabhairt do d'aire nach gá go seolfar acmhainn de chuid na Seirbhíse Dóiteáin amach chuig eachtra de bharr glao ar chúnamh.

**Freastail Réamhchinnte** – baineann ciall ilghnéitheach leo seo, ach is gnách go dtuigtear gur treoracha atá i gceist leo a thugann Príomhoifigeach Dóiteáin don Ionad Cumarsáide Réigiúnach go bhfreagróidh seirbhís dóiteáin tosaigh do ghlao ar chúnamh. Áirítear leo:

- Freastáil Réamhchinnte a bhaineann le heachtraí go sonrach (m.sh. do Dhóiteáin in Áitribh Chónaithe, tionóiscí tráchta ar bhóithre srl.) lena socrófar líon agus cineálacha na bhfearas a bheidh le seoladh amach chuig an gcatagóir eachtra sin – is
- Freastail Réamhchinnte d'Áitribh lena mbaineann Riosca Sonrach (amhail Foirgnimh institiúideacha, Aerfoirt, Seveso / foirgnimh thionsclaíocha srl.) lena liostaítear líon agus sraitheog na bhfearas atá le seoladh amach chuig an bhfoirgneamh sonrach i dtosach báire.

Féadfaidh Ceannasaí na dTeagmhas gach Freastal Réamhchinnte a éagsúlú i bhfianaise faisnéise a bhíonn ar fáil / cúinsí.

**ODSD** – Oifigeach Dóiteáin Sinsearach Ar Dualgas ón tseirbhís dóiteáin atá ann a bhíonn ar fáil trí shocrú ina mbíonn sé nó sí ar fáil ar glao-dhualgas. Bíonn Oifigeach Dóiteáin Sinsearach amháin ar a laghad ar ghlao-dhualgas i ngach Seirbhís Dóiteáin ag aon am ar leith.

**VMS** – Variable Message Sign nó Comhartha Teachtaireachta Inathraithe – is comharthaí digiteacha LED iad ar féidir teachtaireachtaí a chlárú le bheith á dtaispeáint orthu, m.sh. TIMPISTE AMACH ROMHAT. Baintear úsáid astu i gcomhair eachtraí ar bhóithre de ghnáth chun rabhadh a thabhairt do lucht tiomáinte mótarfheithiclí faoi ghuaiseacha atá amach rompu. Bíonn na comharthaí seo suite ar dhíon feithiclí 4 Wheel Drive de ghnáth (déantar na comharthaí a fhilleadh anuas nuair nach mbítear á n-úsáid) nó bíonn siad suite ar chúl fearas níos mó amhail Tancaeir Uisce nó fearais Bravo.

Focail a úsáidtear i ndáil le rioscaí a bhainistiú:

- **"Guais"** is ea contúirt a thagann chun cinn i gcás ar leith (d'fhéadfadh eachtra nó ábhar guaiseach a bheith i gceist)

- **"Dóchúlacht"** is ea a dhóichí go dtarlóidh an eachtra guaiseach sin (bunaithe ar fhaisnéis staitistiúil de ghnáth)

- **"Iarmhairt"** is ea a dtarlaíonn de thoradh eachtra guaiseach a bheith tarlaithe

- **"Leochaileacht"** is ea an bhagairt a bhaineann leis an eachtra guaiseach do dhaoine aonair agus don phobal

- **"Riosca"** – sainmhínítear rioscaí mar tháirge guaise x a dhóichí go dtarlóidh sé

- **"Bainistíocht Rioscaí"** is ea próiseas córasach na gcúig céim a mbaintear leas as chun cásanna guaiseacha a shonrú, a mheasúnú, a mhaolú, chun pleanáil lena n

aghaidh, freagairt dóibh agus athbhreithniú a dhéanamh orthu. Aithnítear an cur chuige seo go hidirnáisiúnta agus is iomaí feidhm a bhaineann leis.

- **"Measúnacht ar Rioscaí"** is ea céim amháin den phróiseas bainistíochta rioscaí. Faoi Alt 19 den reachtaíocht um Shábháilteacht, Shláinte agus Leas ag an Obair, baineann ciall ar leith leis an abairtín seo, agus ceanglaítear ar fhostóirí measúnachtaí ar rioscaí a dhéanamh ar a gcuid gníomhaíochtaí oibre. Soláthraítear treoir maidir le gnéithe ábhartha den mheasúnacht riosca do sheirbhísí dóiteáin agus ceanglas seo na reachtaíochta a chomhlíonadh i Ráiteas Sábháilteachta Coimhdeach na Seirbhíse Dóiteáin (measúnachtaí aicmeacha ar rioscaí), sa Chóras Ceannasaíochta Náisiúnta Teagmhas (measúnachtaí dinimiciúla ar rioscaí) agus i dTreoir Oibriúcháin Chaighdeánach na Seirbhíse Dóiteáin (measúnachtaí ar rioscaí cásanna sonracha).
- **"Maitrís Rioscaí"** uirlis is ea é seo le faisnéis faoi phróiseas measúnachta rioscaí a chur i láthair, mar a léirítear i bhFigiúr 2.2 thíos, mar a mbíonn an-chuid éagsúlachta sa dóchúlacht – .i. gan aon dóchúlacht ar bith a bheith ann go dtarlóidh eachtra go dtí thar a bheith dócha go dtarlóidh, agus go mbíonn éagsúlacht sa tionchar (iarmhairt) idir mhioniarmhairtí agus iomhairtí olltubaisteacha.

## Giorrúcháin a Úsáidtear in Pobail a Choinneáil Sábháilte

| | | | |
|---|---|---|---|
| **ACT** | Aonad Ceannasaíochta Teagmhas | **ROP** | An Rannán Ordanáis Phléascaigh |
| **AGS** | An Garda Síochána | **SFGÉ** | Seirbhísí Freagartha na nGlaonna Éigeandála |
| **ÁTP** | Áiteanna Tionóil Phoiblí | **SNO** | An tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna |
| **BÉM** | Bainistíocht Éigeandálaí Móra | **SNDBÉ** | Stiúrthóireacht Náisiúnta um Dóiteáin agus Bainistíocht Éige-andála |
| **CCNT** | Córas Ceannasaíochta Náisiúnta Teagmhas | **SPD** | Sábháilteacht an Phobail ó Dhóiteán |
| **CCR** | Cur Chuige Riosca-Bhunaithe | **TETRA** | Terrestrial Trunked (Digital) Radio |
| **CSO** | Central Statistics Office | **TMRC** | Tionscadal um Móibliú Ríomhchuidithe |
| **FSS** | Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte | **TSP** | Tarrtháil Sléibhe & Pluaise |
| **FÉ** | Feithicil Éigeandála | **TTB** | Tionóisc Tráchta ar Bhóithre |
| **GCÉ** | Garda Cósta na hÉireann | **VMS** | Variable Message Sign nó Comhartha Teachtaireachta Inathraithe |
| **ODSD** | Oifigeach Dóiteáin Sinsearach ar Dualgas | **ÚÁ** | Údarás Áitiúil |
| **RCPRÁ** | Roinn Comhshaoil, Pobail agus Ri-altais Áitiúil | | |